Is é is cuspóir don athchóiriú táirgeadh, tarchur agus tomhaltas leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, sásraí institiúideacha agus dlíthiúla a fheabhsú, agus dreasachtaí infheistíochta a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do shaoránaigh. Go háirithe, is é is aidhm don athchóiriú sin an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) táirgeadh leictreachais ó RES a mhéadú go 7 TWh ar a laghad faoi 2030, lena n-áiritheofar go nginfidh RES 50 % den tomhaltas leictreachais náisiúnta iomlán; (ii) acmhainneachtaí táirgthe leictreachais áitiúla a mhéadú; (iii) forbairt na n-acmhainneachtaí is gá chun leictreachas a tháirgeadh ó RES a éascú trí thacú leis na teicneolaíochtaí is éifeachtúla ó thaobh an gheilleagair de; (iv) na táirgeoirí leictreachais a úsáideann foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú sa mhargadh de réir a chéile; (v) ualach íosta airgeadais ar thomhaltóirí leictreachais a áirithiú; (vi) neamh-idirdhealú in aghaidh táirgeoirí leictreachais allmhairithe a áirithiú agus ligean do Bhallstáit eile tairbhe a bhaint as an sásra tacaíochta a tugadh isteach leis an dréacht-Dlí maidir le Fuinneamh ó Fhoinsí In-athnuaite; (vii) a áirithiú go ndíchóimeálfar gléasraí cumhachta a stop a n-oibriú; (viii) a áirithiú nach dtáirgtear leictreachas ar phraghsanna diúltacha; (ix) dálaí iomchuí a chruthú do tháirgeoirí is tomhaltóirí agus do phobail RES.

Tá 3 fhobheart ag gabháil leis an athchóiriú sin: (1) obair ullmhúcháin chun páirceanna gaoithe amach ón gcósta agus bonneagar gaolmhar a fhorbairt (fobheart 1); (2) tacaíocht do thógáil gléasraí RES ar tír (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe) agus saoráidí stórála aonair (fobheart 2); (3) bonneagar stórála leictreachais eile a shuiteáil (fobheart 3).

B.1.1.1 Fobheart 1: Obair ullmhúcháin chun gléasraí cumhachta gaoithe amach ón gcósta agus bonneagar gaolmhar a fhorbairt

Is é is cuspóir don fhobheart seo oibreacha ullmhúcháin a dhéanamh chun gléasraí cumhachta gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt. Áireofar an méid seo a leanas san fhobheart: (i) luasanna gaoithe agus paraiméadair eile a thomhas; (ii) staidéir ar ghrinneall na farraige sa limistéar atá tiomnaithe d'fhorbairt gléasra cumhachta gaoithe amach ón gcósta agus don nasc leis na heangacha ar tír mór; (iii) seirbhísí comhairliúcháin le haghaidh páirceanna gaoithe amach ón gcósta agus a nasc leis na heangacha ar tír mór; (iv) staidéir ar chur chun feidhme an bhonneagair agus ar shainaithint nasc na ngléasraí cumhachta gaoithe amach ón gcósta le bealach eangaí ar tír mór agus áit na bhfostáisiún; (v) na doiciméid pleanála spásúla maidir le nasc gaoithe amach ón gcósta leis an eangach ar tír mór a ullmhú, a ghlacadh agus a chur chun feidhme; agus (vi) sonraíochtaí teicniúla a ullmhú chun nascadh leis an eangach ar tír mór.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

B.1.1.2 Fobheart 2: Tacaíocht chun saoráidí stórála aonair a thógáil

Is é is cuspóir don fhobheart seo tacaíocht a chur ar fáil do shuiteálacha stórála RES. Áireofar san fhobheart tacaíocht a sholáthraítear d'eintitis dhlítheanacha, d'fheirmeoirí agus do phobail fuinnimh in-athnuaite chun stóráil foinsí in-athnuaite fuinnimh a fháil agus a shuiteáil, agus tús áite á thabhairt do riachtanais féintomhaltais, feirme nó eacnamaíocha. Mar thoradh ar an infheistíocht, cruthófar saoráidí stórála leictreachais aonair breise de 15.2 MWh ar a laghad.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

B.1.1.3 Fobheart 3: Bonneagar stórála leictreachais eile a shuiteáil

Is é is cuspóir don fhobheart seo slándáil, cobhsaíocht agus ullmhacht chóras leictreachais na Liotuáine a áirithiú chun obair scoite a oibriú sula ndéanfar é a idirnascadh le heangacha leictreachais mhór-roinn na hEorpa. Is éard a bheidh san fhobheart tacaíocht chun ceithre shuiteáil stórála fuinnimh a shuiteáil, gach ceann de 50 MW lena soláthrófar táimhe shintéiseach mar fhreagairt ar athrú minicíochta, bainistiú ar phlódú na n-eangach, rud is gá chun 100 % den leictreachas a ghintear ó RES a chomhtháthú.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

B.1.2. Athchóiriú 2 'Gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú'

Is é is cuspóir don athchóiriú sin astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go suntasach trí dheireadh a chur de réir a chéile leis na feithiclí iompair de bhóthar is mó truailliú (príobháideach, poiblí, tráchtála, iompair phoiblí agus flít lasta) i gcathracha agus i réigiúin agus trí sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair a mhéadú.

Cuireadh tús le cur chun feidhme an athchóirithe nuair a ghlac Seimas an Dlí maidir le Breoslaí Malartacha. Leanfar de tuilleadh le glacadh agus teacht i bhfeidhm creata reachtaigh, lena mbunaítear nós imeachta chun ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh agus cosanta comhshaoil a chinneadh maidir le feithiclí iompair de bhóthar a cheannach agus le haghaidh cásanna ina bhfuil siad éigeantach. Tiocfaidh an creat seo i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2021.

Bunófar an Ciste um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe, lena gcuirfear tacaíocht ar fáil, i gcásanna sainithe áirithe, do cheannach agus d'úsáid feithiclí glana chomh maith le bonneagar breoslaí malartacha a shuiteáil, a nuachóiriú agus a fhorbairt le haghaidh na bhfeithiclí sin. Úsáidfear an ciste freisin chun tacú le srianta maidir le húsáid feithiclí faoi thiomáint innill dócháin inmheánaigh, cé is moite d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí ísle. Cuirfear an tacaíocht ar fáil ar bhealach spriocdhírithe leanúnach, go dtí 2030 ar a laghad. Tiocfaidh an ciste chun bheith oibríochtúil faoin 31 Márta 2022.

Chomh maith le feithiclí truaillitheacha a athsholáthar, cuirfear muirear ríomhbhailiúcháin in ionad an mhuirir ar úsáideoir bóthair a íocann úinéirí feithiclí[2] don tréimhse úsáide. Leis an gcóras dolaí acharbhunaithe, meastar go spreagfar úinéirí/oibreoirí feithiclí chun feithiclí atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a úsáid, chomh maith le pleanáil agus optamú a mbealaí taistil a chuíchóiriú, ós rud é gurb é fad an turais a chinnfidh méid an dola. Tiocfaidh an reachtaíocht lena dtugtar isteach muirear ríomhbhailiúcháin i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2025.

A mhéid a bhaineann le hiompar poiblí, chomh maith le hathsholáthar feithiclí iompair phoiblí truaillitheacha, déanfar athbhreithniú agus barrfheabhsú ar an ngréasán fad-achair atá ann cheana le hathchóiriú ar an gcóras iompair idiruirbeach, déanfar bealaí cóiste a ailíniú le bealaí iarnróid agus leis an gcóras iompair áitiúil lena n-áiritheofar idirnascacht idir moil réigiúnacha. Déanfar na leasuithe reachtacha lena bhforfheidhmeofar an t-athchóiriú sin a ghlacadh faoin 31 Nollaig 2024.

[2] De réir an Dlí maidir le Clár Cothabhála agus Forbartha Bóithre Phoblacht na Liotuáine a Mhaoiniú.

Tá ceithre fhobheart ag gabháil leis an athchóiriú sin: (1) tacaíocht do cheannach feithiclí glana ag an earnáil phoiblí agus ag gnólachtaí (Fobheart 1); (2) tacaíocht chun feithiclí iompair phoiblí glana a cheannach (Fobheart 2); (3) bonneagar luchtaithe/líonta feithiclí a shuiteáil (Fobheart 3); agus (4) tacú le forbairt breoslaí RES (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair agus hidrigin ghlas) (Fobheart 4).

B.1.2.1. Fobheart 1: Tacaíocht do cheannach feithiclí glana ag an earnáil phoiblí agus ag gnólachtaí

Is é is cuspóir don fhobheart seo líon na bhfeithiclí truaillitheacha a laghdú chun soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus, dá bhrí sin, truailliú aeir i dtimpeallachtaí uirbeacha a laghdú. Faoin bhfobheart seo, cuirfear tacaíocht ar fáil chun gluaisteáin paisinéirí, mionbhusanna, busanna, leoraithe agus feithiclí earraí troma a cheannach sna catagóirí agus sna cainníochtaí seo a leanas:

- Feithiclí éadroma (aicme M1 agus N1) - astaíochtaí nialasacha (amhail leictreachas agus hidrigin), tosaíocht tugtha d'fheithiclí le haghaidh seirbhísí uirbeacha paisinéirí agus lóistíochta, 12 250 aonad san iomlán;
- Feithiclí iompair tromshaothair (aicmí N2 agus N3) - astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, mar a shainmhínítear i Rialachán 2019/1242 (leictreach, hidrigin, bithghás a tháirgtear ó amhábhair chomhlíontacha RED II), 500 aonad san iomlán, ar feithiclí leictreacha agus hidrigine agus 300 bithmheatán iad;
- Mionbhusanna agus busanna ar urlár íseal agus ar urlár ard (aicmí M2 agus M3) - astaíocht nialasach (amhail leictreach agus hidrigin), 450 aonad san iomlán;
- Busanna ar urlár ard (aicme M3) – busanna a ritheann ar bhithmheatán a tháirgtear ó amhábhair chomhlíontacha RED II, 50 san iomlán.

A mhéid a bhaineann le feithiclí a ritheann ar bhithmheatán, meastar nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Go háirithe, beidh feithiclí tromshaothair agus busanna ar urlár ard ina bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha nó ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle nó ní rithfear iad ach amháin ar bhithmheatán, a chomhlíonfaidh na critéir a leagtar amach i dTreoir 2018/2001 (Treoir RED II). Beidh ar tháirgeoirí gáis bithbhreosla agus bithmheatáin agus bithbhreosla deimhnithe (Cruthúnas ar Inbhuanaitheacht) arna n-eisiúint ag meastóirí neamhspleácha a sholáthar, dá bhforáiltear i dTreoir 2018/2001.

Thairis sin, áiritheofar nach n-úsáidfidh feithiclí a fhaigheann tacaíocht faoi phlean na Liotuáine ach bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise comhlíontacha RED II. Ar deireadh, tiocfaidh méadú de réir a chéile freisin ar leibhéal na mbreoslaí in-athnuaite sa mheascán breosla náisiúnta mar gheall ar an oibleagáid atá ar sholáthróirí breosla maidir le bithbhreoslaí a chumasc, a shroichfidh 16.8 % in 2030, de réir an Dlí maidir le Breoslaí Malartacha. Cruthófar córas d'aonaid chuntasaíochta breosla in-athnuaite chun taifead a dhéanamh ar chainníochtaí an gháis bithmheatáin agus na mbreoslaí in-athnuaite eile a sholáthraítear don earnáil iompair agus ar na deimhnithe a thugtar do tháirgeoirí chun a n-oibleagáidí maidir le soláthar breoslaí in-athnuaite fuinnimh a chomhlíonadh, agus, dá bhrí sin, tomhaltas bithmheatáin agus breoslaí in-athnuaite eile a tháirgtear a áirithiú. Tiocfaidh an córas chun bheith oibríochtúil faoin 31 Nollaig 2021. Áiritheofar leis na heilimintí sin go léir le chéile go dtomhlófar bithbhreoslaí agus bithghás táirgthe in earnáil an iompair agus go gcuirfear iad in ionad an sciar choibhéisigh de bhreoslaí iontaise.

Faoin bhfobheart seo, cuirfear tacaíocht ar fáil freisin chun tacú le táirgeadh (cóimeáil) agus iarfheistiú busanna leictreacha sa Liotuáin. Mar thoradh ar an tacaíocht sin, déanfar 35 aonad de bhusanna leictreacha ar a laghad a tháirgeadh nó a iarfheistiú.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas leis an gcomhaontú dlíthiúil idir an Liotuáin agus an t-eintiteas ar cuireadh cúram air nó an t-idirghabhálaí airgeadais atá i gceannas ar an ionstraim airgeadais agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

i. a cheangal go gcuirfear i bhfeidhm treoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU; agus

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;[3] (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;[4] (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[5] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla;[6] agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní i gcás ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíoróidh an t-eintiteas nó an t-idirghabhálaí airgeadais ar cuireadh cúram air comhlíonadh dlí na dtionscadal le reachtaíocht ábhartha AE agus náisiúnta maidir leis an gcomhshaol le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

B.1.2.2. Fobheart 2: Tacaíocht chun feithiclí iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha a cheannach

Is é cuspóir na hinfheistíochta iompar poiblí a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol trí fheithiclí níos glaine a chur in ionad feithiclí truaillitheacha agus, dá bhrí sin, astaíochtaí a laghdú agus tarraingteacht an iompair phoiblí a mhéadú. Faoin bhfobheart seo, déanfar an méid seo a

[3] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[4] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[5] Níl feidhm ag aneisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[6] Níl feidhm ag aneisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

leanas: (1) athbhreithniú agus optamú ar an ngréasán fad-achair atá ann cheana chun bealaí cóiste a ailíniú le bealaí iarnróid agus leis an gcóras iompair áitiúil lena n-áiritheofar idirnascacht idir moil réigiúnacha (le cur i gcrích faoin 31 Nollaig 2024); agus (2) tacaíocht a sholáthraítear do riaracháin bhardasacha agus do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a sholáthraíonn seirbhísí iompair phoiblí (maidir le bardais nach bhfuil Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMPanna) forbartha agus curtha chun feidhme acu faoi thréimhse airgeadais 2014-2020 araon) chun 260 bus nua, leictreach agus faoi thiomáint hidrigine (aicme M2 agus M3) a cheannach.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

B.1.2.3. Fobheart 3: Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh

Is é is cuspóir don fhobheart seo líonra optamach de bhonneagar luchtaithe agus líonta breosla ionadúil atá inrochtana don phobal agus príobháideach a chruthú, chun dálaí fabhracha a chruthú do ghnólachtaí agus do shaoránaigh chun feithiclí glana a oibriú. Faoin bhfobheart seo, déanfar an méid seo a leanas: (1) córas faisnéise le haghaidh pointí luchtaithe/athlíonta atá inrochtana don phobal le haghaidh feithiclí leictreacha arna gcur i bhfeidhm (faoin 31 Márta 2022); agus (2) tacaíocht a thugtar do ghnólachtaí agus do dhaoine nádúrtha agus do na bardais nach bhfuil SUMPanna forbartha agus curtha chun feidhme acu faoi thréimhse airgeadais 2014-2020 chun na nithe seo a leanas a shuiteáil agus a dhéanamh oibríochtúil:

- Pointí luchtaithe feithiclí leictreacha atá inrochtana don phobal do dhaoine nádúrtha/dlítheanacha (i gcathracha agus gar do bhóithre náisiúnta) – 5 240 aonad ar an iomlán a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu;
- Bonneagar luchtaithe fíor-ardchumhachta atá inrochtana don phobal le haghaidh feithiclí tromshaothair leictreacha agus busanna leictreacha – 300 aonad san iomlán;
- Stáisiúin bhithgháis chomhbhrúite atá inrochtana don phobal (arna gcur in oiriúint le haghaidh bithmheatáin) – 30 aonad san iomlán;
- Stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal – 4 aonad san iomlán;
- Pointí luchtaithe príobháideacha – 53 200 aonad san iomlán.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

B.1.2.4. Fobheart 4: Tacaíocht chun earnáil breoslaí RES a fhorbairt (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)

Is é is cuspóir don infheistíocht sin soláthar breoslaí in-athnuaite a chruthú agus a n-úsáid in earnáil an iompair a chur chun cinn. Faoin bhfobheart seo, déanfar an méid seo a leanas: (1) tacaíocht arna soláthar chun saoráid táirgthe gáis bithmheatáin ag a mbeidh acmhainneacht iomlán 27.1 MW a bhunú agus a chur i mbun oibríochta (faoin 30 Meitheamh 2026); (2) tacaíocht a chuirtear ar fáil chun acmhainneachtaí earnáil an bhithbhreosla den dara glúin a fhorbairt agus é mar ionchas acmhainneacht 12.4 KTOE a bhaint amach le haghaidh bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin (faoin 30 Meitheamh 2026); agus (3) tacaíocht a chuirtear ar fáil chun táirgeadh hidrigine glaise ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a bhunú agus a oibriú, a mbeidh mar thoradh air sin go dtáirgfear 1 680 000 m3 san iomlán de hidrigin ghlas faoin 30 Meitheamh 2026.

A mhéid a bhaineann le forbairt gáis bithmheatáin agus bithbhreosla den dara glúin, meastar nach ndéanfaidh an fobheart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de

Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Go háirithe, tá an infheistíocht sin i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (RED II), agus ní tháirgfear na bithbhreoslaí agus an gás bithmheatáin a sholáthraítear do phointí athbhreoslaithe ach amháin ó stoic bheatha a aicmítear mar dhramhaíl nó mar iarmhair (amhábhair in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir 2018/2001) agus ní dhéanfar iad ó bharra bia agus beatha.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

B.1.3. Athchóiriú 3 'Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe'

Is é is cuspóir don athchóiriú luas an phróisis athchóirithe foirgneamh a mhéadú trí leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le hathchóiriú srathach digitithe foirgneamh, tríd an gcur chuige comhtháite i leith na timpeallachta maireachtála a leathnú, lena n-áirítear foirgnimh a oiriúnú do riachtanais daoine faoi mhíchumas, agus trí chlaochlú na hearnála foirgníochta agus na dtáirgí foirgníochta atá neamhdhíobhálach don aeráid agus don chomhshaol a chur chun cinn. Tá ceithre fhobheart ag gabháil leis an athchóiriú: (1) pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus a thástáil i gcleachtas agus modheolaíocht a chruthú chun cathracha inbhuanaithe a fhorbairt (Fobheart 1); (2) uirlisí a chruthú chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú (Fobheart 2); (3) soláthar táirgí agus seirbhísí foirgníochta a chuireann dlús le hathchóiriú foirgneamh a chur chun cinn (Fobheart 3); agus (4) tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla ar fhoirgnimh i gcomhréir le caighdeáin athchóirithe foirgneamh atá cothrom le dáta (Fobheart 4).

B.1.3.1. Fobheart 1: Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus modheolaíocht a chruthú chun cathracha inbhuanaithe a fhorbairt

Is é is cuspóir don fhobheart seo na hathruithe rialála is gá a dhéanamh chun dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus chun rannchuidiú le glasú na réigiún.

Faoin bhfobheart seo, déanfar roinnt athruithe rialála. Maidir leis na hathruithe rialála, glacfar an méid seo a leanas agus tiocfaidh sé i bhfeidhm:

a) Rún ó Phoblacht na Liotuáine lena bhformheastar Plean Cur Chun Feidhme na Straitéise Fadtéarmaí um Athchóiriú Foirgneamh, lena ndéanfar foráil maidir le plean reachtach chun dlús a chur le láithreáin a athchóiriú agus na foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú, agus tionscnamh Bauhaus á chur san áireamh, agus chun úsáid teicnící samhaltaithe faisnéise foirgneamh (BIM), plean le haghaidh tionscnaimh athchóirithe ceantair agus tionscadail infheistíochta a chur ar bhonn foirmiúil;
b) Leasú ar an Rialachán Teicniúil maidir le Foirgníocht 'Dearadh agus Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh Foirgneamh', lena ndéantar aicme feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh athchóirithe, Aicme B ar a laghad, a dhlisteanú;
c) Leasú ar an Rialachán Teicniúil Foirgníochta 'Dearadh Struchtúr Adhmaid';
d) Treoirlínte maidir le Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe.

Tiocfaidh na gníomhartha reachtacha sin i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2023.

B.1.3.2. Fobheart 2: Uirlisí chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú

Is é is cuspóir don fhobheart seo uirlisí a chruthú chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú. Is éard a bheidh san fhobheart lárionad inniúlachta a chruthú le haghaidh athchóiriú foirgneamh (faoin 31 Nollaig 2022) agus trí uirlis dhigiteacha mar a leanas:

1) Uirlisí modheolaíochta digiteacha (chun tionscadail infheistíochta, sonraíochtaí teicniúla caighdeánacha maidir le dearadh agus oibreacha ar conradh a ullmhú) chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh glasa agus nuálacha a phleanáil i bhfoirgnimh athchóirithe;

2) Oibríochtú agus soláthar seirbhíse dhá chóras faisnéise le haghaidh sonraí foirgneamh agus tionscadail athchóirithe foirgneamh a riar.

Tabharfar an fobheart i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2025.

B.1.3.3. Fobheart 3: Soláthar táirgí agus seirbhísí foirgníochta lena gcuirtear dlús le hathchóiriú foirgneamh a chur chun cinn

Is é is cuspóir don fhobheart seo margadh áitiúil a chruthú chun struchtúir mhodúlacha chaighdeánaithe a tháirgeadh as ábhair orgánacha, agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhiontair chun acmhainneacht táirgeachta na n-ábhar innealtóireachta adhmaid agus na gcomhpháirteanna tógála a úsáidtear chun foirgnimh a athchóiriú go glas a fhorbairt. Faoin bhfobheart seo, tabharfar tacaíocht d'earnáil na tógála, do thionscal an adhmaid agus don tionscal monaraíochta. Mar thoradh ar an tacaíocht sin, beidh línte táirgeachta struchtúr modúlach ó tháirgeadh ábhair orgánaigh ag a bhfuil toilleadh 750.000 m2/bliain oibríochtúil.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

B.1.3.4. Fobheart 4: Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla ar fhoirgnimh i gcomhréir le caighdeáin athchóirithe foirgneamh atá cothrom le dáta

Is é is cuspóir don fhobheart seo tacaíocht a chur ar fáil d'athchóiriú 518 bhfoirgneamh ilárasán ag a bhfuil achar dromchla 880 000 m2 ar a laghad agus é mar aidhm laghdú 30 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh phríomhúil a bhaint amach ar an meán, mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgneamh, agus aicme éifeachtúlachta fuinnimh B. Is sna foirmeacha seo a leanas a bheidh an tacaíocht:

(i) Cúiteamh 30 % ar a laghad ar an meán de chaiteachas na n-oibreacha athchóirithe le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta do 320 foirgneamh. Féadfaidh na foirgnimh eile a ndéantar athchóiriú orthu faoin mbeart sin cúiteamh den chineál sin a fháil le tacaíocht ó Chiste an Aontais don Nuachóiriú seachas ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

(ii) cúiteamh as an sciar den ús a íocadh ar iasachtaí a tógadh amach chun na hathchóirithe sin a mhaoiniú ar mó é ná ráta úis 3 %.

(iii) cúiteamh 100 % ar chaiteachas cúnaimh theicniúil le haghaidh na dtionscadal athchóirithe

Ina theannta sin, féadfaidh Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe tacú le cuid den mhaoiniú iasachta a thairgtear le haghaidh na n-athchóirithe foirgneamh sin.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

B.1.4. Infheistíocht 4: ‘Acmhainn ionsúcháin GCT a mhéadú’

Is é is cuspóir don infheistíocht sin astaíochtaí gás ceaptha teasa ó thailte portaigh a bhí draenáilte agus díghrádaithe roimhe seo a laghdú trí na limistéir lena mbaineann a athfhliuchadh, agus dá réir sin dálaí fabhracha a chruthú don bhithéagsúlacht sna gnáthóga sin agus aistrithe gás ceaptha teasa a mhéadú agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta áirithe á ndéanamh ag an am céanna.

Faoin infheistíocht sin, déanfar bearta chun leibhéil uisce a athbhunú, dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil a athbhunú agus córas faireacháin a chur i bhfeidhm i gcás inar gá, déanfar iad a dhearadh agus a chur chun feidhme. Cuirfear comhairle agus oiliúint ar fáil do na gníomhaithe lena mbaineann. Nuair a bheidh an infheistíocht curtha i gcrích, táthar ag súil go gcomhlíonfaidh na hiarratasóirí a ngealltanais leanúnacha maidir le talamh portaigh athfhliuchta a chothabháil trí íocaíochtaí cúiteacha a fháil sa chlárthréimhse nua faoin mbeart dá bhforáiltear i bPlean Straitéiseach na Liotuáine maidir le Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe 2023-2027. I limistéir lena mbaineann, féadfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach ndéanann dochar do chaomhnú na mbogach athchóirithe a cheadú. Roghnófar gníomhaíocht eacnamaíoch ar bhonn cás ar chás, agus saintréithe sonracha an limistéir agus na srianta comhshaoil atá i gceist á gcur san áireamh.

Faoin infheistíocht sin, déanfar an méid seo a leanas: (1) athruithe rialála chun an creat náisiúnta a oibríochtú chun tailte portaigh damáistithe a shainaithint agus chun na tailte portaigh athchóirithe a bhainistiú níos déanaí; agus (2) tacaíocht a cuireadh ar fáil chun 6000 ha de limistéar tailte portaigh a athchóiriú.

Tabharfar an infheistíocht chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

B.1.5. Athchóiriú 5: “I dtreo geilleagar ciorclach”

Is é is cuspóir don athchóiriú samhail lánfheidhme don gheilleagar ciorclach a fhorbairt le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile, lena n-áiritheofar prionsabail chiorclaíochta agus cosc dramhaíola san earnáil thionsclaíoch, lena leathnófar táirgeadh agus úsáid amhábhar tánaisteach, lena méadófar éifeachtúlacht ábhair agus acmhainní, lena gcuirfear dearadh inbhuanaithe agus nuálaíocht ghlas chun cinn, lena n-áiritheofar inbhuanaitheacht, marthanacht, deisiú agus athnuachan táirgí. Mar thoradh ar an athchóiriú, glacfar plean gníomhaíochta maidir le haistriú na Liotuáine chuig geilleagar ciorclach faoi 2035 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm. Díreofar sa phlean gníomhaíochta ar dhramhaíl a chosc, athchúrsáil, dearadh táirgí agus úsáid amhábhar tánaisteach, digitiú, nuálaíocht ghlas a chur chun cinn, chomh maith le creat dlíthiúil feabhsaithe agus bearta fioscacha lena gcuirtear tairbhí fadtéarmacha chun cinn seachas réitigh ghearrthéarmacha agus torthaí chun acmhainní a chur ar ais sa chiorclaíocht. Is é an aidhm a bheidh ann cur chuige institiúideach sistéamach i leith an gheilleagair chiorclaigh agus dlúthchomhar idir na hinstitiúidí lena mbaineann a áirithiú.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 31 Márta 2023.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
21	B.1.1 Leictreachas níos inbhuanaithe a tháirgtear sa tír	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun sásraí institiúideacha agus dlíthiúla a fheabhsú chun táirgeadh, tarchur agus tomhaltas leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn	Foráil sa dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm leasuithe i ndáil leis an Dlí maidir le Fuinneamh ó Fhoinsí In-athnuaite, an Dlí Leictreachais agus an Dlí Fuinnimh (amach ón gcósta agus ar tír). Bunófar leis na gníomhartha dlí sin go rachaidh an institiúid phoiblí, Gníomhaireacht Fuinnimh na Liotuáine, i gcomhairle agus go soláthróidh sí cúnamh modheolaíochta maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí in earnáil an leictreachais, rud a d'éascódh na próisis d'iarratasóirí agus a áiritheodh go gcuirfear faisnéis ar fáil go tráthúil. Déanfar an méid seo a leanas leis na gníomhartha sin freisin: - rialáil a dhéanamh ar na coinníollacha faoina ndíolfaidh buaiteoirí ceantanna leictreachas faoi chomhaontuithe déthaobhacha, ós rud é go dtabharfadh sé sin níos mó soiléireachta d'infheisteoirí maidir le conas oibriú sa mhargadh; spriocanna fuinnimh in-athnuaite fadtéarmacha a leagan síos do gach earnáil, i.e. spriocanna náisiúnta

										fadtéarmacha a leagan síos ar an leibhéal reachtach agus cinnteacht a chruthú d'infheisteoirí maidir le forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh; - cineál nua ceadanna a bhunú – cead chun gléasra cumhachta nó saoráid giniúna leictreachais a nuachóiriú (a atógáil), dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.
22	B. 1.1 Leictreachas níos inbhuanaithe arna tháirgeadh sa tír - B.1.1.1 Céimeanna ullmhúcháin chun bonneagar gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt	Garsprioc	Feidhmíocht agus cur i gcrích na hoibre ullmhúcháin chun gléasraí cumhachta gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt agus chun bonneagar a shuiteáil	Cur i gcrích na n-oibreacha ullmhúcháin ag na húdaráis ábhartha				R2	2025	Déanfar na staidéir agus na seirbhísí comhairliúcháin seo a leanas: 1) staidéar ar chur chun feidhme an bhonneagair: réitigh theicniúla, teicneolaíochtaí, luach shuiteáil an bhonneagair, anailís costais is tairbhe. 2) nasc idir páirceanna gaoithe amach ón gcósta agus an bealach ar tír agus sainaithint áite na bhfostáisiún. 3) staidéar ar luas na gaoithe agus paraiméadair eile a thomhas. 4) suirbhé ar ghrinneall na farraige ar an gcríoch atá ainmnithe chun an pháirc ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt. 5) suirbhéanna ar ghrinneall na farraige le haghaidh nasc idir an pháirc ghaoithe amach ón gcósta agus an talamh. 6) seirbhísí comhairliúcháin do pháirceanna gaoithe amach ón gcósta agus a nasc leis an eangach ar tír mór. 7) doiciméid pleanála críche le haghaidh nasc páirceanna gaoithe amach ón gcósta le heangach ar tír mór arna n-ullmhú. 8) doiciméid pleanála críche le haghaidh

										nasc páirceanna gaoithe amach ón gcósta leis an eangach ar tír mór curtha chun feidhme. 9) sonraíochtaí teicniúla maidir leis an nasc páirce gaoithe amach ón gcósta leis an eangach ar tír arna hullmhú. Úsáidfear torthaí na staidéar, na dtomhas agus na suirbhéanna chun páirc ghaoithe amach ón gcósta a dhearadh agus chun iad a cheangal leis an eangach ar tír mór.
25	B.1.1 Leictreachas níos inbhuanaithe arna tháirgeadh sa tír - B.1.1.2 Tacaíocht do thógáil gléasraí RES ar tír (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe) agus saoráidí stórála aonair	Sprioc	Acmhainneacht stórála nua (aonair) a chruthú le haghaidh leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite (MWh)		MWh	0	7,6	R1	2025	Nascadh 7,6 MWh de shaoráidí stórála fuinnimh (aonair) leis an ngléasra cumhachta agus cuireadh i bhfeidhm iad.
26	B.1.1 Leictreachas níos inbhuanaithe arna tháirgeadh sa tír - B.1.1.2 Tacaíocht do thógáil gléasraí RES ar tír (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe) agus saoráidí stórála aonair	Sprioc	Acmhainneacht stórála nua (aonair) a chruthú le haghaidh leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite (MWh)		MWh	7,6	15,2	R2	2026	Nascadh 15,2 MWh de shaoráidí stórála fuinnimh (aonair) leis an ngléasra cumhachta agus cuireadh i bhfeidhm iad.

27	B.1.1 Leictreachas níos inbhuanaithe arna tháirgeadh sa tír - B.1.1.3 Bonneagar stórála leictreachais eile a shuiteáil	Sprioc	Toilleadh suiteáilte na saoráidí nua stórála leictreachais (MW)		MW	0	200	R4	2022	Ceithre shuiteáil stórála fuinnimh a chur i bhfeidhm, 50 MW an ceann.
28	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm creata reachtaigh lena mbunaítear nós imeachta chun ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh agus cosanta comhshaoil a chinneadh maidir le feithiclí iompair de bhóthar a cheannach agus le haghaidh cásanna ina bhfuil siad éigeantach	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena gcinnfear na ceanglais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus cosaint an chomhshaoil agus na cásanna ina bhfuil siad éigeantach i gcás feithiclí bóthair de chatagóirí M1, N1, N2, N3, M2 agus M3 agus úsáidfear é chun tionchair fuinnimh agus comhshaoil saolré na bhfeithiclí sin a ríomh.
29	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú	Garsprioc	Bunaítear an Ciste um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe lena maoineofar forbairt breoslaí malartacha agus bonneagar feithiclí agus tá sé oibríochtúil	Foráil sa chomhaontú / san ordú lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R1	2022	Tá an Ciste um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe bunaithe agus oibríochtúil. Bunófar an Ciste chun ceannach agus úsáid feithiclí glana, suiteáil, nuachóiriú agus/nó forbairt bonneagair breoslaí malartacha do na feithiclí a mhaoiniú ar bhealach spriocdhírithe leanúnach, go dtí 2030 ar a laghad. Úsáidfear an ciste freisin chun tacú le srianta a bhunú maidir le húsáid feithiclí faoi thiomáint innill dócháin inmheánaigh, cé is moite

										d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle.
30	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena dtugtar isteach córas leictreonach dolaí bóthair bunaithe ar na prionsabail 'íoc mar a úsáidtear' agus 'íoc mar a thruaillítear'	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2025	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena dtugtar isteach córas leictreonach dolaí bóthair a bheidh bunaithe ar na prionsabail 'íoc mar a úsáidtear' agus 'íoc mar a thruaillítear'. Déanfar an dola arna íoc ag coimeádaithe feithiclí don tréimhse ina n-úsáidtear an bonneagar bóthair a thiontú ina dhola arna íoc as míleáiste an bhóthair (r-dhola).
31	B.1.2. Bogadh gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.1. Tacaíocht do cheannach feithiclí glana ag an earnáil phoiblí agus ag gnólachtaí	Sprioc	Líon na bhfeithiclí iompair glana a ceannaíodh agus a cláraíodh sa Liotuáin		Líon	0	6 625	R2	2025	Líon na bhfeithiclí iompair glana breise a ceannaíodh agus a cláraíodh sa Liotuáin agus a bhaineann tairbhe as fóirdheontais Stáit a deonaíodh tar éis glaonna ar thograí: a) 6 125 fheithicil éadroma astaíochtaí nialasacha (leictreacha agus hidrigine) ar a laghad (aicmí M1 agus N1); 100 feithicil iompair tromshaothair astaíochtaí nialasacha (leictreacha agus hidrigine) ar a laghad (aicme N2); astaíochtaí ísle 150 ar a laghad, mar a shainmhínítear i Rialachán 2019/1242, (bithmheatán a tháirgtear ó amhábhair chomhlíontacha RED II), feithiclí iompair tromshaothair (aicmí N2 agus N3) d) mionbhusanna agus busanna astaíochtaí nialasacha 225 ar a laghad (leictreacha agus hidrigine) ar urlár íseal agus ar urlár ard (aicme M2 agus M3); 25 bhus ar a laghad ar urlár ard ina n-úsáidtear bithmheatán arna tháirgeadh ó amhábhair chomhlíontacha RED II.

										Chun an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) a chomhlíonadh, rithfidh feithiclí a ritheann ar bhithmheatán ar bhithmheatán amháin, a chomhlíonfaidh na critéir a leagtar amach i dTreoir 2018/2001 (Treoir RED II).
32	B.1.2. Bogadh gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.1. Tacaíocht do cheannach feithiclí glana ag an earnáil phoiblí agus ag gnólachtaí	Sprioc	Líon na bhfeithiclí iompair glana a ceannaíodh agus a cláraíodh sa Liotuáin		Líon	6 625	13 250	R2	2026	Líon na bhfeithiclí iompair glana arna gceannach agus arna gclárú sa Liotuáin a bhaineann tairbhe as fóirdheontais Stáit arna ndeonú tar éis glaonna ar thograí: 12 250 feithicil éadroma astaíochtaí nialasacha (leictreacha agus hidrigine) ar a laghad (aicmí M1 agus N1); 200 feithicil iompair tromshaothair astaíochtaí nialasacha (leictreacha agus hidrigine) ar a laghad (aicme N2); astaíochtaí ísle 300 ar a laghad, mar a shainmhínítear i Rialachán 2019/1242, (bithmheatán a tháirgtear ó amhábhair chomhlíontacha RED II), feithiclí iompair tromshaothair (aicmí N2 agus N3) mionbhusanna agus busanna astaíochtaí nialasacha 450 ar a laghad (leictreacha agus hidrigine) ar urlár íseal agus ar urlár ard (aicme M2 agus M3); 50 bus ar urlár ard ar a laghad ina n-úsáidtear bithmheatán a tháirgtear ó amhábhair chomhlíontacha RED II. Chun an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) a chomhlíonadh, rithfidh feithiclí a ritheann

										ar bhithmheatán ar bhithmheatán amháin, a chomhlíonfaidh na critéir a leagtar amach i dTreoir 2018/2001 (Treoir RED II).
33	B.1.2. Bogadh gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.1. Tacaíocht do cheannach feithiclí glana ag an earnáil phoiblí agus ag gnólachtaí	Sprioc	Líon na mbusanna leictreacha a táirgeadh (a cuireadh le chéile) agus a iarfheistíodh sa Liotuáin		Líon	0	35	R2	2026	Ar a laghad 25 bhus leictreacha iarfheistithe sa Liotuáin, rud a fhágann gur féidir leis na feithiclí cáiliú mar bhusanna astaíochtaí nialasacha Táirgeadh 10 mbus leictreacha ar a laghad (arna gcóimeáil) sa Liotuáin. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) maidir le hidirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
34	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.2. Tacaíocht chun feithiclí iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha a cheannach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar an gcóras soghluaisteachta idiruirbeach	Tagann an t-athchóiriú i bhfeidhm				R4	2024	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar an gcreat idirchathrach lena ndéanfar athbhreithniú agus barrfheabhsú ar an ngréasán fadraoin atá ann cheana, lena ndéanfar bealaí cóiste a ailíniú le bealaí iarnróid agus leis an gcóras iompair áitiúil lena n-áiritheofar idirnascacht idir moil réigiúnacha.
35	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a	Sprioc	Seachadadh feithiclí iompair phoiblí leictreacha agus		Líon	0	115	R2	2025	Seachadadh 115 bhus leictreacha agus busanna faoi thiomáint hidrigine (aicme M2 agus M3) ar urlár íseal chuig oibreoirí

	thruailliú – B.1.2.2. Tacaíocht chun feithiclí iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha a cheannach		feithiclí iompair phoiblí faoi thiomáint hidrigine (busanna)							iompair phoiblí i limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha.
36	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.2. Tacaíocht chun feithiclí iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha a cheannach	Sprioc	Seachadadh feithiclí iompair phoiblí leictreacha agus feithiclí iompair phoiblí faoi thiomáint hidrigine (busanna)		Líon	115	260	R2	2026	260 bus leictreacha agus busanna faoi thiomáint hidrigine (aicme M2 agus M3) ar urlár íseal a sheachadadh chuig oibreoirí iompair phoiblí i gceantair uirbeacha agus fho-uirbeacha.
37	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.3. Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm córais faisnéise le haghaidh pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal d'fheithiclí leictreacha	Teacht i bhfeidhm córais faisnéise le haghaidh pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal d'fheithiclí leictreacha				R1	2022	Teacht i bhfeidhm córais faisnéise lena ndéanfar an méid seo a leanas: 1. Cóid aitheantais uathúla a sholáthar agus a thaifeadadh maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh feithiclí leictreacha agus a n-oibreoirí. 2. Sonraí statacha/dinimiciúla fíor-ama a sholáthar ó stáisiúin luchtaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh feithiclí leictreacha a oibríonn sa Liotuáin.
38	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.3. Suiteáil bonneagair	Sprioc	Teacht i bhfeidhm seirbhíse pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus stáisiún luchtaithe an-		Líon	0	2 770	R2	2025	Pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha atá inrochtana don phobal agus stáisiúin luchtaithe an-ardchumhachta le haghaidh lasta/busanna suiteáilte agus i mbun oibríochta, lena n-áirítear: a) 2 620 pointe athluchtaithe d'fheithiclí

	luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh		ardchumhachta le haghaidh lasta agus busanna							leictreacha ar a laghad do ghluaisteáin; ar a laghad 150 stáisiún luchtaithe an-ardchumhachta le haghaidh lasta/busanna. Leagtar síos na cineálacha pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha i dtéarmaí cumhachta agus infhaighteachta san Acht um Breoslaí Malartacha (Airteagal 2, pointí 12, 16, 17, 18, 26, 27, 32).
39	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.3. Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh	Sprioc	Teacht i bhfeidhm seirbhíse pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus stáisiún luchtaithe an-ardchumhachta le haghaidh lasta agus busanna		Líon	2 770	5 540	R2	2026	Pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha atá inrochtana don phobal agus stáisiúin luchtaithe an-ardchumhachta le haghaidh lasta/busanna suiteáilte agus i mbun oibríochta, lena n-áirítear: 5 240 pointe athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha ar a laghad i gcás gluaisteán; 300 stáisiún luchtaithe an-ardchumhachta ar a laghad le haghaidh lasta/busanna. Leagtar síos na cineálacha pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha i dtéarmaí cumhachta agus infhaighteachta san Acht um Breoslaí Malartacha (Airteagal 2, pointí 12, 16, 17, 18, 26, 27, 32).
40	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.3. Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra	Sprioc	Teacht i bhfeidhm seirbhíse pointí athluchtaithe príobháideacha		Líon	0	26 600	R1	2025	Le linn thréimhse iomlán an chur chun feidhme, déanfar ar a laghad 26 600 pointe athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha príobháideacha a shuiteáil agus a chur i bhfeidhm

	breosla mhalartaigh									
41	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.3. Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh	Sprioc	Teacht i bhfeidhm seirbhíse pointí athluchtaithe príobháideacha		Líon	26 600	53 200	R1	2026	Le linn thréimhse iomlán an chur chun feidhme, suiteálfar ar a laghad 53 200 pointe athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha príobháideacha agus cuirfear i bhfeidhm iad
42	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.3. Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh	Sprioc	Teacht i bhfeidhm seirbhíse stáisiún bithgháis agus hidrigine comhbhrúite atá inrochtana don phobal		Líon	0	34	R2	2026	Seirbhís 34 stáisiún bithgháis agus hidrigine comhbhrúite a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a oibríochtú agus a sholáthar: 30 aonad ar a laghad do bhithghás comhbhrúite; 4 aonad hidrigine ar a laghad.
43	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.3. Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh	Garsprioc	Glacadh an phlean gníomhaíochta chun an líonra bonneagair luchtaithe leictrigh a chomhtháthú	Plean gníomhaíochta maidir le bonneagar luchtaithe leictrigh a glacadh				R4	2021	Plean gníomhaíochta a ghlacadh ina sainaithneofar na treoracha tosaíochta le haghaidh forbartha agus ina leagfar síos ceanglais maidir le pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil chun a áirithiú go ndéanfar forbairt éifeachtúil uasta ar bhonneagar athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha.
44	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm córais TF d'aonaid chuntasaíochta	Córas TF na n-aonad cuntasaíochta le				R4	2021	Chun leibhéal tomhaltais gáis bithmheatáin in earnáil an iompair a áirithiú, cuirfear ardán TF iomchuí ar bun

	thruailliú – B.1.2.4. Tacaíocht chun earnáil breoslaí RES a fhorbairt (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)		breosla iompair in-athnuaite	haghaidh breoslaí ó fhoinsí in-athnuaite oibríochtúla						chun taifead a dhéanamh ar chainníochtaí an gháis bithmheatáin agus na mbreoslaí in-athnuaite eile a sholáthraítear d'earnáil an iompair agus ar na deimhnithe a thugtar do tháirgeoirí a n-úsáidfear an gás a eascraíonn astu chun na hoibleagáidí breoslaí a chomhlíonadh.
45	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.4. Tacaíocht chun earnáil breoslaí RES a fhorbairt (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)	Sprioc	Toilleadh iomlán suiteáilte na saoráidí nua giniúna gáis bithmheatáin, MW		MW	0	27,1	R4	2025	Acmhainneacht nua 27,1 MW ar a laghad de shaoráidí giniúna gáis bithmheatáin a chur i bhfeidhm. Measfar an toilleadh suiteáilte a bheith oibríochtúil ar bhonn nascadh na hacmhainneachta giniúna gáis bithmheatáin leis an ngréasán gáis nádúrtha agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an oibreoir córais tarchurtha gáis. Chun an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) a chomhlíonadh, táirgfear an bithmheatán ó na stoic bheatha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.
46	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.4. Tacaíocht chun earnáil breoslaí RES a	Sprioc	Táirgeadh breise bliantúil bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin		KTOE	0	12,4	R2	2026	Déantar 12,4 ktoe breise de bhithbhreoslaí leachtacha den dara glúin a tháirgeadh san acmhainneacht táirgeachta shuiteáilte. Déanfar méid na táirgeachta bliantúla a mheasúnú bliain amháin tar éis thús an táirgthe.

	fhorbairt (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)									
47	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú – B.1.2.4. Tacaíocht chun earnáil breoslaí RES a fhorbairt (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)	Sprioc	Méid iomlán na 'hidrigine glaise' a tháirgtear		m3	0	1 680 000	R2	2026	Tar éis acmhainneacht bhreise nua a fhorbairt chun gás hidrigine a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, táirgeadh 1 680 000 m3 san iomlán de ghás hidrigine glaise faoin 30 Meitheamh 2026.
48	B.1.3 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe – B.1.3.1. Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha reachtacha seo a leanas: Plean Cur Chun Feidhme na Straitéise Fadtéarmaí um Athchóiriú Foirgníochta, b) Leasú ar an Rialachán Teicniúil Foirgníochta	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2023	Formheasadh na gníomhartha reachtacha seo a leanas agus tháinig siad i bhfeidhm: 1. Plean Cur Chun Feidhme na Straitéise Fadtéarmaí um Athchóiriú Foirgníochta, ina ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas: 1.1 plean reachtach chun dlús a chur le tiontú láithreán cónaithe, agus tionscnamh Bauhaus á chur san áireamh, chun úsáid teicnící samhaltaithe faisnéise

	modheolaíocht a chruthú chun cathracha inbhuanaithe a fhorbairt		"Dearadh agus Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh Foirgneamh", arna fhormheas le 2016-11-11 Ordú Uimh. D1-754 ón Aire Comhshaoil Treoirlínte d'Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe faofa ag Ordú an Aire Comhshaoil d) Leasú ar an Rialachán Teicniúil Foirgníochta CTR 2.05.07:2005 "Dearadh Struchtúr Adhmaid", arna cheadú le 2005-02-10 Ordú Uimh. D1-79 ón Aire Comhshaoil							foirgneamh (BIM) a chur ar bhonn foirmiúil, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar shamhlacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun láithreáin a thiontú, a atógáil nó a athchóiriú i bhfoirgnimh atá ann cheana; 1.2. moltaí maidir le tionscadail athchóirithe ráithiúla a ullmhú. 2. Rialachán Teicniúil Foirgníochta Leasaithe 'Dearadh agus Deimhniú maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh', arna fhormheas 2016-11-11 le hOrdú Uimh. D1-754 ón Aire Comhshaoil, lena ndéantar aicme feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh athchóirithe a dhlisteanú ón 01/01/2023 B ar a laghad. 3. Treoirlínte maidir le Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe, ina leagtar amach na táscairí le haghaidh cathracha inbhuanaithe agus an mhodheolaíocht chun iad a ríomh. 4. Leasú ar an Rialachán Teicniúil Foirgníochta CTR 2.05.07:2005 'Dearadh Struchtúr Adhmaid', arna fhormheas le 2005-02-10 Ordú Uimh. D1-79 ón Aire Comhshaoil, lena leathnaítear úsáid táirgí foirgníochta adhmaid i bhfoirgnimh ilchuspóireacha.
50	B.1.3 Dlús a chur le hathchóiriú	Garsprioc	Bunaítear an Lárionad Inniúlachta	Reachtaíocht tagtha i				R4	2022	1. Reacht na Gníomhaireachta um Bainistíocht Tionscadal Comhshaoil lena

	foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe – B.1.3.2. Uirlisí chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú		um Athchóiriú Foirgneamh agus tá sé oibríochtúil	bhfeidhm						mbunaítear feidhmeanna le haghaidh riar an chláir Athchóirithe Foirgneamh Il-árasáin (Nuachóiriú) chomh maith le riar maoinithe ó fhoinsí éagsúla mar a dhéanann an Ghníomhaireacht um Éifeachtúlacht Fuinnimh Tithíochta faoi láthair, arna leasú le hOrdú an Aire Comhshaoil, glacadh é agus tháinig sé i bhfeidhm. 2. Tá Lárionad Inniúlachta um Athchóiriú Foirgneamh Ionaid Ilfhreastail (aonad EPMA) (tá 50% de na folúntais sa Lárionad Inniúlachtaí líonta) oibríochtúil.
51	B.1.3 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe – B.1.3.2. Uirlisí chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú	Sprioc	Oibríochtú agus soláthar seirbhíse trí chóras faisnéise chun athchóiriú foirgneamh a dhearadh, chun tionscadail athchóirithe a riar agus Banc Sonraí Foirgneamh na Liotuáine		Líon	0	3	R3	2025	Beidh na 3 chóras faisnéise seo a leanas lánfheidhmiúil: 1. Uirlis mhodheolaíochta dhigiteach chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh glasa agus nuálacha a phleanáil i bhfoirgnimh athchóirithe; 2. Córas faisnéise riaracháin do thionscadail athchóirithe foirgneamh; 3. Banc Sonraí Foirgneamh na Liotuáine.
52	B.1.3 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe – B.1.3.3. Soláthar táirgí agus seirbhísí	Sprioc	Acmhainneacht táirgeachta oibríochtúil struchtúr modúlach ó ábhair orgánacha		m2/bliain	0	750 000	R4	2025	Línte táirgeachta uathoibrithe oibríochtúla nua de struchtúir mhodúlacha ó ábhar orgánach ag a bhfuil acmhainneacht 750 000 m2/bliain.

	foirgníochta lena gcuirtear dlús le hathchóiriú foirgneamh a chur chun cinn									
53	B.1.3 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe – B.1.3.4. Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla ar fhoirgnimh i gcomhréir le caighdeáin athchóirithe foirgneamh atá cothrom le dáta	Sprioc	Limistéar foirgneamh ilárasán athchóirithe		m^2	0	300 000	R2	2025	Limistéar foirgneamh ilárasán athchóirithe a bhaineann tairbhe as ceann amháin ar a laghad de na foirmeacha tacaíochta arna gcistiú ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (cúiteamh as costais tógála, fóirdheontas ráta úis agus/nó cúnamh teicniúil). Le hathchóiriú brostaithe foirgneamh, laghdófar 30 % ar a laghad den tomhaltas fuinnimh phríomhúil ar an meán, mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgneamh agus aicme éifeachtúlachta fuinnimh B a bhaint amach, is é 173 líon iomlán na bhfoirgneamh ilárasán athchóirithe, agus is é 300 000 m2 a limistéar.
54	B.1.3 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe - B.1.3.4. Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla ar fhoirgnimh i gcomhréir le caighdeáin athchóirithe	Sprioc	Limistéar foirgneamh ilárasán athchóirithe		m^2	300 000	880 000	R2	2026	Limistéar foirgneamh ilárasán athchóirithe a bhaineann tairbhe as ceann amháin ar a laghad den chineál tacaíochta arna chistiú ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (cúiteamh as costais tógála, fóirdheontas ráta úis agus/nó cúnamh teicniúil). Áireofar leis sin 320 foirgneamh athchóirithe a bhaineann tairbhe as cúiteamh costais 30 % ar a laghad ar an meán a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Le hathchóiriú brostaithe foirgneamh, laghdófar 30 % ar

	foirgneamh atá cothrom le dáta									a laghad den tomhaltas fuinnimh phríomhúil ar an meán, mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgneamh agus aicme éifeachtúlachta fuinnimh B a bhaint amach, is é 518 líon iomlán na bhfoirgneamh ilárasán athchóirithe, agus is é 880 000 m2 a limistéar.
55	B.1.4 Acmhainneacht ionsúcháin GCT a mhéadú	Sprioc	Limistéar tailte portaigh athfhliuchta		ha	0	2 000	R4	2024	Déanfar 2 000 ha ar a laghad de thalamh portaigh a athfhliuchadh.
56	B.1.4 Acmhainneacht ionsúcháin GCT a mhéadú	Sprioc	Limistéar tailte portaigh athfhliuchta		ha	2 000	6 000	R2	2026	Déanfar 6 000 ha ar a laghad de limistéar tailte portaigh a athfhliuchadh.
57	B.1.4 Acmhainneacht ionsúcháin GCT a mhéadú	Garsprioc	Tháinig reachtaíocht, lena rialaítear athchóiriú bogach (tailte portaigh) agus cosaint bhreise agus úsáid inbhuanaithe na mbogach sin, i bhfeidhm	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R3	2022	Tháinig reachtaíocht i bhfeidhm, lena rialaítear athchóiriú bogach (tailte portaigh) agus cosaint bhreise agus úsáid inbhuanaithe na mbogach sin.
58	B.1.5 I dtreo geilleagar ciorclach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an aistriú chuig an nGeilleagar Ciorclach	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm Rúin Rialtais lena bhformheastar plean gníomhaíochta na Liotuáine maidir leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach faoi 2035, arna tharraingt suas le rannpháirtíocht institiúidí leasmhara agus comhpháirtithe socheacnamaíocha, arb é is aidhm dó páirt a thabhairt do na húdaráis ábhartha uile agus cur chun feidhme agus forbairt an gheilleagair chiorclaigh sa tír a

										chomhordú.

B.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

B.3.1. Athchóiriú 1 ‘Táirgí Airgeadais Glasa a Fhorbairt’

Is é cuspóir an athchóirithe teacht i bhfeidhm an Ordaithe ón Aire Airgeadais lena bhformheastar Plean Gníomhaíochta na Liotuáine maidir le Maoiniú Glas 2023-2026, arb é is aidhm dó maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh chun cuspóirí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a bhaint amach agus chun tarraingteacht na Liotuáine a mhéadú d’infheisteoirí i dtáirgí airgeadais glasa.

Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa phlean gníomhaíochta:

- Lárionad Inniúlachta agus Eolais Airgeadais Ghlais a bhunú;
- forbairt an mhaoinithe ghlais phoiblí a chur chun cinn;
- na réamhchoinníollacha a chruthú chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a mhealladh chun cuspóirí glasa a bhaint amach;
- rochtain ar shonraí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a áirithiú;
- inniúlachtaí a fhorbairt san airgeadas glas agus san oideachas poiblí.

Faoin athchóiriú sin, cuirfear tacaíocht ar fáil chun an Lárionad Inniúlachta agus Eolais maidir le Maoiniú Glas a bhunú agus a oibríochtú, chun rannchuidiú le héiceachóras lipéadaithe inbhuanaithe a fhorbairt sa Liotuáin ar bhonn cleachtais idirnáisiúnta, chun scaipeadh faisnéise ábhartha a bhaineann le hinbhuanaitheacht a áirithiú, chun comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus an saol acadúil a chomhordú agus chun an Liotuáin a chur chun cinn i réimse an airgeadais inbhuanaithe.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

B.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
58a	B.3.1 Táirgí Airgeadais Glasa a Fhorbairt	Garsprioc	Formheas an Phlean Gníomhaíochta maidir le Maoiniú Glas	Teacht i bhfeidhm Ordú an Aire Airgeadais				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an Ordaithe ón Aire Airgeadais lena bhformheastar Plean Gníomhaíochta na Liotuáine maidir le Maoiniú Glas, arb é is aidhm dó maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh chun cuspóirí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a bhaint amach agus chun tarraingteacht na Liotuáine d'infheisteoirí i dtáirgí airgeadais glasa a mhéadú. Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa phlean gníomhaíochta: • Lárionad Inniúlachta agus Eolais Airgeadais Ghlais a bhunú; • forbairt an mhaoinithe ghlais phoiblí a chur chun cinn; • na réamhchoinníollacha a chruthú chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a mhealladh chun cuspóirí glasa a bhaint amach; • rochtain ar shonraí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a áirithiú; • inniúlachtaí a fhorbairt san airgeadas glas agus san oideachas poiblí.
58b	B.3.1 Táirgí Airgeadais Glasa a Fhorbairt	Garsprioc	An Lárionad Inniúlachta agus Eolais Airgeadais Ghlais a bhunú agus a chur i bhfeidhm	Tá an Lárionad Inniúlachta agus Eolais um Maoiniú Glas tagtha i				R4	2023	Bunófar Lárionad Inniúlachta agus Eolais maidir le Maoiniú Glas laistigh de struchtúr INVEGA agus tiocfaidh sé i bhfeidhm chun rannchuidiú le héiceachóras lipéadaithe inbhuanaithe a fhorbairt sa Liotuáin ar bhonn cleachtais

				bhfeidhm						idirnáisiúnta, chun scaipeadh faisnéise ábhartha a bhaineann le hinbhuanaitheacht a áirithiú, chun comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus an saol acadúil a chomhordú agus chun an Liotuáin a chur chun cinn i réimse an airgeadais inbhuanaithe.

C. COMHÁBHAR 3: CLAOCHLÚ DIGITEACH LE HAGHAIDH FÁIS

Leis an gcuid sin de phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Liotuáine, tugtar aghaidh ar ghnéithe éagsúla den chlaochlú digiteach – an nascacht dhigiteach, lena n-áirítear an deighilt dhigiteach idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, digitiú na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha, agus scileanna digiteacha. Áirítear sa chomhpháirt bearta chun rolladh amach 5G a éascú, an bonneagar snáithín a fhorbairt a thuilleadh i gceantair thuaithe agus iargúlta, agus nuálaíocht nascachta a chothú. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag athchóirithe agus infheistíochtaí suntasacha an earnáil phoiblí a dhigitiú. Tá sé beartaithe scileanna digiteacha a chur chun cinn do leanaí, d'fhostaithe agus do shaoránaigh shinsearacha chomh maith le bearta chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas fostaithe TF sa mhargadh saothair. Thairis sin, leis an gcomhpháirt cuirtear infheistíocht chun cinn chun glacadh ardteicneolaíochtaí digiteacha san earnáil phríobháideach a chur chun cinn, go háirithe maidir le comhar idir eolaíocht agus gnó le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha agus digitiú earnáil an chultúir. Ar an iomlán, tá cúig bheart sa chomhpháirt (trí athchóiriú agus dhá infheistíocht).

Tugtar aghaidh sa chomhpháirt ar an moladh tírshonrach maidir le hinfheistíocht san aistriú digiteach a chur chun cinn, go háirithe cumhdach agus glacadh leathanbhanda ardacmhainneachta (Moladh Tírshonrach 3 2020). Ina theannta sin, meastar go rannchuideoidh an chomhpháirt le borradh a chur faoin bhfás táirgiúlachta, lena n-áirítear trí infheistíocht phoiblí a dhéanamh níos éifeachtúla (Moladh Sonrach Tír 3 2019) toisc go n-áirítear inti bearta chun an earnáil phoiblí a dhigitiú, rud a mbeidh tionchar dearfach marthanach aige ar fheidhmiú an riaracháin phoiblí agus ar a tháirgiúlacht. Leis na bearta sa chomhpháirt, tugtar aghaidh go páirteach freisin ar dhúshláin a bhaineann le nuálaíocht theicneolaíoch i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (Moladh Tírshonrach 3 2020). Ar an iomlán, rannchuideoidh méid agus raon feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá beartaithe don aistriú digiteach go hindíreach le tionchar na géarchéime ar fhostaíocht a mhaolú (Moladh Tírshonrach 2 2020) agus le hinfheistíocht don nuálaíocht a chur chun cinn (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

C.1.1. Athchóiriú 1 'Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú'

Is é is aidhm don athchóiriú acmhainní faisnéise stáit a chomhdhlúthú go hiomlán ionas go ndéanfar bonneagar, seirbhísí agus próisis TF na n-institiúidí poiblí a bhainistiú go lárnach, go héifeachtúil agus go sábháilte. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú infheistíocht i dtreo na nithe seo a leanas:

a. An bonneagar néalríomhaireachta atá ann cheana le haghaidh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a leathnú a mhéid is gá do gach institiúid bhuiséadach phoiblí;
b. Aistriú bonneagair TFC atá as dáta nó nach bhfuil comhlíontach ó thaobh na slándála de, chomh maith le bonneagar TFC atá lonnaithe i lárionaid sonraí neamhchomhlíontacha, ag

institiúidí buiséid stáit chuig bonneagar néalríomhaireachta hibrideach faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide atá á bhainistiú go lárnach;

c. Uasghrádú agus athchóiriú comhtháite ar bhogearraí teicniúla agus córasacha le haghaidh líonraí áitiúla tarchurtha sonraí d'institiúidí buiséid stáit atá imithe i léig agus neamhshlán, réiteach bainistíochta láraithe slán a thabhairt isteach (4000 stáisiún oibre ríomhaireachta);
d. Uasghrádú agus ollchóiriú comhtháite ar chrua-earraí agus ar bhogearraí córais stáisiún oibre ríomhaireachta atá as dáta agus nach gcomhlíonann an tslándáil, réiteach bainistíochta láraithe slán a thabhairt isteach (4000 stáisiún oibre ríomhaire).

Is ar institiúidí Stáit atá in ann leas iomlán a bhaint as seirbhísí bonneagair TF an Néal Stáit tar éis an athchóirithe, agus orthu sin amháin, atá an t-athchóiriú iomlán dírithe.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2026.

C.1.1a Infheistíocht 1a 'Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú – Cibearshlándáil stáit a fhorbairt'

Is é is aidhm don infheistíocht cumais chibearshlándála an Stáit a neartú. Beidh na heilimintí seo a leanas san áireamh sa bheart:

a. Clár Náisiúnta Forbartha Cibearshlándála a ghlacadh ar doiciméad pleanála 4 bliana é atá le tarraingt suas i gcomhréir le Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Rialachas Straitéiseach agus le reachtaíocht thánaisteach. Beidh an clár mar bhonn do na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí b-d trí thuairisc a thabhairt ar na dúshláin chibearshlándála nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus trí na cistí agus na hacmhainní is gá chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a shainaithint.
b. Córas faireacháin cibearshlándála a bhunú lena gcuimsítear córais malartaithe faisnéise a bhunú idir úsáideoirí (ábhair chibearshlándála) agus an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála faoin Aireacht Cosanta agus lárionaid bainistíochta slándála a bhunú.
c. An cumas chun imscrúdú a dhéanamh ar chibearchoireacht a neartú, lena n-áireofar infheistíochtaí i réitigh chun mórshonraí a phróiseáil agus anailísíocht a dhéanamh orthu, saotharlann tástála maidir le himscrúduithe cibearchoireachta a dhéanamh.
d. Oiliúint chibearshlándála na mball foirne atá ag obair in eintitis chibearshlándála.

Tabharfar an beart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.1.2. Athchóiriú 2 'Éifeachtacht na bainistíochta sonraí agus na sonraí oscailte a áirithiú'

Is é is aidhm don athchóiriú a áirithiú go mbeidh sonraí iontaofa ón earnáil phoiblí ar fáil, go mbeifear in ann iad a chomhroinnt, go mbeidh deiseanna ann na sonraí a athúsáid agus na réamhchoinníollacha a chruthú le haghaidh beartas poiblí sonraíbhunaithe chomh maith le nuálaíocht dhigiteach san earnáil phríobháideach.

Éilítear leis an athchóiriú infheistíocht phoiblí dhíreach chun samhail d'ailtireacht sonraí stáit agus dá huirlisí bainistíochta a fhorbairt chun an méid sonraí atá ar fáil go poiblí sa loch sonraí náisiúnta (NDL) a mhéadú, agus ar an gcaoi sin na réamhchoinníollacha a chruthú chun sonraí a athúsáid i ngach córas faisnéise stáit agus i ngach clár stáit, agus na sonraí sin a chur ar fáil don phobal, don ghnó agus don eolaíocht.

Is éard atá i gceist le comhtháthú acmhainní faisnéise sa loch sonraí náisiúnta ná na céimeanna seo a leanas:

a. Comhéadan a chruthú leis an soláthraí sonraí tríd an nasc comhroinnte sonraí;
b. Tabhair tuairisc ar an struchtúr séimeantach, ullmhaigh meiteashonraí;
c. Na tacair sonraí a fhaightear a phróiseáil (claochlú, glanadh, anaithnidiú/criptiú, nascadh, comhiomlánú agus obair eile agus sainiúlachtaí na sonraí agus riachtanais na n-úsáideoirí maidir le hoscailt á gcur san áireamh);
d. Comhéadan a chruthú idir an Loch Sonraí Náisiúnta (NDL) agus Stór Sonraí na Tairsí Sonraí Oscailte (data.gov.lt) tríd an gComhéadan Feidhmchlár Aistrithe Stáit Ionadaíochtúil (API);
e. An nasc idir an Loch Sonraí Náisiúnta agus an Tairseach Sonraí Oscailte (data.gov.lt) a fhíorú trí REST API.
f. Sásra a fhorbairt chun nuashonrú uathoibríoch a dhéanamh ar thacair sonraí oscailte agus ar mheiteashonraí na dtacar sin.

Éilíonn dearadh ailtireacht sonraí an stáit:

a. Anailís a dhéanamh ar struchtúr sonraí Acmhainní Faisnéise an Stáit (SIR), forbairt agus fardal shamhail meiteashonraí sonraí SIR, agus bearta modheolaíochta, dlíthiúla agus eagraíochtúla a fhorbairt chun meiteashonraí a chruthú agus a bhainistiú;
b. Uirlis uathoibrithe bainistithe meiteashonraí a shuiteáil, algartam a fhorbairt chun meiteashonraí a líonadh go huathoibríoch, struchtúr bunachar sonraí meiteashonraí agus bogearraí riaracháin a fhorbairt, agus bogearraí ionchuir uathoibrithe a fhorbairt le haghaidh meiteashonraí;
c. Comhéadain a chur chun feidhme le SIR chun meiteashonraí ó gach SIR a bhailiú agus a nuashonrú go huathoibríoch, na meiteashonraí ordlathacha is airde sa bhunachar sonraí a sholáthar, APInna a chruthú le haghaidh malartú sonraí laistigh den Ardán Acmhainní Faisnéise Stáit agus meiteashonraí iomlána chun réaduithe API atá ann cheana agus atá beartaithe a chur san áireamh.

Tá nasc díreach idir an t-athchóiriú agus tionscnaimh Eorpacha chun sonraí a oscailt agus a athúsáid. Leis na hinfheistíochtaí atá beartaithe, beifear in ann oscailt sonraí a chur chun feidhme go rianúil ó thaobh na teicneolaíochta de trí úsáid chomhtháite a bhaint as sonraí ón earnáil phoiblí le haghaidh ilchuspóirí. Is é is aidhm don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a eascraíonn as dílárú agus ilroinnt sonraí na hearnála poiblí. Áireofar sa bhonneagar sin freisin athúsáid sonraí ardluacha sláinte. Is é lucht riaracháin phoiblí, institiúidí eolaíocha, gnólachtaí agus an pobal i gcoitinne spriocghrúpa an athchóirithe.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.1.3. Athchóiriú 3 ‘Seirbhísí atá dírithe ar an gcustaiméir’

Is é is aidhm don athchóiriú seirbhísí poiblí agus riaracháin a dhigitiú trí phróisis rialtais náisiúnta agus áitiúla a chlaochlú go hiomlán, digitiú iomlán, comhtháthú córas, athúsáid sonraí, an caighdeán is airde seirbhíse a chuirtear ar fáil agus díriú ar úsáideoirí an riaracháin phoiblí. Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme in dhá threo:

a. Feabhas a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta chun seirbhísí poiblí nua a fhorbairt agus a uasghrádú agus cuimsitheacht seirbhísí poiblí agus inrochtaineacht seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú.
b. Infheistíochtaí comhtháite i ndigitiú na bpróiseas riaracháin phoiblí, glacadh le seirbhísí poiblí leictreonacha atá ar iarraidh agus uathoibriú malartaithe idirinstitiúidigh sonraí, agus inrochtaineacht uirlisí do dhaoine faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí. Is é cuspóir na hinfheistíochta próisis riaracháin phoiblí a dhigitiú, seirbhísí poiblí leictreonacha atá ar iarraidh a chruthú agus aibíocht na seirbhísí poiblí uile a sholáthraítear sa Liotuáin a aontú, ionas go mbeidh malartú sonraí idirinstitiúideach uathoibrithe agus go mbeidh rochtain ag cách ar fhaisnéis, gan idirdhealú in aghaidh daoine faoi mhíchumas.

Ina theannta sin, beidh cur chun feidhme an athchóirithe bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: prionsabal na haonuaire, cuimsitheacht agus inrochtaineacht seirbhísí, oscailteacht agus trédhearcacht, trasteorann mar réamhshocrú, idir-inoibritheacht mar réamhshocrú, iontaofacht agus slándáil. Déanfar cuid den infheistíocht (EUR 2 000 000) a dhíriú ar fhorbairt chothrománach scileanna digiteacha.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.1.4. Infheistíocht 1 ‘Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil’

Is é is aidhm don infheistíocht na dálaí is gá a chruthú don eolaíocht agus don ghnó chun arduirlisí nuálacha agus réitigh intleachta saorga a fhorbairt agus a chur in úsáid go héifeachtach, ar uirlisí agus réitigh iad atá in ann cumarsáid, léamh, anailís, tuiscint agus léirmhíniú a dhéanamh sa Liotuáinis ar an leibhéal tosaigh agus rochtain uilíoch ar acmhainní digitithe digiteacha a chruthú agus a áirithiú lena gcuirtear ar chumas na heolaíochta, an ghnó agus na sochaí teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí nuálacha atá bunaithe ar ábhar cultúrtha a fhorbairt.

C.1.4.1. Fobheart 1: Acmhainní teicneolaíochta Liotuáinise a fhorbairt

Is é is aidhm don fhobheart acmhainní Liotuáinise a fhorbairt a bheidh ag teastáil chun réitigh teanga IS Liotuáinise a fhorbairt a chuirfear ar fáil go poiblí, saor in aisce don phobal. Áirítear leis sin acmhainní teanga a fhorbairt a chuirfidh ar chumas eagraíochtaí eolaíochta agus gnó córais agus seirbhísí IS na Liotuáine a fheabhsú.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.1.4.2. Fobheart 2: Digitiú agus inrochtaineacht acmhainní cultúrtha

Áirítear san fhobheart bearta eagraíochtúla agus teicniúla i réimse an chultúir dhigitigh agus na n-acmhainní faisnéise digití a fhoilsiú, seirbhísí agus táirgí leictreonacha a oiriúnú do dhaoine faoi mhíchumas chomh maith le réitigh theicneolaíocha agus TF a fhorbairt chun ábhar oidhreachta cultúrtha agus cultúrtha a oscailt agus a athúsáid. Is é is aidhm don fhobheart tionscadal láraithe a chistiú lena socrófar ardán aontaithe chun rochtain a fháil ar acmhainní cultúrtha digitithe dhá úinéir déag ar a laghad ar acmhainní cultúrtha agus chun iad a scaipeadh,ar ardán é a fhéadfaidh tionscnóir lárnach tionscadail a chur chun feidhme. Déanfar na hacmhainní cultúrtha digitithe a chur ar fáil agus a scaipeadh ar aon ardán TF amháin. Ina theannta sin, beidh 20 % de na hacmhainní digiteacha

(leictreonacha) atá ar fáil tríd an ardán náisiúnta foilseacháin ar líne ELVIS oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.1.4.3. Fobheart 3: Ábhar agus acmhainní oideachais dhigitigh a tháirgeadh

Is é is cuspóir don fhobheart forbairt a dhéanamh ar na réitigh theicneolaíocha is gá le haghaidh teagasc digiteach, acmhainní staidéir agus bonneagar TF in institiúidí oideachais chun cianfhoghlaim phearsantaithe a chumasú. Tá sé beartaithe bonn acmhainní foghlama digití a chur ar fáil do scoileanna, ag feidhmiú mar chianscoil náisiúnta, bunaithe ar an nasc idir uirlisí foghlama digiteacha atá ann cheana agus uirlisí nua, ábhar digiteach arna fhorbairt ag foilsitheoirí poiblí agus príobháideacha, córais tástála agus measúnaithe feidhmíochta, leabharlanna, ábhar oideachais atá cothrom le dáta faoi láthair. Chun éifeachtacht an chianoideachais a áirithiú, déanfar fréamhshamhlacha don chianoideachas agus don oideachas cumaisc a fhorbairt, a thástáil agus a chur chun feidhme.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

C.1.4.4. Fobheart 4: Ionstraimí airgeadais le haghaidh cruthú gnó agus nuálaíocht dhigiteach

Is é is aidhm don fhobheart dreasachtaí airgeadais a chur ar fáil chun gnólachtaí a chruthú agus don nuálaíocht dhigiteach.

Tacófar le hionaid seirbhísí gnó chun próisis uathoibrithe róbataice agus réitigh intleachta saorga a imscaradh trí chaiteachas a mhaoiniú a bhaineann le (i) seirbhísí comhairliúcháin a bhaineann le hanailís tosaigh an tionscadail ar na próisis atá réasúnach le huathoibriú agus na réitigh lena gcumasaítear na próisis sin; (ii) costais oiliúna a bhaineann le forbairt CEC agus réiteach IS; (iii) ceadúnais (róbait, ceadúnais bogearraí) a fháil i ndáil leis an tionscadal; (iv) costas an luacha saothair as an am a chaitear ar ghníomhaíochtaí tionscadail; (v) costais trealaimh agus chíosa a bhaineann le suiteáil agus oibriú na réiteach uathoibrithe (e.g. cíos freastalaí).

Tabharfar tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do sheach-chuideachtaí chun táirgí agus réitigh a fhorbairt don intleacht shaorga, do theicneolaíochtaí blocshlabhra agus d'uathoibriú próiseas róbataice trí chaiteachas a mhaoiniú a bhaineann le (i) forbairt táirgí agus seirbhísí ag an gcéad chéim aibíochta, sula dtiomsófar caipiteal infheistíochta; (ii) anailís ar riachtanais an mhargaidh; (iii) coincheap teicneolaíoch réitigh a fhorbairt; (iv) íostáirge inmharthana a fhorbairt; agus (v) céim indíoltachta an táirge a bhaint amach.

Tabharfar an fobheart i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2025.

C.1.4.5. Fobheart 5: Ionad barr feabhais TFC

Is é is aidhm do bhunú ionaid barr feabhais TFC naisc a fhorbairt agus a chruthú idir lucht gnó, lucht acadúil agus údaráis phoiblí, T&F a chur chun cinn chun teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí a fhorbairt i raon leathan réimsí, iad a ullmhú don mhargadh (tráchtálú), agus malartú smaointe, eolais agus infheistíochta a chothú. Dhíreodh an lárionad sin ar inrochtaineacht bonneagair agus seirbhísí a bhaineann le gnó a mhéadú, lena n-áirítear le haghaidh seach-chuideachtaí arna mbunú ag institiúidí ardoideachais chun críoch tráchtála.

Tabharfar an infheistíocht chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

C.1.5. Infheistíocht 2 ‘Céim i dtreo 5G’

Is é cuspóir na hinfheistíochta cumhdach agus dul i bhfód éifeachtach líonraí cumarsáide leictreonaí an-tréscaoilteach a áirithiú, líonraí a chomhlíonann riachtanais gnóthas atá gníomhach go digiteach agus atá oiriúnaithe d’fhorbairt líonraí fíor-ardacmhainne, lena n-áirítear líonraí 5G ar bhealach cothrom. Is é is aidhm don bheart leathadh amach 5G ar fud na tíre a éascú, agus go háirithe i gconairí idirnáisiúnta iompair de thalamh (Via Baltica, Rail Baltica) agus truncbhóithre agus línte iarnróid eile a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, aerfoirt agus calafoirt. Áirítear leis an mbeart maoiniú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá beartaithe a chomhlánú le maoiniú ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, ó chistí struchtúracha eile de chuid an Aontais, ó chistí náisiúnta agus ó infheistíocht phríobháideach a ghiaráil. Ag an am céanna, tá sé d’aidhm ag an infheistíocht freisin bonneagar snáithín a fhorbairt i gceantair thuaithe agus iargúlta, lena gcuirfear rochtain ar leathanbhanda luais ghigighiotáin ar fáil do 5000 spreagthaí socheacnamaíocha. Áirítear leis an infheistíocht freisin gnéithe chun gnólachtaí agus comhlachtaí poiblí a spreagadh chun nuáil a dhéanamh agus chun oiriúnú don nascacht dhigiteach thapa trí sheacht bhfeidhm phraiticiúla ar a laghad de nuálaíochtaí soghluaisteachta a chur chun feidhme.

C.1.5.1. Fobheart 1: Treochlár 5G

Tá sé beartaithe le treochlár 5G na Liotuáine forbairt chothrom, chostéifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar 5G, arb é is aidhm di seirbhísí 5G atá ar fáil ar bhonn tráchtála a bhaint amach in 95 % de chríoch na limistéar uirbeach, conairí idirnáisiúnta iompair de thalamh (Via Baltica, Rail Baltica), truncbhóithre agus línte iarnróid a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, aerfoirt agus calafoirt. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, áirítear i dtreochlár 5G bearta arb é is aidhm dóibh coinníollacha rialála agus infheistíochta a éascú chun 5G a fhorbairt. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na bearta sin i gcomhréir tríd is tríd leo siúd atá i ‘bPacáiste Nascachta’ an Aontais.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

C.1.5.2. Fobheart 2: Tuilleadh forbartha ar líonraí fíor-ardacmhainne

Is é is aidhm don fhobheart bonneagar gigighiotáin a fhorbairt i gceantair iargúlta agus thuaithe nach bhfuil bonneagar oibreora phríobháidigh iontu faoi láthair agus nach bhfuil bonneagar den sórt sin beartaithe go luath amach anseo. Ba cheart don bhonneagar forbartha an nasc le luas gigighiotáin 5000 spreagadh socheacnamaíoch san iomlán a éascú. Seoladh staidéar i lár 2021 chun réimsí a shainaithint nach ann do bhonneagar iontu atá in ann cáilíocht leordhóthanach seirbhíse a sholáthar nó nach bhfuil sé beartaithe é a dhéanamh go luath amach anseo trí phleanáil raidió agus trí chomhairliúchán le hoibreoirí príobháideacha. Beidh gníomhaithe socheacnamaíocha nasctha trí thúir a thógáil agus snáithín a rolladh amach. Déanfar meastóireacht ar réitigh theicneolaíocha optamacha le haghaidh gach cáis.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.1.5.3. Fobheart 3: Nuálaíocht sa tsoghluaisteacht

Cuirfear nuálaíocht sa tsoghluaisteacht chun cinn trí nós imeachta iomaíoch, lena gcuirfear cistí ar fáil do raon leathan eintiteas nó cuibhreannas i bhfoirm tionscadal arb é is aidhm dóibh réitigh

dhigiteacha a fhorbairt chun digitiú earnálacha éagsúla a mhéadú trí nuálaíochtaí iompair agus cumarsáide a chur i bhfeidhm go praiticiúil amhail (i) iompar uathrialach, (ii) aerárthaí gan foireann - dróin, (iii) Idirlíon na Rudaí Nithiúla, (iv) réaltacht fhíorúil (v) róbatú nó uathoibriú bunaithe ar 5G agus réitigh theicneolaíocha ardfhorbartha a thabhairt isteach amhail (vi) billí iompair agus bainistiú inbhuanaithe sonraí soghluaisteachta; (vii) réitigh chun córas ticéadaithe aontaithe agus saoráidí iompair a dhigitiú.

Leis na réitigh, tabharfar isteach comhlachtaí poiblí agus cuirfear in oiriúint iad do nuálaíochtaí soghluaisteachta 5G (iompar uathrialach, ladrainn, etc.).

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
59	C.1.1 Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú	Garsprioc	Aistríodh gach córas atá á reáchtáil ag institiúidí buiséid an Stáit chuig bonneagar nua néalríomhaireacht a rialtais hibridigh	Athnuachan agus atheagrú casta bhonneagar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide na n-institiúidí buiséid stáit a chur i gcrích, agus bainistiú láraithe slán a chur chun feidhme				R3	2026	Tá gach córas arna reáchtáil ag institiúidí buiséid an Stáit (cinntear na hinstitiúidí buiséid Stáit sin i Rún Uimh. 498) atá i mbonneagar TFC atá as dáta nó nach bhfuil comhlíontach ó thaobh na slándála de, chomh maith leo siúd a bhfuil a mbonneagar TFC lonnaithe in ionaid sonraí neamhchomhlíontacha, tar éis aistriú chuig bonneagar néalríomhaireachta rialtais hibridigh nua in dhá shraith: 1. An bonneagar néalríomhaireachta atá ann cheana le haghaidh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a leathnú a mhéid a éilíonn gach institiúid buiséid phoiblí agus bonneagar TFC na n-institiúidí Buiséid Stáit atá as dáta agus nach gcomhlíonann an tslándáil a aistriú chuig bonneagar néalteicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										bhainistítear go lárnach; 2. Uasghrádú agus athchóiriú comhtháite ar líonraí tarchurtha sonraí áitiúla atá as dáta agus nach gcomhlíonann an tslándáil, crua-earraí agus bogearraí córais le haghaidh stáisiúin oibre ríomhaireachta ag institiúidí buiséid an Stáit, réiteach bainistíochta láraithe slán a thabhairt isteach. Eisceacht: Córais faoi úinéireacht institiúidí buiséid Stáit atá á mbainistiú ag Lárionad Cláir Fiontar Stáit, arna gcothabháil ó bhuiséad Lárionad Clár Fiontar Stáit agus a oibrítear ina bhonneagar TFC, agus a stóráiltear in ionaid sonraí chomhlíontacha, ní áirítear iad sa liosta córas seo.
60a	C.1.1a Athrú ar rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí – Cibearshlándáil stáit a fhorbairt	Garsprioc	Glacadh an Chláir Forbartha Cibearshlándála.	Glacadh an Clár Forbartha Cibearshlándála				R3	2023	Glacfaidh Rialtas Phoblacht na Liotuáine an Clár Náisiúnta Forbartha Cibearshlándála.
60b	C.1.1a Athrú ar	Garsprioc	Córas náisiúnta	Córas náisiúnta				R2	2026	Bunófar córas faireacháin

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí - Cibearshlándáil stáit a fhorbairt		faireacháin cibearshlándála a bhunú.	faireacháin cibearshlándála bunaithe						cibearshlándála. Áireofar leis sin: 1) crua-earraí agus bogearraí a shuiteáil; 2) malartú faisnéise idir úsáideoirí (ábhair chibearshlándála) agus an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a bhunú; agus 3) ionaid bainistíochta slándála a bhunú.
60c	C.1.1a Athrú ar rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí – Cibearshlándáil stáit a fhorbairt	Garsprioc	Cumas neartaithe maidir le himscrúdú cibearchoireachta	Neartaítear na cumais chibearshlándála maidir le himscrúdú coireachta trí bhogearraí agus crua-earraí a shuiteáil.				R2	2026	Suiteálfar crua-earraí agus bogearraí chun imscrúdú cibearchoireachta a neartú. Bunófar saotharlann fhóiréinseach dhigiteach chun oibríochtaí fóiréinseacha ardleibhéil a reáchtáil lena ndéanfar imscrúdú ar ghníomhaíochtaí Bagairtí Ardmharthanacha.
61	C.1.1 Athrú ar rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí – Cibearshlándáil stáit a fhorbairt	Sprioc	Oiliúint chibearshlándála a chur i gcrích		Líon	0	300	R2	2026	Tá oiliúint chibearshlándála curtha i gcrích ag 300 ball foirne d'eintitis chibearshlándála na hearnála poiblí.
62	C.1.1 Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú	Sprioc	Soláthraíonn Roinn na Seirbhísí Teicneolaíochta		Céatadán	9%	75%	R1	2025	Baineann 75 % de na hinstitiúidí arna gcinneadh i Rún Uimh. 498 ó Rialtas Phoblacht na Liotuáine tairbhe as seirbhísí TF

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			Faisnéise Stáit seirbhísí TF d'institiúidí buiséid arna gcinneadh i Rún Uimh. 498 ó Rialtas Phoblacht na Liotuáine ar bhonn comhdhlúite							comhdhlúite.
63	C.1.1 Rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí a chlaochlú	Sprioc	Soláthraíonn Roinn na Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise Stáit seirbhísí TF do gach institiúid bhuiséid arna gcinneadh i Rún Uimh. 498 ó Rialtas Phoblacht na Liotuáine ar bhonn comhdhlúite		Céatadán	75%	100%	R3	2026	Baineann 100 % de na hinstitiúidí arna gcinneadh i Rún Uimh. 498 ó Rialtas Phoblacht na Liotuáine tairbhe as seirbhísí TF comhdhlúite.
64	C.1.2 Éifeachtacht na bainistíochta sonraí agus na sonraí oscailte a áirithiú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le próiseáil éifeachtúil sonraí.	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R3	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le bainistiú éifeachtúil sonraí. Áirítear leis sin leasuithe ar an Dlí maidir le Staidreamh Oifigiúil nó ar an Dlí maidir leis an gCeart chun Faisnéis a Fháil ó

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										Institiúidí Stáit agus Bardais lena leathnaítear feidhmeanna na Liotuáine Staitistiúla chun bainistiú an Locha Sonraí Stáit (ardán sonraí stáit) a chumhdach.
65	C.1.2 Éifeachtacht na bainistíochta sonraí agus na sonraí oscailte a áirithiú	Sprioc	Teacht i bhfeidhm na samhla bainistithe sonraí		Líon	0	1	R4	2024	Teacht i bhfeidhm samhla bainistithe sonraí. Cruthófar comhéadan láraithe ríomhchláraithe feidhmchlár (API) le haghaidh soláthar sonraí agus úsáidfidh na sonraí stáit a áirítear sa tsamhail ailtireachta sonraí API láraithe le haghaidh malartú sonraí.
66	C.1.2 Éifeachtacht na bainistíochta sonraí agus na sonraí oscailte a áirithiú	Sprioc	Comhtháthú acmhainní faisnéise isteach sa loch sonraí		Líon	53	376	R2	2026	Déanfar 376 acmhainn faisnéise san iomlán a chomhtháthú sa loch sonraí náisiúnta. Áirithítear le cur chun feidhme an athchóirithe bainistiú éifeachtúil sonraí lena seachnaítear dúbláil cinntí. Ar an mbealach sin, baintear úsáid réasúnach as acmhainní airgeadais, cuirtear feabhas ar cháilíocht na sonraí, déantar an riosca maidir le leochaileachtaí sonraí pearsanta a bhainistiú go héifeachtúil, déantar fardal ar shonraí, agus áirithítear athúsáid sonraí.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
67	C.1.2 Éifeachtacht na bainistíochta sonraí agus na sonraí oscailte a áirithiú	Sprioc	Teacht i bhfeidhm na huirlise malartaithe sonraí		Líon	0	1	R1	2024	Teacht i bhfeidhm uirlise malartaithe sonraí a chomhlíonann na ceanglais chuntasaíochta iomchuí. Trí uirlis malartaithe sonraí a chruthú, beifear in ann ríomhshonraisc a sheoladh agus a fháil agus a phróiseáil ar mhórscála, rud a shábhálfaidh costais ábharacha agus saothair i ngeilleagar na tíre, agus a íocfaidh go tapa leis an stát. Foilseofar an uirlis malartaithe sonraí agus beidh rochtain saor in aisce uirthi.
68	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin leasaithe maidir le faisnéis a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R1	2024	Teacht i bhfeidhm rialacháin dhlíthiúil leasaithe maidir le faisnéis a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.
69	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Garsprioc	Foilsiú an ghlao ar thairiscintí le haghaidh réitigh agus uirlisí nuálacha chun deiseanna cumarsáide níos fearr a chinntiú do	Fógra maidir le glao ar thairiscintí a fhoilsiú				R2	2023	Foilsiú an ghlao ar thairiscintí le haghaidh réitigh agus uirlisí nuálacha chun deiseanna cumarsáide níos fearr a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas. Déanfar sonraíochtaí teicniúla agus soláthar poiblí a fhorbairt i gcomhar leis na spriocghrúpaí.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			dhaoine faoi mhíchumas							Leis na ceanglais cháilíochta, tabharfar aird ar leith ar thaithí, scileanna agus scileanna na soláthróirí chun réitigh TF chomhchosúla a chur chun feidhme. Comhlíonfaidh córais TF ceanglais uile Threoir an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hInrochtaineacht Idirlín. (2024 R1).
70	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm lárionaid inniúlachta le haghaidh sonraí oscailte agus claochlú digiteach	Lárionad inniúlachta le haghaidh sonraí oscailte agus claochlú digiteach oibríochtúil				R4	2021	Lárionad inniúlachta le haghaidh sonraí oscailte agus claochlú digiteach a theacht i bhfeidhm le Rún ó Phoblacht na Liotuáine. Tá dhá roinn i struchtúr eagrúcháin an Lárionaid Inniúlachta: déanfaidh duine amháin faireachán agus meastóireacht ar réitigh dhigiteacha agus díreoidh an dara ceann ar shonraí agus ar ailtireacht. Déanfaidh an Grúpa Faireacháin agus Meastóireachta ar Réitigh Dhigiteacha, de réir mar is iomchuí, anailís agus faireachán ar na réitigh atá ann cheana trí mheasúnú a dhéanamh ar

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										fheidhmiúlacht agus ar na dúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Déanfaidh sé measúnú ar thionscnaimh nua ó thaobh dúbláil na réiteach atá ann cheana agus inmholtacht na réiteach teicneolaíochta de. Saineoidh an Grúpa Sonraí agus Ailtireachta ailtireacht fhoriomlán na gcóras faisnéise agus na sonraí, na caighdeáin agus na ceanglais theicniúla atá le cur i bhfeidhm maidir leis na réitigh nuafhorbartha. Táthar ag súil go bhfaighidh gach réiteach nua atá beartaithe measúnú tosaigh ar an ngrúpa tionscnamh digiteach agus, a luaithe a bheidh an próiseas sin agus na dréachtcheanglais mhionsonraithe ullmhaithe, déanfar measúnú air ó thaobh na comhoiriúnachta ailtireachta de.
71	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Sprioc	Teacht i bhfeidhm réiteach le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha do dhaoine faoi		Líon		2	R1	2025	Teacht i bhfeidhm dhá réiteach chun rochtain ar sheirbhísí poiblí digiteacha ag daoine faoi mhíchumas a éascú: réiteach TF amháin chun deiseanna

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			mhíchumas							cumarsáide níos fearr a chinntiú do dhaoine bodhra, agus réiteach TF eile chun rochtain ar fhaisnéis a chinntiú do dhaoine dalla. Soláthróidh soláthróirí na seirbhísí a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí acu trí bhíthin soláthar poiblí.
72	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Sprioc	Úsáid shásúil seirbhísí poiblí ag daoine faoi mhíchumas		%	0	60%	R1	2026	Glacfaidh 1000 freagróir ar a laghad páirt i suirbhé arb é is aidhm dó a mheas ar chomhlíon an t-athchóiriú ar rochtain ar sheirbhísí poiblí ag daoine faoi mhíchumas a sprioc maidir le faisnéis inrochtana a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin agus réitigh chumarsáide ionchais na n-úsáideoirí. Déarfaidh 60% de na freagróirí go bhfuil siad sásta agus/nó go measann siad go bhfuil siad úsáideach trí úsáid a bhaint as na réitigh a forbraíodh.
73	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Sprioc	Tionscadail atá curtha i gcrích chun seirbhísí a dhigitiú agus chun leibhéal aibíochta na seirbhísí a sholáthraítear a uasghrádú		Líon	0	15	R2	2026	15 thionscadal ar a laghad a chur i gcrích chun seirbhísí a dhigitiú agus leibhéal aibíochta na seirbhísí arna soláthar ag an riarachán poiblí a uasghrádú. Roghnófar tionscadail ar bhonn samhail roghnúcháin fhormheasta agus léireoidh siad

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										na bealaí is fearr agus is éifeachtúla chun iad a chur chun feidhme. Déanfaidh institiúidí agus bardais ar an leibhéal lárnach na tionscadail a chur chun feidhme chun seirbhísí nua a fhorbairt nó chun réitigh theicneolaíocha nua a thabhairt isteach (beidh sé d'aidhm ag tionscadail chun seirbhísí digiteacha a fhorbairt agus próisis a dhigitiú seirbhísí digiteacha a dhéanamh simplí, áisiúil, réamhghníomhach, idir-inoibritheach, agus beidh an fhorbairt in ann úsáid a bhaint as réitigh atá bunaithe ar intleacht shaorga, meaisínfhoghlaim, anailísíocht sonraí nó ardphrionsabail eile).
74	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.1. Acmhainní teicneolaíochta	Garsprioc	Acmhainní Liotuáinise a sholáthar chun an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt	Acmhainní Liotuáinise atá ar fáil go poiblí chun réitigh intleachta saorga a fhorbairt				R2	2026	Cuirfear acmhainní Liotuáinise chun réitigh intleachta saorga a fhorbairt ar fáil go poiblí agus saor in aisce.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Liotuáinise a fhorbairt									
75	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.1. Acmhainní teicneolaíochta Liotuáinise a fhorbairt	Sprioc	Tionscadail atá curtha i gcrích chun acmhainní Liotuáinise a chruthú a theastaíonn chun réitigh IS a fhorbairt		Líon	0	5	R2	2026	5 ghrúpa tionscadal a chur i gcrích chun acmhainní Liotuáinise a chruthú a bhfuil gá leo chun réitigh intleachta saorga a fhorbairt.
76	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.2. Digitiú agus inrochtaineacht acmhainní cultúrtha	Sprioc	Conarthaí sínithe le húinéirí na n-acmhainní cultúrtha digiteacha agus digitithe chun na hacmhainní a oscailt agus curtha ar fáil d'úsáideoirí		Líon	0	12	R4	2022	12 chonradh ar a laghad arna síniú le húinéirí na n-acmhainní cultúrtha digiteacha chun na hacmhainní a oscailt agus iad a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí.
77	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh	Sprioc	Conarthaí curtha i gcrích chun acmhainní cultúrtha		Líon	0	12	R2	2026	Réitigh eagraíochtúla agus theicniúla chríochnaithe chun 12 acmhainn chultúrtha dhigiteacha ar a laghad a oscailt agus a chur

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.2. Digitiú agus inrochtaineacht acmhainní cultúrtha		digiteacha a oscailt agus a chur ar fáil d'úsáideoirí							ar fáil do na húsáideoirí.
78	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.2. Digitiú agus inrochtaineacht acmhainní cultúrtha	Sprioc	Acmhainní digiteacha (leictreonacha) a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas		%	15%	20%	R4	2025	Beidh 20 % de na hacmhainní digiteacha (leictreonacha) atá ar fáil tríd an ardán náisiúnta foilseacháin ar líne ELVIS oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas. Áireofar leis an gcineál foilseachán ríomhleabhair shaincheaptha do dhaoine nach bhfuil in ann an téacs clóite a léamh. Bainfidh na foilseacháin úsáid as prionsabail foilsitheoireachta chuimsitheacha agus dearfar iad do chách, lena n-áirítear daoine a bhfuil lagú/riachtanais aonair éagsúla orthu. Cuirfear na foilseacháin sin ar fáil tríd an ardán náisiúnta foilseacháin ar líne ELVIS (www.elvis.labiblioteka.lt) i bhformáid shaincheaptha.
79	C.1.4	Sprioc	Teacht i bhfeidhm		Líon	0	1704	R2	2024	Teacht i bhfeidhm saoráidí

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.3. Ábhar agus acmhainní oideachais dhigitigh a tháirgeadh		saoráidí foghlama digití							foghlama digití lena n-áirítear réada teicneolaíochta agus digiteacha don oideachas agus don staidéar (acmhainní digiteacha don oideachas ginearálta, fréamhshamhlacha don chianoideachas agus don oideachas cumaisc, seomraí ranga agus lucht féachana atá feistithe don chianoideachas agus don oideachas hibrideach, digitiú curaclam/modúl/ábhar araíonachta).
80	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.4. Ionstraimí airgeadais le haghaidh cruthú gnó agus nuálaíocht dhigiteach	Garsprioc	Foilsiú an ghlao ar thairiscintí agus formheas na dtéarmaí maoinithe chun réitigh theicneolaíocha nuálacha a fhorbairt agus a úsáid i ngnó	Foilsiú an ghlao ar thairiscintí				R3	2022	Foilsiú an ghlao ar thairiscintí agus formheas na dtéarmaí maoinithe ag Aireacht an Gheilleagair agus na Nuálaíochta nó ordú ó Stiúrthóir na Gníomhaireachta Eolaíochta, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta.
81	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh	Sprioc	Teacht i bhfeidhm conarthaí le haghaidh		Líon	0	184	R3	2024	Teacht i bhfeidhm conarthaí le haghaidh dreasachtaí airgeadais do chruthú gnó agus don

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.4. Ionstraimí airgeadais le haghaidh cruthú gnó agus nuálaíocht dhigiteach		dreasachtaí airgeadais do chruthú gnó agus don nuálaíocht dhigiteach							nuálaíocht dhigiteach: 1) 14 chonradh le haghaidh dreasachtaí airgeadais d'ionaid seirbhísí gnó chun uathoibriú próiseas róbataice agus réitigh intleachta saorga a úsáid. 2) 170 conradh le haghaidh dreasachtaí airgeadais do ghnólachtaí nuathionscanta agus do sheach-chuideachtaí chun táirgí agus réitigh a fhorbairt don intleacht shaorga, do theicneolaíochtaí blocshlabhra, d'uathoibriú próisis róbataice.
82	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.5. Ionad Barr Feabhais TFC	Sprioc	Teacht i bhfeidhm ionaid barr feabhais		Líon	0	1	R4	2025	Teacht i bhfeidhm ionaid thiomnaithe barr feabhais TFC.
83	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.1. Treochlár 5G	Garsprioc	Radaimhinicíochtaí sannta chun líonraí 5G a imscaradh	Radaimhinicíochtaí sannta				R1	2022	Ceantanna a rinneadh agus údaruithe a deonaíodh chun radaimhinicíochtaí (cainéil) a úsáid i mbandaí 3400-3800 MHz

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										agus 694-790 MHz.
84	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.1. Treochlár 5G	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar na dlíthe ábhartha lena gcumasaítear an bonneagar cumarsáide leictreonaí a shuiteáil níos tapúla	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar cheanglais na rialachán teicniúil maidir le tógáil agus suiteáil an bhonneagair cumarsáide leictreonaí chun infhaighteacht seirbhísí poiblí cumarsáide soghluaiste i ngach áitreabh i bhfoirgnimh phoiblí a chur chun cinn agus chun imscaradh líonraí cumarsáide poiblí i lánaí bóthair náisiúnta agus bardasacha, cearnóga, droichid, tarbhealaí, tolláin a éascú.
85	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.1. Treochlár 5G	Sprioc	Teacht i bhfeidhm seirbhísí 5G i limistéir uirbeacha agus truncbhóithre agus línte iarnróid eile a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, aerfoirt agus calafoirt		%	0	95	R4	2025	Faoi dheireadh 2025, beidh seirbhísí 5G ar fáil ar bhonn tráchtála i 95 % de chríoch limistéar uirbeach, conairí idirnáisiúnta iompair de thalamh (Via Baltica, Rail Baltica), truncbhóithre agus línte iarnróid a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo, aerfoirt agus calafoirt.
88	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.2. Tuilleadh forbartha ar líonraí fíor-	Sprioc	Nasc a dhéanamh le luas gigighiotáin cuideachtaí príobháideacha		Líon	0	5 000	R2	2026	Nasc le luas gigighiotáin 5 000 spreagthaí socheacnamaíocha – eintitis ar féidir leo, trína misean, trína gcineál nó trína suíomh, sochair shocheacnamaíocha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	ardacmhainne		agus poiblí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus rialtais agus institiúidí bardasacha (spreagthóirí socheacnamaíocha)							thábhachtacha a ghiniúint go díreach nó go hindíreach do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do phobail áitiúla atá lonnaithe ina gcríoch máguaird nó ina réimse tionchair, lena n-áirítear, i measc nithe eile, údaráis phoiblí, eintitis phoiblí nó phríobháideacha a gcuirtear de chúram orthu seirbhísí ar mhaithe leis an leas ginearálta nó seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a oibriú mar a leagtar amach in Airteagal 106(2) den Chonradh agus fiontair atá dian ar bhonn digiteach.
89	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.3. Nuálaíocht sa tsoghluaisteacht	Garsprioc	Údarás inniúil a ainmniú chun bearta nuálaíochta iompair a riar					R2	2022	Údarás inniúil a ainmniú a tharraingeoidh suas an clár gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú chomh maith leis na coinníollacha agus na critéir roghnúcháin don nós imeachta iomaíoch le haghaidh nuálaíochta sa tsoghluaisteacht.
90	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.3. Nuálaíocht sa tsoghluaisteacht	Sprioc	Teacht i bhfeidhm réiteach digiteach le haghaidh nuálaíocht soghluaisteachta		Líon	0	7	R2	2026	Teacht i bhfeidhm seacht réiteach dhigiteacha ar a laghad chun an digitiú a mhéadú in earnálacha éagsúla trí nuálaíochtaí iompair agus

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										cumarsáide a chur i bhfeidhm go praiticiúil amhail (i) iompar uathrialach, (ii) aerárthaí gan foireann - ladrainn, (iii) Idirlíon na Rudaí Nithiúla, (iv) réaltacht fhíorúil, (v) róbatú nó uathoibriú bunaithe ar 5G agus réitigh ardteicneolaíochta a thabhairt isteach (vi) billí iompair agus bainistiú inbhuanaithe ar shonraí soghluaisteachta; (vii) réitigh chun córas ticéadaithe aontaithe agus saoráidí iompair a dhigitiú. Leis na réitigh, tabharfar isteach comhlachtaí poiblí agus cuirfear in oiriúint iad do nuálaíochtaí soghluaisteachta 5G (iompar uathrialach, ladrainn, etc.).

D. COMHÁBHAR 4: OIDEACHAS AR ARDCHAIGHDEÁN AGUS INROCHTANA DON TSAOLRÉ IOMLÁN

Is é is aidhm don chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine i réimse an oideachais cáilíocht agus éifeachtúlacht gach leibhéil oideachais agus oiliúna a fheabhsú, lena n-áirítear foghlaim aosach, chomh maith le forbairt scileanna a chur chun cinn. Is é is aidhm do na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí an méid seo a leanas a dhéanamh: 1. an t-oideachas ginearálta a nuachóiriú, 2. feabhas a chur ar inniúlachtaí agus ar aithint cáilíochtaí do dhaoine fásta, 3. córas gairmthreorach a bhunú agus 4. feabhas a chur ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint (VET) lena n-áirítear trí fhoghlaim obairbhunaithe. Dírítear sna hathchóirithe ar fheabhas a chur ar rochtain agus ar cháilíocht an oideachais luath-óige agus scoile, ar inniúlachtaí múinteoirí agus ceannairí scoile a neartú, ar ábhar foghlama a thabhairt cothrom le dáta agus ar chóras gairmthreorach a bhunú. Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí bonneagar scoile a fheabhsú agus a chomhdhlúthú, éiceachóras oideachais STEAM a fheabhsú, ardán ilfhreastail a bhunú don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, tacú le printíseachtaí agus cuntais foghlama aonair a mhaoiniú, tacú le speisialtóirí gairmthreorach, printíseachtaí agus rannpháirtíocht i gcláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, i gcláir shoghluaisteachta.

Na bearta a áirítear sa tacaíocht chomhpháirte lena dtugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha maidir le feabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtúlacht ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear foghlaim aosach agus scileanna a chur chun cinn (CSR2 2019, CSR2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

D.1.1 Athchóiriú 1 'Oideachas Ginearálta Nua-Aimseartha – Cúlra d'Inniúlachtaí Iomaíocha'

Is é cuspóir an athchóirithe feabhas a chur ar an oideachas ginearálta chun bearnaí gnóthachtála i measc daltaí a laghdú. Beidh seacht bhfobheart ag gabháil leis na hathchóirithe: 1. Cáilíocht an oideachais a fheabhsú 2. An líonra scoile a atheagrú 3. Clár Scoile na Mílaoise, 4. Inniúlachtaí na foirne oideolaíochta a neartú, 5. Forbairt éiceachóras STEAM 6. claochlú an oideachais dhigitigh 7. Oideachas agus cúram na luath-óige a fheabhsú.

D.1.1.1 Fobheart 1: Cáilíocht an oideachais a fheabhsú

Is é cuspóir an fhobhirt cáilíocht an oideachais a fheabhsú. Déanfar ábhar na gcreatchlár oideachais réamh-bhunscoile, bunscoile, meánscoile íochtaraí agus meánscoile a nuashonrú faoin 30 Meán Fómhair 2022 chun an t-eolas eolaíoch is déanaí, agus na forbairtí eolaíocha is déanaí, a chur san áireamh. Glacfar táscairí íosta chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais scoile agus leasófar an nós imeachta maidir le heagrú agus déanamh na meastóireachta seachtraí ar scoileanna a bhfuil cláir oideachais scoile á gcur i gcrích acu faoin 30 Meitheamh 2022 d'fhonn torthaí níos fearr, cuimsiú agus éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach agus bearnaí gnóthachtála i measc daltaí a laghdú. Cuirfear i bhfeidhm an nós imeachta maidir leis an meastóireacht sheachtrach ar ghníomhaíochtaí scoileanna oideachais ghinearálta a eagrú agus a dhéanamh.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

D.1.1.2. Fobheart 2: An líonra scoile a atheagrú

Is é is cuspóir don fhobheart leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le líonra scoileanna a chruthú a bhfuil cláir oideachais fhoirmiúla á gcur i gcrích acu d'fhonn ceanglais nua a leagan síos do bhardais maidir le méid na scoile, na rialacha maidir le ranganna comhpháirteacha agus nósanna imeachta agus ceanglais chistiúcháin bhreise maidir le hatheagrú. Áireofar sna critéir deireadh a chur leis an bhféidearthacht gráid 5-8 a chumasc agus ceanglas scoileanna stáit ina bhfuil 60 dalta nó níos lú a atheagrú. Mar thoradh ar na rialacha nua, laghdófar líon na n-aicmí comhpháirteacha; líon na ngiomnáisiam beag agus líon na scoileanna beaga (le níos lú ná 200 dalta).

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

D.1.1.3: Fobheart 3: Clár Scoil na Mílaoise

Is é is cuspóir don fhobheart seo bonneagar scoile a atheagrú agus a fheabhsú agus comhdheiseanna oideachais a áirithiú do leanaí na Liotuáine, gan beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu, agus ar a gcúlra socheacnamaíoch. Glacfar clár dul chun cinn le haghaidh 'Scoileanna Mílaoise' faoin 31 Nollaig 2021 ina leagfar amach na coinníollacha agus na ceanglais do bhardais atá ag lorg tacaíochta do ghníomhaíochtaí scoile, d'oiliúint múinteoirí agus d'fhorbairt bonneagair. Tacóidh sé le bardais chun acmhainní oideachais a chomhdhlúthú agus scoileanna atá ann cheana a neartú d'fhonn éiceachóras cuimsitheach oideachais a chruthú i scoileanna agus eagrú agus bainistiú an oideachais atá bunaithe ar líonrú a thabhairt isteach. Cuirfear an clár chun feidhme ar leibhéal an bhardais. Déanfaidh bardais iarratas ar rannpháirtíocht sa chlár bunaithe ar chritéir shoiléire. Beidh roinnt bardas in ann iarratas a dhéanamh le chéile chun líonrú scoile a chur chun cinn lasmuigh de chríoch aon bhardais amháin, ag nascadh le heintitis níos mó, bailte scoile. Formheasfaidh na bardais na pleananna maidir le hathstruchtúrú scoile faoin 30 Aibreán gach bliain. Beidh sé d'aidhm ag an gclár freisin spreagadh múinteoirí agus tarraingteacht na gairme a mhéadú trí thacú le múinteoirí feabhas a chur ar a n-inniúlachtaí agus cáilíochtaí níos airde a bhaint amach. Cuirfidh 80 % ar a laghad de bhardais na Liotuáine an clár 'Scoileanna Mílaoise' chun feidhme, rud a thacóidh le 150 scoil.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

D.1.1.4: Fobheart 4: Inniúlachtaí na foirne oideolaíochta a neartú

Is é is cuspóir don fhobheart tacú le baill foirne oideolaíocha a n-inniúlachtaí a neartú trí na córais cáilíochta agus na córais forbartha gairmiúla leanúnaí a nascadh. Chun cáilíocht na gclár náisiúnta forbartha cáilíochtaí a áirithiú don fhoireann oideolaíoch, forbrófar ceanglais maidir le Cláir Náisiúnta Forbartha Cáilíochtaí a dhearadh agus a chur chun feidhme faoin 31 Nollaig 2022. Méadófar solúbthacht na gcóras oiliúna agus oiliúna do bhaill foirne oideolaíochta agus an fhéidearthacht ann creidiúintí a fháil chun cáilíochtaí níos airde a fháil, lena n-áirítear céim mháistreachta, trí inniúlachtaí a sealbhaíodh go neamhfhoirmiúil a aithint agus trí staidéar a dhéanamh ar mhodúl de staidéir ábhair. Déanfar faireachán freisin ar chur chun feidhme na gclár náisiúnta forbartha gairmiúla.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

D.1.1.5: Fobheart 5: An t-éiceachóras STEAM a fhorbairt

Is é is cuspóir don fhobheart infheistíocht a dhéanamh in athnuachan trealaimh na n-ionad STEAM chun leanúnachas ghníomhaíochtaí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, na healaíne agus na matamaitice (STEAM) a áirithiú, i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta atá ag athrú go tapa. Chun gníomhaíochtaí STEAM a dhéanamh níos inrochtana do dhaltaí i gceantair thuaithe, cuirfear saotharlanna soghluaiste i bhfeidhm sna hionaid STEAM.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

D.1.1.6: Fobheart 6: Claochlú an Oideachais Dhigitigh

Is é is cuspóir don fhobheart glacadh nuálaíochtaí oideachais atá tiomáinte go digiteach a chothú i scoileanna agus inniúlachtaí digiteacha na múinteoirí uile a neartú. Cuirfear foireann saineolaithe agus brattionscadal EDtech ar bun chun tacú le forbairt na nuálaíochta digití san oideachas agus chun ardán a chruthú chun nuálaíocht in institiúidí oideachais a thástáil. Leis an ardán EDtech, déanfar gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe a nascadh le scoileanna agus lena riachtanais oiliúna agus beifear in ann réitigh nuálacha a thástáil. Feabhsófar freisin na hinniúlachtaí digiteacha ar gach leibhéal oideachais, ó mhúinteoirí réamh-bhunscoile go múinteoirí ardoideachais, agus chun úsáid ábhair dhigitigh agus uirlisí teicneolaíochta a chur chun cinn sa phróiseas oideachais chun torthaí oideachais a fheabhsú.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

D.1.1.7: Fobheart 7: Oideachas agus cúram na luath-óige a fheabhsú

Is é is aidhm don fhobheart feabhas a chur ar rochtain agus ar cháilíocht an oideachais agus an chúraim luath-óige trí athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir le haghaidh curaclaim réamhscoile chun a áirithiú go bhfuil an t-ábhar cothrom le dáta, go bhfreagraíonn sé don eolas eolaíoch is déanaí maidir le saintréithe leanaí in aois réamhscoile, go sainaithnítear a gcumas agus a roghanna nó a riachtanais, agus go soláthraítear oideachas bunaithe ar fhorbairt leanaí aonair. Thairis sin, déanfar staidéar faoin 30 Meitheamh 2022 chun riachtanais bhonneagair maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige a mhapáil chun a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ag gach leanbh air sa chríoch iomlán.

Tabharfar an fobheart chun críche an 30 Meán Fómhair 2023.

D.1.2. Athchóiriú 2 ‘Rochtain ar fhorbairt inniúlachtaí agus ar aitheantas cáilíochtaí do dhaoine fásta’

Is é cuspóir an bhirt samhail aontaithe a chur i bhfeidhm d’fheidhmiú agus do rialachas an chreata foghlama ar feadh an tsaoil (LLL). Beidh an fhaisnéis uile ar fáil i gcóras TF aonair. Ní bheidh sa chóras ach cláir a chomhlíonann an caighdeán cáilíochta is infheidhme agus beidh sásra ann chun cláir a shainaithint chun inniúlachtaí ard-bhreisluacha a fháil. Áiritheoidh sé freisin go gcuirfear cláir ardoideachais ar fáil faoin gcreat foghlama ar feadh an tsaoil, rud a chuirfidh ar chumas daoine ardoilte a bheith rannpháirteach i gcláir forbartha inniúlachtaí freisin. Is tríd an gCoimisiún Náisiúnta um Fhaireachán ar Acmhainní Daonna a dhéanfar rialachas an chórais foghlama ar feadh an tsaoil. Ar bhonn an chórais faireacháin náisiúnta ar acmhainní daonna, déanfar cinntí maidir le grúpaí tosaíochta daoine a bhfuil rochtain acu ar chistiú oiliúna, agus maidir le cláir

thosaíochta/aiseanna tosaíochta a dtabharfar aghaidh orthu. Tiocfaidh an reachtaíocht i bhfeidhm faoin 30 Meán Fómhair 2022.

Leis an tsamhail ionaid ilfhreastail don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, comhdhlúthófar creat ilroinnte d'fhorbairt scileanna daoine fásta, le róil agus freagrachtaí soiléire do na gníomhaithe uile agus do na sásraí cistiúcháin oibríochtúla uile. Ós rud é nach bhfuil aon chóras leictreonach aonair sa tír faoi láthair ina bhféadfadh daoine aonair faisnéis a fháil maidir le deiseanna foghlama/forbartha cumais, is é an aidhm atá ann ionad ilfhreastail leictreonach a chruthú le haghaidh faisnéise. Beidh forbairt an chórais leictreonaigh bunaithe ar phrionsabal 'cuntais foghlama aonair' agus beifear in ann ní hamháin faisnéis a aimsiú maidir le deiseanna foghlama, ach clárú go díreach sna cláir freisin, agus uirlis chumarsáide shoiléir a sholáthar maidir leis na bearta arna moladh ag an Stát chun inniúlachtaí a fhorbairt. Déanfar an córas leictreonach ionaid ilfhreastail sin a chomhtháthú freisin le córais leictreonacha eile, amhail an t-ardán Fostaíochta. Beidh an córas foghlama ar feadh an tsaoil ionaid ilfhreastail ag feidhmiú go hiomlán faoin 31 Márta 2023.

Díreoidh forbairt inniúlachta ar an spriocghrúpa de dhaoine fostaithe (18-65) agus tabharfar tosaíocht do dhaoine ar bheagán oiliúna agus beidh tacaíocht/riarachán bunaithe ar phrionsabal na "gcuntas foghlama aonair", lena gcuimsítear an tseirbhís TF chun rochtain a fháil ar oiliúint agus maoiniú na foghlama aosaí araon. Táthar ag súil go dtacófar le 21.6 míle duine ar a laghad chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna digiteacha – i measc nithe eile.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

D.1.3. Athchóiriú 3 'Córas gairmthreorach chun an soláthar agus an t-éileamh ar mhargadh an tsaothair a chothromú'

Is é cuspóir an bhirt córas forbartha gairme agus gairmthreorach a bhunú a thosóidh ag aois óg (ó ghrád 1). Cuideoidh córas gairmchomhairleoireachta agus pleanála le mic léinn réimsí spéise a shainaithint agus cinneadh a dhéanamh maidir le conairí gairme a d'fhéadfadh a bheith ann ag aois óg. Gheobhaidh leanaí eolas ar inniúlachtaí a shealbhaítear in institiúidí oideachais chun foghlaim faoin aistriú idir leibhéil éagsúla oideachais. Beidh scoileanna agus bardais freagrach as gairmeacha oideachais agus as pleanáil gairme faoin gcreat dlíthiúil leasaithe. Soláthróidh gairmithe gairme seirbhísí gairmthreorach i scoileanna. Ceann de phríomhghnéithe an chórais is ea faisnéis ardchaighdeáin a sholáthar maidir le deiseanna breise foghlama nó gairme. Beidh an fhaisnéis sin bunaithe ar shonraí ón gCóras Náisiúnta Faireacháin ar Acmhainní Daonna. Beidh gairmthreoir ina dlúthchuid den chóras foghlama ar feadh an tsaoil freisin, rud a chuirfidh ar chumas daoine a bhfuil cáilíocht agus/nó taithí ghairmiúil acu gairmthreoir a fháil, treoir a chuirfear ar fáil ní hamháin tríd an gcóras faisnéise foghlama ar feadh an tsaoil ach trí Líonra na nIonad Gairmeacha Réigiúnacha freisin. Tiocfaidh an reachtaíocht i bhfeidhm faoin 31 Márta 2022. Soláthróidh 380 speisialtóir gairme ar a laghad seirbhísí gairmthreorach i scoileanna.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

D.1.4. Athchóiriú 4 'Inniúlachtaí don Chlaochlú Glas agus Digiteach a Fhaightear sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint'

Beidh cúig fhobheart ag gabháil leis an athchóiriú: 1. Bunú an Ardáin Náisiúnta chun gairmoideachas agus gairmoiliúint a chur chun cinn 2. Inniúlachtaí a mheasúnú 3. Printíseacht agus

foghlaim obairbhunaithe 4. Clár soghluaisteachta 5. Tuilleadh deiseanna chun gairm a fháil do dhaltaí scoile

D.1.4.1: Fobheart 1: An tArdán Náisiúnta um Dhul Chun Cinn an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna

Is é cuspóir an fhobhirt Ardán Náisiúnta um Dhul Chun Cinn an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna a bhunú le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna gnó, tionscail, an phobail oideachais agus údarás poiblí. Cinnfidh an tArdán na cuspóirí maidir le rialachas na gairmoiliúna, cur chun feidhme praiticiúil chomhdhlúthú an líonra oiliúna atá ann cheana, caighdeáin ghairmiúla nua a thabhairt cothrom le dáta, gairmoiliúint agus cláir oideachais aosaigh sheachfhoirmiúla agus maidir le hoiliúint, spreagadh agus uas-sciliú oiliúnóirí. Tabharfar tús áite d'fheabhas a chur ar inniúlachtaí digiteacha agus teicniúla na n-oiliúnóirí agus na máistir-oiliúnóirí a bheidh rannpháirteach i soghluaisteacht náisiúnta agus i ngairmoiliúint na bprintíseach. Beidh tacaíocht don uas-sciliú ar fáil freisin d'oiliúnóirí nach bhfuil taithí oibre ábhartha acu san ábhar atá le múineadh agus d'oiliúnóirí i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide nach bhfuil cáilíochtaí oideolaíocha acu. Tabharfar deimhniú na n-oiliúnóirí cothrom le dáta.

Tabharfar bunú an Ardáin chun críche faoin 31 Márta 2022. Tabharfar feabhsú inniúlachtaí na n-oiliúnóirí chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

D.1.4.2: Fobheart 2: Inniúlachtaí a mheasúnú

Is é is cuspóir don fhobheart feabhas a chur ar an aitheantas a thugtar d'inniúlachtaí foirmiúla agus seachfhoirmiúla a fuarthas. Chuige sin, tiocfaidh leasuithe ar an Dlí maidir le Gairmoiliúint agus ar an reachtaíocht cur chun feidhme i bhfeidhm agus ainmneoidh siad 18 lárionad measúnaithe inniúlachta, a bheidh ina lárionaid mhodheolaíochta i réimse an oideachais ar deireadh chun eolas a chomhthiomsú trí líonrú le hionaid oiliúna earnála sa réimse céanna.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

D.1.4.3: Fobheart 3: Printíseacht agus foghlaim obairbhunaithe

Is é cuspóir an fhobhirt scéim a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chomhlánaíonn tacaíocht stáit do phrintíseachtaí agus d'fhoghlaim obairbhunaithe, ag éascú do mhic léinn scileanna praiticiúla a shealbhú i gcuideachtaí. Tabharfar aird ar leith freisin ar chur chun cinn na gairmoiliúna i bhfoirm printíseachtaí i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, a mbeidh sé mar aidhm acu díriú ar suas le 70 % de na printísigh uile a fhaigheann tacaíocht agus díreoidh 40 % ar a laghad de na cláir i bhfoirm printíseachtaí ar inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

D.1.4.4: Fobheart 4: Clár soghluaisteachta

Is é is cuspóir don fhobheart an Clár Náisiúnta Soghluaisteachta a neartú agus a leathnú chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach mac léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna ar oiliúint phraiticiúil ag ionaid oiliúna phraiticiúla earnála. Mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt seo, tiocfaidh méadú ar líon na gcéimithe gairmoiliúna a chuaigh isteach i bpost a bhfuil cáilíochtaí ábhartha bainte amach acu.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

D.1.4.5. Fobheart 5: Tuilleadh deiseanna chun gairm a fháil do dhaltaí scoile

Is é cuspóir an fhobhirt a chinntiú go gcláraíonn daltaí scoile ó chláir oideachais ghinearálta i modúil a chuirtear ar fáil mar chuid den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint tosaigh. Cuideoidh sé le tarraingteacht agus cáilíocht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna tosaigh a mhéadú agus cuirfidh sé scileanna mhargadh an tsaothair ar fáil do dhaltaí oideachais ghinearálta. Beidh sé d'aidhm aige freisin an aois iontrála i gcláir tosaigh VET a ísliú, a thosaíonn faoi láthair ag an 11ú bliain scolaíochta. Tríd an mbeart, beidh deis ag daltaí clárú i ngairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh, ailínithe leis an dlí nua maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, ina 9ú bliain scolaíochta.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
91	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.1: Cáilíocht an oideachais a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le modheolaíocht an nós imeachta le haghaidh meastóireacht sheachtrach ar cháilíocht gníomhaíochtaí institiúidí oideachais a chuireann cláir oideachais scoile chun feidhme	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an modheolaíocht lena ndéanfar - táscairí feidhmíochta scoileanna a sholáthar próisis oideachais a eagrú, tacaíocht do mhic léinn, bainistíocht agus ceannaireacht, timpeallacht na scoile, - na nósanna imeachta féinmheasúnaithe agus meastóireachta seachtraí scoile a leagan síos; - an Ghníomhaireacht Náisiúnta Oideachais a údarú chun an mheastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar ionaid cúraim leanaí agus ar scoileanna; - na hoibleagáidí a leagan síos do scoileanna chun gníomhaíochtaí scoile a fheabhsú bunaithe ar na sonraí a chuirtear ar fáil sa mheastóireacht sheachtrach.
92	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.1: Cáilíocht an oideachais a	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na gclár athbhreithnithe réamh-bhunscoile, bunscoile, meánscoile íochtaraí agus meánscoile (curaclam)	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R3	2022	Teacht i bhfeidhm clár oideachais réamh-bhunscoile, bunscoile, meánscoile íochtaraí agus meánscoile (curaclam), is iad sin na doiciméid lena rialaítear ábhar an leibhéil náisiúnta. Chun an t-eolas eolaíoch is déanaí agus na forbairtí eolaíocha is déanaí a chur san áireamh, déanfar athbhreithniú ar na cláir oideachais (curaclam). Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le hathbhreithniú an

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	fheabhsú									churaclaim lena gcumhdófar - spriocanna an oideachais réamh-bhunscoile, an oideachais bunscoile, an oideachais meánscoile íochtaraí agus an oideachais meánscoile, - an t-ábhar leibhéil ghnóthachtála na dtorthaí foghlama.
93	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.2. An líonra scoile a atheagrú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Rialacha maidir le líonra scoileanna a bhunú a sheolann cláir oideachais fhoirmiúla	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Rialacha maidir le Líonra Scoileanna a Bhunú a Sheolann Cláir Oideachais Fhoirmiúla lena leagfar síos ceanglais nua do bhardais maidir le méid na scoile, na rialacha maidir le ranganna uamtha agus nósanna imeachta atheagrúcháin breise, ceanglais chistiúcháin: ní mhaoineofaí aicmí atá níos lú ná na haicmí sin a shonraítear sna rialacha. Áireofar sna critéir deireadh a chur leis an bhféidearthacht gráid 5-8 a chumasc agus ceanglas scoileanna stáit ina bhfuil 60 dalta nó níos lú a atheagrú. Mar thoradh ar na rialacha nua, laghdófar líon na n-aicmí comhpháirteacha; líon na ngiomnáisiam beag agus líon na scoileanna beaga (le níos lú ná 200 dalta).
94	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.2. An	Garsprioc	Pleananna chun líonra na scoileanna oideachais ghinearálta a chlaochlú arna n-ullmhú agus arna gceadú ag bardais i	Cinneadh na mbardas maidir le pleananna na mbardas a fhormheas				R2	2022	Cumhdófar leis na pleananna um chlaochlú bardasach 5 bliana claochlú an líonra scoile, go háirithe a sprioc straitéiseach, a chuspóirí, a thosaíochtaí, a phríomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le heisiamh sóisialta a laghdú, le cáilíocht an oideachais agus/nó le feabhas a chur ar ghnóthachtálacha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	líonra scoile a atheagrú		gcomhréir leis na rialacha nuacheadaithe chun líonra na scoileanna a chuireann cláir oideachais fhoirmiúil i bhfeidhm a fhorbairt							oideachais na ndaltaí, le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as cistí, le meastóireacht ar chlaochlú an líonra scoile, chomh maith le sásra chun scoileanna a bhunú, a atheagrú agus a leachtú. Ullmhóidh an riarachán bardasach na pleananna 5 bliana agus formheasfaidh an chomhairle bhardasach iad. Déanfaidh ionadaí ón Rialtas maoirseacht ar chinntí na gcomhairlí bardasacha. Déanfaidh Roinn Cáilíochta Oideachais agus Beartais Réigiúnaigh na hAireachta Oideachais agus Eolaíochta faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna. Déanfar na cinntí maidir le hathstruchtúrú scoile faoin 30 Aibreán gach bliain. Déanfaidh 80 % ar a laghad de bhardais pleananna don chlaochlú a ullmhú agus a ghlacadh Déanfaidh 80 % ar a laghad de bhardais pleananna a ullmhú agus a ghlacadh chun a líonra scoileanna a chlaochlú go dtí 2025, agus an bhliain sin san áireamh, i gcomhréir leis na rialacha ábhartha.
95	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an gClár um Dhul Chun	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le Clár Dul Chun Cinn Scoile na Mílaoise, lena n-áireofar an méid seo a leanas: 1) Liostaí táscairí monatóireachta cáilíochta

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.3: Clár Scoil na Mílaoise		Cinn Scoile na Mílaoise							oideachais na mbardas agus na scoileanna (ceadófar é le hordú ón Aire Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt) 2) Leasuithe ar na Rialacha Forbartha Líonra Scoile (ceadaithe ag Rún Rialtas Phoblacht na Liotuáine) 3) Clár Dul Chun Cinn Scoile na Mílaoise (ceadaithe ag ordú an Aire Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt) 4) ceanglais maidir leis na glaonna ar bhardais (na spriocanna, na táscairí, na pacáistí tacaíochta do bhardais agus do scoileanna sásra faireacháin. Comhlíonfaidh na hiarratasóirí bardasacha na critéir roghnúcháin is gá: 1. féadfaidh sé nó sí éileamh a dhéanamh: 1.1. bardas ina bhfuil 1 000 dalta ar a laghad san oideachas réamh-bhunscoile, bunscoile, bunúsach agus meánscoile; 1.2. dhá bhardas nó níos mó atá tadhlach (tadhlach go críochach) le chéile agus a chomhfhreagraíonn do chritéir 1.; 1.3. dhá bhardas nó níos mó atá cóngarach dá chéile (go críochach cóngarach dá chéile), nuair nach gcomhlíonann ceann amháin acu critéar 1.1. 2. Réamhriachtanais: 2.1. forbraíodh fís d'fhorbairt líonra Scoileanna forásacha na Mílaoise: aithneofar infheistíochtaí agus nuálaíochtaí pleanáilte, a

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										bhainfidh caighdeán cáilíochta Scoileanna na Mílaoise amach, a neartóidh léiriú shaintréithe na Scoile Maith, a chuirfidh tiomantais i bhfeidhm de réir táscairí dul chun cinn; 2.2. an plean ginearálta maidir le hatheagrú líonra na scoileanna oideachais ghinearálta le haghaidh 2021–2025 arna fhormheas ag an gcomhairle bhardasach, a chomhlíonann forálacha na rialacha maidir le forbairt líonra na scoileanna a chuireann cláir oideachais fhoirmiúla chun feidhme (e.g. gan aon chomhghráid 5-8; in aicmí 1-4, ní féidir ach aicmí 1 agus 2 nó 3 agus 4 dhá aicme chóngaracha a chomhcheangal.); 2.3. liosta na scoileanna atá mar chuid den líonra 'Scoileanna Mílaoise' sa bhardas agus a chomhlíonann critéir phointe 3 arna bhformheas ag an gcomhairle bhardasach ;. 3. Critéir do scoileanna (ní bhaineann sé seo le scoileanna a bhfuil sé beartaithe iad a bhunú): 3.1. ní eagraíonn an scoil roghnú na ndaltaí le linn iontrála; 3.2. líon na ndaltaí ar 1 Meán Fómhair den scoilbhliain reatha. Tá 200 mac léinn ar a laghad ann. Déanfaidh an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt faireachán ar chur chun feidhme an chláir (bunaíodh grúpa faireacháin).
96	D.1.1 Oideachas	Sprioc	Líon na scoileanna		Líon	0	75	R2	2025	Thacaigh 75 scoil le feabhas a chur ar

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.3: Clár Scoil na Mílaoise		a fhaigheann tacaíocht chun cáilíocht na ngníomhaíochtaí a fheabhsú							cháilíocht na ngníomhaíochtaí trí phacáistí tacaíochta (ar a dtugtar ciseáin) lena gcuirtear líonrú scoile chun cinn, lena nasctar le heintitis níos mó, bailte scoile. Le linn chur chun feidhme na dtionscadal, beidh sé d'aidhm ag na hinfheistíochtaí feabhas a chur ar bhonneagar scoile agus ar inniúlachtaí múinteoirí agus ceannairí scoile trí oiliúint. Déanfar na pacáistí infheistíochta a dháileadh de réir mhéideanna na scoileanna (6 mhéid éagsúla).
97	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.3: Clár Scoil na Mílaoise	Sprioc	Líon na scoileanna a fhaigheann tacaíocht chun cáilíocht na ngníomhaíochtaí a fheabhsú		Líon	75	150	R2	2026	Thacaigh 150 scoil le feabhas a chur ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí trí phacáistí tacaíochta (ciseáin mar a thugtar orthu) lena gcuirtear líonrú scoile chun cinn, lena nasctar le heintitis níos mó, bailte scoile. Le linn chur chun feidhme na dtionscadal, beidh sé d'aidhm ag na hinfheistíochtaí feabhas a chur ar bhonneagar scoile agus ar inniúlachtaí múinteoirí agus ceannairí scoile trí oiliúint, Dáilfear na pacáistí infheistíochta de réir mhéideanna na scoileanna (6 mhéid éagsúla).
98	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.4:	Sprioc	Líon na mball foirne oideolaíochta a bhfuil cláir forbartha cáilíochtaí curtha i gcrích acu		Líon	0	8 020	R2	2026	Tar éis clár forbartha cáilíochtaí Náisiúnta a ghlacadh, beidh clár forbartha cáilíochtaí críochnaithe ag 8 020 ball foirne oideolaíochta, lena n-áirítear: - 900 céim Mháistreachta críochnaithe - Chríochnaigh 7 120 cúrsa Traenála.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Inniúlachtaí na foirne oideolaíochta a neartú									
99	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.4: Inniúlachtaí na foirne oideolaíochta a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena leagtar síos ceanglais maidir le hullmhú agus cur chun feidhme na gclár forbartha cáilíochtaí náisiúnta d'fhoireann oideolaíoch.	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis na ceanglais cháilíochtúla chun na cláir náisiúnta forbartha cáilíochtaí don fhoireann oideolaíoch a ullmhú agus a chur chun feidhme, ar cláir iad a fhorbrófar agus a bhailíochtófar. Leagfar síos iontu ábhar, topaicí, foirmeacha cur chun feidhme agus ceanglais do sholáthraithe maidir le cur chun feidhme na gclár náisiúnta forbartha cáilíochtaí do bhaill foirne oideolaíocha.
100	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.5: An t-éiceachóras STEAM a fhorbairt	Sprioc	Líon na n-ionad STEAM uasghrádaithe		Líon	0	10	R2	2026	Bunaithe ar choincheap forbartha éiceachórais STEAM, déanfar trealamh saotharlainne 10 n-ionad STEAM a nuachóiriú.
101	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí	Sprioc	Líon na saotharlann soghluaiste		Líon	0	40	R2	2026	Soláthrófar 10 n-ionad STEAM le 40 saotharlann shoghluaiste ar a laghad. Rannchuideoidh na saotharlanna soghluaiste sin le feidhmiú réigiúnach na n-ionad STEAM a neartú, agus tabharfar níos gaire do na daltaí

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	bunúsacha D.1.1.5: An t-éiceachóras STEAM a fhorbairt									iad.
102	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.6: Claochlú an Oideachais Dhigitigh	Sprioc	Líon na múinteoirí a chuir an cúrsa i gcrích chun feabhas a chur ar inniúlachtaí digiteacha		Líon	0	2 200	R4	2024	Críochnóidh 2 200 ball foirne oideolaíochta ar a laghad (réamh-bhunscoileanna, bunscoileanna, meánscoileanna íochtaracha agus meánscoileanna uachtaracha) an cúrsa ar inniúlachtaí TF agus ar nuálaíocht oideachais atá tiomáinte go digiteach i scoileanna.
103	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.6: Claochlú an Oideachais Dhigitigh	Sprioc	Líon na múinteoirí ardoideachais a chríochnaigh an cúrsa chun feabhas a chur ar na hinniúlachtaí digiteacha		Líon	0	800	R2	2024	Beidh an cúrsa ar inniúlachtaí TF críochnaithe ag 800 ball foirne ollscoile ar a laghad.
104	D.1.1.Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí	Sprioc	Líon na múinteoirí a cháiligh mar mhúinteoir TF agus a fuair céim mháistreachta in TF		Líon	0	500	R2	2024	Beidh cáilíocht bhreise mar mhúinteoir TF bainte amach ag 500 ball foirne oideolaíochta ar a laghad agus beidh céim mháistreachta bainte amach acu in TF

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	bunúsacha D.1.1.6: Claochlú an Oideachais Dhigitigh									
105	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.7: Oideachas agus cúram na luath-óige a fheabhsú	Garsprioc	Staidéar ar a indéanta atá sé bonneagar oideachais luath-óige a fhorbairt i mbardais	Foilsiú an staidéir ar a indéanta atá sé bonneagar oideachais luath-óige a fhorbairt i mbardais				R2	2022	Foilsiú an staidéir ar a indéanta atá sé bonneagar oideachais luath-óige a fhorbairt i mbardais. Cumhdófar leis an staidéar nuachóiriú an struchtúir atá ann cheana agus forbairt bonneagair nua (amhail iompar), lena gcuirfear dálaí luathoideachais ar fáil do gach leanbh ó bhreith go haois éigeantach scoile. Cuirfidh an staidéar bonn ar fáil do chinntí imill rialtais maidir le nuachóiriú bonneagair agus maidir le bonneagar nua a chruthú i mbardais.
106	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.7: Oideachas agus cúram na luath-óige a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis na critéir (treoirlínte) don churaclam oideachais réamhscoile	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R3	2023	Tá dearadh an churaclaim réamhscoile díláraithe agus ní mór é a fhorbairt de réir na gcritéar (treoirlínte) don churaclam oideachais réamhscoile atá faofa ag an Aire Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt. Le teacht i bhfeidhm na gcritéar nuashonraithe (treoirlínte) don churaclam oideachais réamhscoile, cinnfear na hinniúlachtaí a bheidh le baint amach ag leanaí roimh aois éigeantach na scoile; freagairt don eolas eolaíoch is déanaí maidir le hoideachas leanaí den aois iomchuí; páistí a spreagadh le bheith ag léamh (cultúr léitheoireachta leabhar a fhorbairt).
107	D.1.2. Rochtain	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm	Foráil sa				R3	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	ar fhorbairt inniúlachtaí agus aitheantas cáilíochtaí do dhaoine fásta		an Dlí maidir le hOideachas Aosach lena mbunaítear samhail chomhordaithe le haghaidh córas foghlama ar feadh an tsaoil agus lena leagtar amach na prionsabail maidir le feidhmiú	reachtaíocht lena sonraítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta						an tsamhail Foghlama ar Feadh an tSaoil (LLL) a chumhdófar i reachtaíocht agus i leasuithe ar an Dlí maidir le hOideachas Aosach, lena gcumhdaítear feidhmiú na samhla foghlama ar feadh an tsaoil: Gnéithe rialachais agus faireacháin an chórais foghlama ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear: an Coimisiún um Fhaireachán ar Acmhainní Daonna agus a fheidhmeanna, meitheal bhuan ar an leibhéal teicniúil maidir le comhordú foriomlán na ngníomhaíochtaí a dhéanann aireachtaí, -prionsabail an chórais TF don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (bunaithe ar shamhail na gcuntas foghlama aonair), -na heilimintí cistiúcháin, -na prionsabail chun spriocghrúpaí agus cláir a shainaithint, an sásra chun inniúlachtaí ard-bhreisluacha a shainaithint, -an dearbhú cáilíochta agus -eilimintí an chórais chun inniúlachtaí a aithint.
108	D.1.2. Rochtain ar fhorbairt inniúlachtaí agus aitheantas cáilíochtaí do dhaoine fásta	Garsprioc	Teacht i seirbhís an chórais faisnéise ionaid ilfhreastail don fhoghlaim ar feadh an tsaoil	Córas faisnéise foghlama ar feadh an tsaoil (LLL) ionaid ilfhreastail a chur i mbun seirbhíse a				R1	2023	Teacht i seirbhís an chórais TF don fhoghlaim ar feadh an tsaoil (LLL) a bheidh ag feidhmiú go hiomlán agus a léireoidh na tairiscintí foghlama uile a bhaineann le cur chun feidhme an chreata foghlama ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear cláir a bhfuil breisluach ard ag baint leo.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				oibríonn ar phrionsabal ‘an Chuntais Foghlama Aonair’						Daoine a chomhlíonann na critéir thosaíochta a shainítear le linn chéim chur chun feidhme na scéime, beidh siad in ann tairiscint foghlama a fháil agus clárú tríd an gcóras TF LLL. Cuimseofar le cur chuige an chuntais foghlama aonair an tseirbhís TF chun rochtain a fháil ar oiliúint, agus maoiniú na foghlama aosaí araon. Cuirfidh an córas rochtain ar fáil ar ghairmthreoir, baileoidh sé faisnéis maidir le hinniúlachtaí a sealbhaíodh le linn na hoiliúna, chomh maith le rochtain ar phróisis chun inniúlachtaí/cáilíochtaí a aithint.
109	D.1.2. Rochtain ar fhorbairt inniúlachtaí agus aitheantas cáilíochtaí do dhaoine fásta	Sprioc	Cuirfidh daoine idir 18-65 bliana d’aois oiliúint dhearbhaithe ar cháilíocht i gcrích, agus beidh 40 % ar a laghad den oiliúint sin tiomnaithe do scileanna digiteacha trí úsáid a bhaint as creat aontaithe foghlama		Líon	0	21 600	R2	2026	Beidh oiliúint dearbhaithe cáilíochta (a mbeidh 40 % ar a laghad di tiomnaithe do scileanna digiteacha) críochnaithe ag 21 600 duine idir 18-65 bliana d’aois laistigh den chreat foghlama ar feadh an tsaoil.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			ar feadh an tsaoil							
110	D.1.3. Córas gairmthreorach chun cothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar agus an t-éileamh ar an margadh saothair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Rúin ón Rialtas maidir leis na nósanna imeachta lena rialaítear an córas Gairmthreorach (gairmthreoir)	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R1	2022	Teacht i bhfeidhm nósanna imeachta an Rúin um Ghairmthreoir (gairmthreoir) ón Rialtas lena leagfar síos - creat, bainistíocht agus dearbhú cáilíochta an chórais comhairleoireachta gairme agus pleanála ar feadh an tsaoil, ag tosú ón mbunscoil agus soláthar seirbhísí do dhaoine fásta a chuirtear ar fáil atá comhtháite leis an gcóras foghlama ar feadh an tsaoil, chomh maith le - lena leagtar amach feidhmeanna agus bunriachtanais inniúlachta gairmithe gairme i scoileanna, an tsamhail chistiúcháin le haghaidh seirbhísí a sholáthraítear do dhaltaí agus do dhaoine fásta, raon feidhme na n-institiúidí lena mbaineann agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta - lena leagtar amach caighdeán bunúsach maidir le húsáid faisnéise ón gCóras Náisiúnta Faireacháin ar Acmhainní Daonna agus lena leagtar amach prionsabail maidir le faireachán a dhéanamh ar an gcóras Gairmthreorach (gairmthreoir).
111	D.1.3. Córas	Sprioc	Líon na speisialtóirí		Líon	80	380	R4	2024	Cuirfidh 380 speisialtóir gairme ar a laghad

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	gairmthreorach chun cothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar agus an t-éileamh ar an margadh saothair		gairme a sholáthraíonn seirbhísí i scoileanna							seirbhísí gairmthreorach ar fáil i scoileanna.
112	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.1 An tArdán Náisiúnta um Dhul Chun Cinn an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le bunú an Ardáin Náisiúnta um Dhul Chun Cinn sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena mbunaítear an tArdán maidir le Dul Chun Cinn sa Ghairmoiliúint lena n-áiritheofar samhail ghairmoiliúna fhadtéarmach agus inbhuanaithe i ngach réigiún, róil agus freagrachtaí an Ardáin, róil na ngníomhaithe agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta lena mbaineann maidir leis na hinniúlachtaí a cheanglaítear le margadh an tsaothair. Áireofar ar an ardán comhpháirtithe sóisialta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna gnó, tionscail, an phobail oideachais agus údarás poiblí. I bhformáid an ardáin, glacfar cinntí maidir le prionsabail oibiachtúla do rialachas na gairmoiliúna, maidir le cur chun feidhme praiticiúil chomhdhlúthú an líonra gairmoiliúna atá ann cheana, maidir le caighdeáin ghairmiúla nua, gairmoiliúint agus

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										cláir oideachais aosaigh sheachfhoirmiúla a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le hoiliúint oiliúnóirí agus forbairt ghairmiúil.
113	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.1 An tArdán Náisiúnta um Dhul Chun Cinn an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna	Sprioc	Cláir ghairmoiliúna nua/nuashonraithe cláraithe chun iad a chur ar fáil do sholáthraithe oiliúna		Líon	0	95	R2	2026	Iomlán 95 chlár gairmoideachais agus gairmoiliúna nua nó nuashonraithe arna n-ullmhú, arna bhformheas agus arna gclárú, tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta. Ceapfar na cláir sin chun freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair, go háirithe chun tacú leis an aistriú digiteach agus glas.
114	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.1 An tArdán Náisiúnta um Dhul Chun Cinn an	Sprioc	Oiliúnóirí agus/nó máistrí a bhfuil baint acu le hoiliúint printíseach agus oiliúnaithe		Líon	0	1000	R2	2026	Tá feabhas curtha ag 1000 oiliúnóir agus máistir san iomlán atá páirteach i dteagasc printíseach agus oiliúnaithe ar a n-inniúlachtaí gairmiúla trí ghníomhaíochtaí forbartha inniúlachta a chur i gcrích. Díreoidh feabhsú na n-inniúlachtaí ar inniúlachtaí digiteacha agus teicniúla.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna									
115	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.2: Inniúlachtaí a mheasúnú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an dlí maidir leis an nGairmoiliúint in Ionaid Barr Feabhais sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R4	2022	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Dlí um Ghairmoiliúint lena mbunófar cumhacht an Aire Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt soláthraithe gairmoiliúna a cheapadh chun measúnú agus aithint inniúlachtaí a fuarthas go foirmiúil, go seachfhoirmiúil nó go neamhfhoirmiúil ar leibhéal 4 den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí a chur chun feidhme. Leagfar síos sna gníomhartha cur chun feidhme dlí na ceanglais chreidiúnaithe agus an nós imeachta creidiúnaithe do na lárionaid measúnaithe inniúlachta sin, chomh maith le modheolaíocht aontaithe le haghaidh measúnú inniúlachta a bheidh le cur i bhfeidhm ag lárionaid den sórt sin.
116	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.3: Printíseacht agus foghlaim	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena mbunaítear scéim tacaíochta printíseachta agus foghlama obairbhunaithe	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R2	2022	Dréacht-fhoraitheanta an Aire Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt a ullmhú, a chomhordú agus a fhormheas lena leagtar síos an nós imeachta chun an scéim tacaíochta printíseachta a chur chun feidhme. Leagfar síos leis an reachtaíocht, go háirithe, na critéir, na spriocghrúpaí, na réimsí fócais, na cineálacha tacaíochta a chuirtear ar fáil, na costais incháilithe do phrintíseachtaí agus don fhoghlaim obairbhunaithe.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	obairbhunaithe									
117	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.3: Printíseacht agus foghlaim obairbhunaithe	Sprioc	Printíseachtaí críochnaithe		Líon	0	3 866	R2	2026	Fuair 3 866 mhac léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna tosaigh agus leanúnach san iomlán cáilíocht ghairmiúil nó cuid di mar phrintísigh i bhfiontair, a raibh 70 % díobh i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide agus 40 % ar a laghad de na cláir phrintíseachta dírithe ar scileanna digiteacha a fhorbairt.
118	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.4: Clár soghluaisteachta	Sprioc	Mic léinn a ghlac páirt i scéim soghluaisteachta náisiúnta in Ionaid Oiliúna Praiticiúla Earnála agus a bhfuil deimhniú faighte acu maidir le feabhas a chur ar a scileanna praiticiúla agus digiteacha (feabhsóidh 40 % de na rannpháirtithe a scileanna digiteacha)		Líon	0	12 394	R2	2026	12 394 mhac léinn sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint tosaigh agus leanúnach a fuair deimhniú maidir le feabhas a chur ar a scileanna praiticiúla i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair, go háirithe maidir le tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, ag an Ionad Oiliúna Praiticiúla Earnála. Cuirfidh 40 % ar a laghad de na rannpháirtithe feabhas ar a scileanna digiteacha.
119	D.1.4.	Sprioc	Daltaí atá cláraithe		Líon	0	4 900	R2	2026	Chríochnaigh 4 900 dalta atá cláraithe i

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.5. Tuilleadh deiseanna chun gairm a fháil do dhaltaí scoile		in oideachas ginearálta meánscoile íochtaraí agus meánscoile uachtaraí, chuir siad modúil ghairmoideachais agus ghairmoiliúna tosaigh i gcrích							meánscoileanna ginearálta íochtaracha agus uachtaracha do mhodúil ghairmoideachais agus ghairmoiliúna tosaigh a raibh 40 % díobh ar a laghad dírithe ar scileanna a fhorbairt chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.
120	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.5. Tuilleadh deiseanna chun gairm a fháil do dhaltaí scoile	Sprioc	Tugadh tacaíocht do dhaltaí meánscoile íochtaraí atá cláraithe i gcláir ghairmoiliúna thurgnamhacha		Líon	0	4 000	R2	2026	Fuair 4 000 dalta meánscoile íochtaraí atá cláraithe i gcláir ghairmoiliúna thurgnamhacha tacaíocht. Tugann cláir thurgnamhacha VET deis do mhic léinn 9ú bliain tús a chur le cláir leibhéal 4 den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí, seachas gnáthchláir VET nach nglacann ach le mic léinn 11ú bliain.

E. COMHPHÁIRT 5: AN T-ARDOIDEACHAS, CREAT COMHTHÁITE CHUN TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AGUS GNÓ ARD-BHREISLUACHA A SPREAGADH

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine, tugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin sa chóras ardoideachais agus sa chreat tacaíochta taighde agus nuálaíochta. Is iad na príomhdhúshláin a bhaineann leis an ardoideachas líon ard institiúidí a bheith ann nach léiríonn na forbairtí déimeagrafacha agus riachtanais mhargadh an tsaothair, easpa acmhainní agus mais chriticiúil chun oideachas agus T&F ar ardchaighdeán a chur ar fáil;D. Leis an gcóras cistiúcháin ardoideachais atá ann faoi láthair, dreasaítear institiúidí ardoideachais chun díriú ar líon níos airde mac léinn seachas ábharthacht staidéir ar ardchaighdeán agus ar mhargadh an tsaothair a áirithiú. Thairis sin, tá easpa deiseanna tarraingteacha gairme acadúla ann, rud a chuireann teorainn le hacmhainní daonna don oideachas, don taighde agus don nuálaíocht. Is iad seo a leanas na príomhdhúshláin a bhaineann le nuálaíocht: infheistíocht íseal phríobháideach i dtaighde agus i bhforbairt, ilroinnt an taighde agus na forbartha; acmhainneacht forbartha agus rialachas an chórais nuálaíochta agus comhar lag idir an eolaíocht agus an gnó.

Is iad cuspóirí na comhpháirte athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras maoinithe ardoideachais agus ar an gcóras iontrála do mhic léinn, rud a chruthódh dreasachtaí do na hinstitiúidí ardoideachais cáilíocht agus ábharthacht staidéir don mhargadh saothair a mhéadú, T&F ar ardchaighdeán, comhar agus comhdhlúthú san earnáil a chur chun cinn. Táthar ag súil go neartóidh an t-athchóiriú caighdeáin cháilíochtúla do choláistí agus d'ollscoileanna. Áirítear sa chomhpháirt freisin athchóiriú ar rialachas tacaíochta nuálaíochta agus ar a chreat, faoina ndéanfar na feidhmeanna tacaíochta nuálaíochta atá ilroinnte faoi láthair a chomhdhlúthú faoi aon ghníomhaireacht nuálaíochta amháin. Cumhdófar leis an athchóiriú freisin athbhreithniú ar an gcóras tacaíochta comhair nuálaíochta agus eolaíochta-gnó atá ann cheana d'fhonn é a dhéanamh níos comhleanúnaí. Le linn chur chun feidhme an phlean, beidh tacaíocht earnála ar fáil tríd an tSaoráid Tacaíochta Beartais Físe chun athchóirithe beartais taighde agus nuálaíochta a cheapadh, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na moltaí tírshonracha chun beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar an nuálaíocht, chun creat beartais comhleanúnach a fhorbairt chun tacú leis an gcomhar idir eolaíocht agus gnó agus chun gníomhaireachtaí cur chun feidhme taighde agus nuálaíochta a chomhdhlúthú (Moladh Tírshonrach 3 2019), chun nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun cinn i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (Moladh Tírshonrach 3 2020) agus chun cáilíocht agus éifeachtúlacht a fheabhsú ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear foghlaim aosach (Moladh Tírshonrach 2 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

E.1.1. Athchóiriú 1 'Ardoideachas ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre'

Is é cuspóir an athchóirithe cáilíocht, éifeachtúlacht agus iomaíochas idirnáisiúnta chóras ardoideachais agus eolaíochta na Liotuáine a mhéadú. Tá 4 fhobheart ag gabháil leis an athchóiriú sin: (1) Feabhas a chur ar chistiú ardoideachais agus ar chórais iontrála mac léinn (fobheart 1); (2) Éifeachtúlacht an líonra ardoideachais a fheabhsú trí mhisin ollscoileanna agus coláistí a bheachtú (fobheart 2); (3) Iomaíochas idirnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais a neartú (fobheart 3); (4) T&F córasach; Cur chun cinn forbartha in institiúidí ardoideachais agus anailís taighde (fobheart 4).

E.1.1.1. Fobheart 1: Feabhas a chur ar chistiú ardoideachais agus ar chórais iontrála mac léinn

Is é cuspóir an fhobhirt athbhreithniú a dhéanamh ar chóras iontrála mac léinn chun a chinntiú go gcomhlíonann gach mac léinn, ag dul isteach i staidéir ardoideachais atá maoinithe ag an stát agus nach bhfuil maoinithe, critéir chomh hard céanna. Tá sé d'aidhm ag an bhfobheart freisin feabhas a chur ar an gcóras maoinithe ardoideachais agus é a ailíniú le spriocanna straitéiseacha na tíre. Dá bhrí sin, leasófar an Dlí maidir le hEolaíocht agus Staidéar chun na híoscheanglais maidir le ligean isteach mac léinn a chomhchuibhiú. Leasófar an dlí freisin chun córas nua maoinithe ardoideachais a thabhairt isteach a bheidh bunaithe ar tháscairí cáilíochtúla agus ar chomhaontuithe idir institiúidí ardoideachais agus an stát. Dámhfar conarthaí chun bearta maidir le dul chun cinn straitéiseach a chur chun feidhme: maidir le hinstitiúidí a fhorbairt, institiúidí a chumasc, cáilíocht na ngníomhaíochtaí a fheabhsú, infheistíochtaí sa bhonneagar agus spriocanna sainithe eile a chur chun feidhme. Tiocfaidh na hathruithe dlíthiúla i bhfeidhm faoin 31 Márta 2023.

E.1.1.2. Fobheart 2: Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an líonra ardoideachais trí mhisin ollscoileanna agus coláistí a bheachtú

Is é is cuspóir don fhobheart seo misin ollscoileanna agus coláistí a shainiú trí cheanglais cháilíochtúla a leagan síos do gach cineál institiúide. Leasófar an Dlí maidir le hEolaíocht agus Staidéar agus gníomhartha dlí eile chun cuspóirí agus critéir a leagan síos d'fheidhmiú coláistí agus ollscoileanna. Tiocfaidh na hathruithe dlíthiúla i bhfeidhm faoin 31 Márta 2023. Chun tacú le líonra na n-institiúidí ardoideachais a chur in oiriúint do na ceanglais nua, cuirfear cúig thionscadal atheagrúcháin coláiste chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025, agus tabharfar tosaíocht do thionscadail a bhfuil baint ag roinnt institiúidí ardoideachais leo.

E.1.1.3. Fobheart 3: Iomaíochas idirnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais a neartú

Is é is cuspóir don fhobheart seo tacú le hiomaíochas idirnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais a neartú. Chun é sin a bhaint amach, cúig thionscadal idirnáisiúnaithe, lena gcumhdaítear mic léinn, léachtóirí agus eolaithe eachtrannacha a mhealladh, dearadh agus cur chun feidhme clár comhchéime agus clár céime dúbailte a fhorbairt; soláthar seirbhísí fíorúla a fhorbairt agus gníomhaíochtaí eile lena gcuirtear comhtháthú ollscoileanna na Liotuáine i líonraí Eorpacha ollscoileanna chun cinn, cuirfidh institiúidí ardoideachais chun feidhme iad faoin 31 Márta 2024. Ina theannta sin, gheobhaidh 250 mac léinn eachtrach a thagann chun staidéar sa Liotuáin scoláireachtaí chun iad a lánpháirtiú sa Liotuáin faoin 31 Nollaig 2024.

E.1.1.4. Fobheart 4: T&F córasach a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais agus anailís taighde

Is é is cuspóir don fhobheart seo sásra comhleanúnach cur chun feidhme beartais eolaíochta a chruthú tríd an ngníomhaireacht cur chun feidhme beartais eolaíochta a chruthú. Leasófar an Dlí maidir le hEolaíocht agus Staidéar, agus bunófar bonneagar ábhartha faoin 30 Meitheamh 2022 chun an ghníomhaireacht cur chun feidhme um beartas Eolaíochta a chruthú faoi Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt nó faoi Rialtas Phoblacht na Liotuáine, a chuirfear ar bun tar éis atheagrú a dhéanamh ar an nGníomhaireacht Eolaíochta, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (MITA), ar Chomhairle Taighde na Liotuáine (LMT) agus ar chomhlachtaí ábhartha eile. Cuirfidh an comhlacht nua rannpháirtíocht iarratasóirí Liotuánacha chun cinn sna cláir T&F&F;I Eorpacha agus idirnáisiúnta, forbróidh sé sármhaitheas eolaíoch san earnáil phoiblí agus forbróidh sé anailís ar phróisis eolaíochta agus staidéir.

E.1.2. Athchóiriú 2 ‘Cur chun feidhme éifeachtach an bheartais nuálaíochta, éileamh méadaithe ar nuálaíocht, éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise’

Is é cuspóir an athchóirithe éifeachtúlacht na mbeartas nuálaíochta sa Liotuáin a mhéadú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an leagan amach institiúideach, ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh T&F;Tacaíocht I agus an t-éileamh ar nuálaíocht a mhéadú. Tá 4 fhobheart ag gabháil leis an athchóiriú sin: (1) Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach trí ghníomhaireacht aonair um chur chun cinn na nuálaíochta a chruthú agus trí líonra na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú (fobheart 1); (2) An t-éileamh ar nuálaíocht sa Liotuáin a mhéadú trí leas a bhaint as acmhainneacht an tsoláthair phoiblí (fobheart 2); (3) Forbairt éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta a chothú (fobheart 3); (4) Forbairt na nuálaíochta glaise a chur chun cinn (fobheart 4).

E.1.2.1. Fobheart 1: Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach trí ghníomhaireacht aonair um chur chun cinn na nuálaíochta a chruthú agus trí líonra na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú

Is é cuspóir an fhobhirt gníomhaireacht nuálaíochta aonair a bhunú trí fheidhmeanna chur chun cinn na nuálaíochta atá scaipthe ar fud roinnt institiúidí faoi láthair a chomhdhlúthú. Tá sé d’aidhm ag an bhfobheart freisin creat comhleanúnach comhair idir an eolaíocht agus an gnó a bhunú. Cuirfear an ghníomhaireacht nuálaíochta ar bun ar theacht i bhfeidhm do Rún an Rialtais. Gníomhóidh Enterprise Lithuania (Versli Lietuva) mar bhonn don ghníomhaireacht Nuálaíochta agus aistreofar feidhmeanna agus gníomhaíochtaí nuálaíochta na Gníomhaireachta Eolaíochta, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (MITA) agus Ghníomhaireacht Tacaíochta Gnó na Liotuáine (LVPA) chuig an ngníomhaireacht Nuálaíochta. Déanfaidh INVEGA a ghníomhaíochtaí i ndáil le cistiú nuálaíochta a chomhordú leis an nGníomhaireacht Nuálaíochta. Déanfar Ionad Nuálaíochta na Liotuáine (LIC) nó LIC a atheagrú trí chearta úinéireachta comhlachtaí poiblí a tharraingt siar. Rannchuideoidh an ghníomhaireacht nua le creat comhleanúnach tacaíochta nuálaíochta. Bunófar an ghníomhaireacht nua faoin 31 Márta 2022. Ag an am céanna, déanfar athbhreithniú ar na gníomhartha dlí, go háirithe an Dlí maidir le Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, d’fhonn na bearnaí agus na forluíonna atá ann cheana sa chreat beartais nuálaíochta a dhúnadh agus freagrachtaí institiúideacha a shoiléiriú. Tiocfaidh na gníomhartha dlí athbhreithnithe i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2021. Déanfar staidéar ar chomhleanúnachas T&F; Déanfar dreasachtaí T&F freisin, bunaithe ar na gníomhartha dlí eile a

ndéanfar athbhreithniú orthu faoin 31 Nollaig 2022 d'fhonn sraith chomhleanúnach de bhearta tacaíochta T&F;I a chruthú.

E.1.2.2. Fobheart 2: An t-éileamh ar nuálaíocht sa Liotuáin a mhéadú trí leas a bhaint as acmhainneacht an tsoláthair phoiblí

Is é is cuspóir don fhobheart an t-éileamh ar nuálaíocht a chruthú trí sholáthar poiblí nuálach a dhreasú. Cruthófar ionstraim airgeadais chun na costais a bhaineann le 55 sholáthar nuálacha a chúiteamh go páirteach.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2026.

E.1.2.3. Fobheart 3: Forbairt éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta a chothú

Is é is cuspóir don fhobheart tacú le héiceachóras nuathionscanta na Liotuáine trí sheirbhísí luasghéaraithe a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta. Leathnófar Ciste na Liotuáine um Chur Chun Cinn na Nuálaíochta chun dlús a chur le hinfheistíochtaí caipitil fiontair agus infheistíochtaí caipitil fiontair a sholáthar do 32 ghnólacht nuathionscanta sa réigiún caipitil. Ina theannta sin, bunófar roinnt luasairí nuathionscanta chun tacú le 140 gnólacht nuathionscanta, lena n-áirítear 60 gnólacht nuathionscanta a fhaigheann tacaíocht ó chlár speisialaithe luasaire, 60 gnólacht nuathionscanta a fhaigheann tacaíocht ó chlár idirnáisiúnta luasaire, agus 20 gnólacht nuathionscanta arna ngoradh ag gorlann nuabhunaithe Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa agus Mol Spáis na hEorpa.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2026.

E.1.2.4. Fobheart 4: Forbairt na nuálaíochta glaise a chur chun cinn

Is é is cuspóir don fhobheart tacú le táirgí agus seirbhísí glasa nuálacha a fhorbairt agus an geilleagar ciorclach agus an t-aistriú glas a chur chun cinn sa tionscal. Cruthófar ionstraim airgeadais agus ardán speisialaithe aistrithe eolais (Saotharlann Thionsclaíoch 4.0) chun forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhreasú. Cuirfear 97 dtionscadal chun feidhme faoin ionstraim airgeadais agus faoi 3 thionscadal – faoi ardán Saotharlainne Tionscail 4.0 faoin 31 Márta 2026.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na bearta uile an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;7 (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;8 (iii) gníomhaíochtaí a

[7] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

[8] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí9 agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla;10 agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

Ina theannta sin, maidir leis na hionstraimí airgeadais, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas leis an gcomhaontú dlíthiúil idir údarás na Liotuáine atá i gceannas ar na bearta agus an t-eintiteas a gcuirfear cúram air nó an t-idirghabhálaí airgeadais atá i gceannas ar an ionstraim airgeadais agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin

i. a cheangal go gcuirfear i bhfeidhm treoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU; agus

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;11 (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;12 (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí13 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla;14 agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní i gcás ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

---

[9] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[10] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[11] Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[12] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[13] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[14] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach

iii. a cheangal go bhfíoróidh an t-eintiteas nó an t-idirghabhálaí airgeadais ar cuireadh cúram air comhlíonadh dlí na dtionscadal le reachtaíocht ábhartha AE agus náisiúnta maidir leis an gcomhshaol le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

E.1.3. Athchóiriú 3 ‘Misin chomhpháirteacha don eolaíocht agus don nuálaíocht sa speisialtóireacht chliste’

Is é cuspóir an athchóirithe comhar eolaíochta agus gnó a dhíriú sna réimsí speisialtóireachta cliste athbhreithnithe, ag tacú le misin chomhpháirteacha eolaíochta agus nuálaíochta a chur chun feidhme. Tá 3 fhobheart ag gabháil leis an athchóiriú sin: (1) Tosaíochtaí speisialtóireachta cliste a shainiú (fobheart 1); (2) Tacú le cláir eolaíochta agus nuálaíochta miseanbhunaithe a chur chun feidhme maidir le speisialtóireacht chliste (fobheart 2); (3) Eolaíocht agus gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís Eorpach agus i gcláir chistiúcháin idirnáisiúnta eile (fobheart 3).

E.1.3.1. Fobheart 1: Tosaíochtaí speisialtóireachta cliste a shainiú

Is é is cuspóir don fhobheart seo athbhreithniú a dhéanamh ar na tosaíochtaí speisialtóireachta cliste agus a líon a laghdú. Déanfaidh an Rialtas an coincheap athbhreithnithe um Speisialtóireacht Chliste don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2027, lena laghdófar na réimsí tosaíochta go dtí trí cinn, a fhormheas faoin 31 Nollaig 2021.

E.1.3.2. Fobheart 2: Tacú le cláir eolaíochta agus nuálaíochta miseanbhunaithe sa speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme

Is é is cuspóir don fhobheart seo tacaíocht a chur ar fáil do chomhar idir eolaíocht agus gnó sna réimsí athbhreithnithe speisialtóireachta cliste. Cruthófar trí chlár eolaíochta agus nuálaíochta miseanbhunaithe, a mbeidh bunú dhá ionad barr feabhais mar thoradh orthu faoin 31 Nollaig 2025 agus cur chun feidhme 21 thionscadal T&F faoi na trí chlár faoin 30 Meitheamh 2026. Cumhdóidh dhá ionad barr feabhais bonneagar fisiceach agus soláthar seirbhísí chun tacú leis an nuálaíocht i réimsí na speisialtóireachta cliste.

E.1.3.3. Fobheart 3: An eolaíocht agus an gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís Eorpach, agus i gcláir chistiúcháin idirnáisiúnta eile

Is é is cuspóir don fhobheart seo tacú le rannpháirtíocht eolaíocht agus ghnó na Liotuáine sna cláir idirnáisiúnta T&F. Forbróidh an Liotuáin sraith chomhleanúnach uirlisí chun eolaíocht agus gnó a spreagadh chun na cláir idirnáisiúnta eolaíochta agus nuálaíochta a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a bheith rannpháirteach iontu. Mar thoradh air sin, tabharfar tacaíocht airgeadais do 477 dtionscadal ar a laghad nó tabharfar tacaíocht i bhfoirm seirbhísí, as a dtabharfar an méid seo a leanas ar a laghad: 90 staidéar féidearthachta do thairbhithe féideartha chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Fís Eorpach; 32 thionscadal institiúidí ardoideachais faoi scéim an Limistéir Eorpaigh Taighde; 24 thionscadal faoi thionscnaimh idirnáisiúnta arna gcomhordú ag an Aontas; 24 thionscadal de chuid

bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

FBManna agus institiúidí ardoideachais, 27 seisiún comhairliúcháin grúpa; 240 seirbhís chomhairleach; 40 ballraíocht i líonraí idirnáisiúnta. Chun an infheistíocht a éascú, cruthófar agus coinneofar 15 phost mar oifigeach eolaíoch téarma shocraithe agus 15 phost mar phointe teagmhála náisiúnta, ón 30 Meán Fómhair 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2026 ar a laghad. Éascóidh pointí teagmhála náisiúnta rannpháirtíocht na dtairbhithe ionchasacha sna cláir idirnáisiúnta T&F agus déanfaidh oifigigh eolaíochta cinnteoireacht eolaíochtbhunaithe san earnáil phoiblí a chur chun cinn agus comhar idir an eolaíocht agus an earnáil phoiblí a neartú.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
121	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.1. Feabhas a chur ar chistiú ardoideachais agus ar chórais iontrála mac léinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlíthiúla lena mbunaítear córas conarthaí le hinstitiúidí ardoideachais	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlíthiúla				R1	2023	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an ardoideachas lena mbunaítear samhail chun conarthaí a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí ardoideachais, lena bhforáiltear do chistiú breise chun institiúidí ardoideachais a chumasc, chomh maith le cuspóirí straitéiseacha eile (forleathnú institiúidí, feabhas a chur ar cháilíocht staidéar, infheistíocht i mbonneagar agus athruithe oibríochtúla eile a bhfuil infheistíocht phoiblí ag teastáil ina leith). Beidh cumaisc fhéideartha i gcomhréir leis an bplean arna ullmhú ag comhlacht neamhspleách nó ag saineolaithe neamhspleácha. Déanfar dámhachtain conarthaí a chur ar bhonn foirmiúil sa Dlí maidir le hEolaíocht agus Staidéar, agus ina dhiaidh sin ullmhófar conarthaí fodhlí chun conarthaí a thabhairt i gcrích leis na hinstitiúidí ardoideachais.
122	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.1. Maoiniú ardoideachais	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí leasaithe maidir le Taighde agus Staidéar, lena n-athraítear an córas maidir le maoiniú agus clárú san ardoideachas	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta				R1	2023	Teacht i bhfeidhm an Dlí leasaithe maidir le Taighde agus Staidéir lena ndéanfar an méid seo a leanas: - comhchuibhiú aníos na n-íoscheanglas maidir le rochtain ar áiteanna staidéir atá maoinithe go poiblí agus áiteanna staidéir nach bhfuil maoinithe go poiblí a leagan síos,

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	agus córais iontrála mac léinn a fheabhsú - E.1.1.2. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an líonra ardoideachais trí mhisin ollscoileanna agus coláistí a bheachtú									tugtar isteach struchtúr nua cistiúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí ardoideachais (maoiniú bunúsach, maoiniú le haghaidh cuspóirí straitéiseacha, maoiniú breise le haghaidh táscairí cáilíochtúla), misin na n-ollscoileanna agus na gcoláistí a shainiú (na ceanglais cháilíochtúla nach mór don dá chineál institiúide a chomhlíonadh, rud a dhéanann idirdhealú idir coláistí agus ollscoileanna), comhar na n-institiúidí ardoideachais a dhreasú, - an chomhpháirt mhaoinithe de ghníomhaíochtaí T&F sa struchtúr maoinithe ardoideachais a mhéadú. Déanfar na híoscheanglais maidir le ligean isteach mac léinn a chomhchuibhiú aníos agus ní lagóidh siad mar thoradh ar an leasú. Leagfar síos critéir nua do choláistí agus d'ollscoileanna ar bhealach oibiachtúil, neamhspleách agus ard go leor. Méadófar ról na meastóireachtaí seachtracha. Cuirfidh na hathruithe dlíthiúla comhar agus comhdhlúthú acmhainní chun cinn in earnáil an ardoideachais.
123	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí	Sprioc	Tionscadail a cuireadh i gcrích chun coláistí a atheagrú (misin athnuaite)		Líon	0	5	R4	2025	Cúig thionscadal a chur i gcrích lena gcumhdófar atheagrú na gcoláistí: cláir staidéir atá ann cheana a chomhdhlúthú, príomhfheidhmeanna agus príomhphróisis

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	ardoideachais láidre - E.1.1.2. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an líonra ardoideachais trí mhisin ollscoileanna agus coláistí a bheachtú									tacaíochta riaracháin agus acadúla a chomhtháthú agus a bharrfheabhsú, agus an bonneagar a úsáidtear a bharrfheabhsú. Roghnófar na tairbhithe tríd an nós imeachta maidir le glao ar thograí. Tabharfar tosaíocht do thionscadail chomhpháirteacha roinnt institiúidí ardoideachais chun a áirithiú go mbeidh gnóthachain éifeachtúlachta níos airde mar thoradh ar bharrfheabhsú na gclár staidéir agus an bhonneagair.
124	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.3. Iomaíochas idirnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais a neartú	Sprioc	Líon na dtionscadal idirnáisiúnaithe a chuir institiúidí ardoideachais i gcrích		Líon	0	5	R1	2024	Cuirfidh institiúidí ardoideachais cúig thionscadal i gcrích atá ceaptha chun níos mó gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a chur ar fáil do mhic léinn, chun níos mó mac léinn a mhealladh, chun mic léinn agus léachtóirí/eolaithe eachtracha a mhealladh; dearadh agus cur chun feidhme clár céime comhpháirteach agus dúbailte a fhorbairt; soláthar seirbhísí fíorúla a fhorbairt; cáilíocht na staidéar a fheabhsú agus an tairiscint a leathnú. Roghnófar na tairbhithe trí nós imeachta an ghlao ar thograí.
125	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.3. Iomaíochas idirnáisiúnta na n-	Sprioc	Líon na ndaoine a bhain tairbhe as tacaíocht chun mic léinn eachtracha a lánpháirtiú		Líon	0	250	R4	2024	Fuair 250 mac léinn eachtrach scoláireachtaí as a gcomhtháthú. Tairgfear scoláireachtaí do mhic léinn an chéad, an dara timthriall agus mic léinn chomhtháite, ag teacht chun staidéar sa Liotuáin.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	institiúidí ardoideachais a neartú									
126	E.1.1. Ardoideachas ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.4. T&F córasach a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais agus anailís taighde	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí lena mbunaítear an ghníomhaireacht cur chun feidhme um beartas eolaíochta	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil maidir le freagrachtaí, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na gníomhaireachta um chur chun feidhme an bheartais eolaíochta (faoi Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt nó Rialtas Phoblacht na Liotuáine), ina bhfuil forálacha na Gníomhaireachta agus an dáta tosaigh. Cruthófar an bonneagar uile is gá le haghaidh oibriú na gníomhaireachta um chur chun feidhme an bheartais eolaíochta. Táthar ag súil go gcuirfidh an ghníomhaireacht cur chun feidhme beartais eolaíochta rannpháirtíocht níos gníomhaí iarratasóirí Liotuánacha chun cinn i gcláir T&F&Amp;I Eorpacha agus idirnáisiúnta, chun inniúlachtaí eolaíocha a fhorbairt san earnáil phoiblí, chun anailísíocht fhadtéarmach ar phróisis taighde agus staidéir a fhorbairt.
127	E.1.2. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, éileamh méadaithe ar nuálaíocht,	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rúin ón Rialtas lena gcruthaítear an Ghníomhaireacht Nuálaíochta agus lena n-aistrítear feidhmeanna cur chun	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R1	2022	Bunófar an ghníomhaireacht nuálaíochta ar theacht i bhfeidhm do Rún an Rialtais. Gníomhóidh Versli Lietuva mar bhonn don Ghníomhaireacht Nuálaíochta agus aistreofar feidhmeanna agus gníomhaíochtaí MITA agus LVPA a bhaineann le nuálaíocht chuig an nGníomhaireacht Nuálaíochta.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise - E.1.2.1. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach trí ghníomhaireacht aonair um chur chun cinn na nuálaíochta a chruthú agus trí líonra na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú		cinn nuálaíochta ó ghníomhaireachtaí eile							Déanfaidh INVEGA a ghníomhaíochtaí i ndáil le cistiú nuálaíochta a chomhordú leis an nGníomhaireacht Nuálaíochta. Déanfar Ionad Nuálaíochta na Liotuáine (LIC) nó LIC a atheagrú trí chearta úinéireachta comhlachtaí poiblí a tharraingt siar. Cuirfear gach bonneagar gníomhaireachta ar bun faoin 31 Márta 2022.
128	E.1.2 Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, éileamh méadaithe ar nuálaíocht, éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta athbhreithnithe maidir le gníomhaíochtaí nuálacha	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta				R4	2021	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta athbhreithnithe agus leasaithe maidir le gníomhaíochtaí nuálacha, lena n-áirítear an Dlí maidir le Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus Leasú ar Rún Uimh. 982 an 3 Deireadh Fómhair 2018 maidir le cumhachtaí a dheonú chun Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a chur chun feidhme. Déanfaidh an Seimas, Rialtas na Liotuáine, an tAire Geilleagair agus Nuálaíochta na gníomhartha dlí a fhormheas, ag brath ar chineál an ghnímh dlí. Tiocfaidh sé

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	- E.1.2.1. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach trí ghníomhaireacht aonair um chur chun cinn na nuálaíochta a chruthú agus trí líonra na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú									sin i bhfeidhm nuair a fhoilseofar Clár an Ghnímh Dhlíthiúil (E-TAR). Leis na gníomhartha dlí athbhreithnithe, laghdófar na bearnaí agus an forluí sa chreat beartais taighde agus nuálaíochta, comhchuibheofar meascán na mbeart tacaíochta, agus sonrófar freagrachtaí institiúideacha. Leis an Dlí athbhreithnithe maidir le Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, sainaithneofar institiúidí atá freagrach as beartais nuálaíochta a fhoirmiú agus a chur chun feidhme, na prionsabail maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le nuálaíocht a chur chun cinn.
129	E.1.2. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, éileamh méadaithe ar nuálaíocht, éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise - E.1.2.1. Beartas nuálaíochta a chur	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata athnuaite dreasachtaí do ghnólachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i T&F;	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm rialacha athbhreithnithe maidir le tacaíocht do bhearta T&F (thart ar 20 gníomh dlí amhail Orduithe Aireachta). Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras dreasachtaí atá ann faoi láthair le haghaidh T & F, trí mholtaí an staidéir a rinneadh ar dhreasachtaí T & F do ghnólachtaí a chur i bhfeidhm. Tiocfaidh na Rialacha i bhfeidhm tar éis a bhfoilsithe i gClár an Ghnímh Dhlíthiúil (E-TAR). Déanfar an méid seo a leanas leis na rialacha athbhreithnithe: bearnaí agus forluí idir T&F éagsúla a laghdú; Déanann bearta tacaíochta

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	chun feidhme go héifeachtach trí ghníomhaireacht aonair um chur chun cinn na nuálaíochta a chruthú agus trí líonra na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú									forbartha meascán na mbeart tacaíochta a chomhchuibhiú trí naisc loighciúla shoiléire a bhunú idir ionstraimí cistiúcháin éagsúla, chomh maith le hionstraimí cistiúcháin agus seirbhísí tacaíochta nuálaíochta éagsúla.
130	E.1.2. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, éileamh méadaithe ar nuálaíocht, éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise - E.1.2.2. An t-éileamh ar nuálaíocht sa Liotuáin a mhéadú trí leas a bhaint as acmhainneacht an tsoláthair phoiblí -	Sprioc	Líon na dtionscadal nuálach a cuireadh chun feidhme		Líon	0	155	R1	2026	Líon na dtionscadal nuálach a cuireadh chun feidhme: 155, as a bhfuil: 55 thionscadal nuálacha soláthair phoiblí, 97 dtionscadal forbartha/imscartha táirgí nó teicneolaíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, 3 Tionscadail forbartha de chuid na Saotharlainne Tionsclaíochta 4.0 chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an aistriú glas in earnáil na tionsclaíochta, tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó dheontas suas le EUR 3 500 000 san iomlán. D'fhéadfadh tionscadail forbartha na Saotharlainne Tionsclaíochta 4.0 cistiú a fháil freisin ón gClár don Eoraip Dhigiteach.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	E.1.2.4. Forbairt na nuálaíochta glaise a chur chun cinn									Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) maidir le hidirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
131	E.1.2. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, éileamh méadaithe ar nuálaíocht, éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise - E.1.2.3. Forbairt éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta a chothú	Sprioc	Líon na ngnólachtaí nuathionscanta a fuair infheistíocht		Líon	0	172	R1	2026	Líon na ngnólachtaí nuathionscanta a bhfuil tacaíocht faighte acu, as a bhfuil: 32 ghnólacht nuathionscanta a fhaigheann tacaíocht ón gCiste um Chur Chun Cinn na Nuálaíochta, 60 gnólacht nuathionscanta a fhaigheann tacaíocht ón gclár speisialaithe luasghéaraithe, 60 gnólacht nuathionscanta dá dtugtar tacaíocht le seirbhísí nó infheistíochtaí ón gclár luasaire idirnáisiúnta, 20 gnólacht nuathionscanta a fuair an infheistíocht ó ghorlann Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) maidir le hidirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, liosta eisiaimh, agus an

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
132	E.1.3. Misin chomhpháirteacha don eolaíocht agus don nuálaíocht sa speisialtóireacht chliste - E.1.3.1. Tosaíochtaí speisialtóireachta cliste a shainiú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm choincheap athbhreithnithe na speisialtóireachta cliste	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2021	Coincheap nua speisialtóireachta cliste a fhormheas le rún ó Rialtas na Liotuáine don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2027. Sainaithneofar sa choincheap trí thosaíocht don speisialtóireacht chliste, agus na réimsí téamacha laistigh de na tosaíochtaí sin, chomh maith le samhail chun comhordú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme.
133	E.1.3. Misin chomhpháirteacha don eolaíocht agus don nuálaíocht sa speisialtóireacht chliste - E.1.3.2. Tacú le cláir eolaíochta agus nuálaíochta miseanbhunaithe sa speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme	Sprioc	Líon na n-ionad barr feabhais atá i mbun oibríochta		Líon	0	2	R4	2025	Teacht i bhfeidhm dhá ionad barr feabhais ina mbeidh na heilimintí seo a leanas: a) bonneagar fisiciúil (amhail fréamhshamhaltú agus línte píolótacha, etc.) b) soláthar seirbhísí ábhartha (amhail deimhniúchán agus bainistíocht maoine intleachtúla)
134	E.1.3. Misin chomhpháirteacha don eolaíocht agus don nuálaíocht sa	Sprioc	Tionscadail T&F curtha i gcrích trí thrí chlár eolaíochta agus nuálaíochta		Líon	0	21	R2	2026	21 Tionscadal T&F curtha i gcrích, a bheidh dírithe ar thrí straitéis um speisialtóireacht chliste. Ullmhófar na tionscadail i gcomhréir le treoirlínte miseanbhunaithe le haghaidh cláir

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	speisialtóireacht chliste - E.1.3.2. Tacú le cláir eolaíochta agus nuálaíochta miseanbhunaithe sa speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme		miseanbhunaithe							eolaíochta agus nuálaíochta. Roghnófar na tionscadail le linn nós imeachta an ghlao ar thairiscintí, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirithítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
135	E.1.3. Misin chomhpháirteacha don eolaíocht agus don nuálaíocht sa speisialtóireacht chliste - E.1.3.3. An eolaíocht agus an gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís Eorpach, agus i gcláir chistiúcháin idirnáisiúnta eile	Sprioc	Tionscadail agus seirbhísí comhairleacha le haghaidh iarratasóirí féideartha ar an gclár Fís Eorpach ó institiúidí ardoideachais agus FBManna arna gcistiú		Líon	0	200	R1	2025	Tacófar le 200 tionscadal agus seirbhís chomhairleach ar a laghad le haghaidh institiúidí ardoideachais agus FBManna: 40 ar a laghad – chun tacú le staidéir indéantachta a ullmhú do thairbhithe féideartha chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Fís Eorpach, b) 160 seirbhís chomhairleach/saineolach ar a laghad chun tacú le hinniúlachtaí chun páirt a ghlacadh i gcláir idirnáisiúnta T&F&F;I.
136	E.1.3. Misin	Sprioc	Tionscadail agus		Líon	200	477	R2	2026	Tabharfar tacaíocht do 477 dtionscadal agus

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	chomhpháirteacha don eolaíocht agus don nuálaíocht sa speisialtóireacht chliste - E.1.3.3. An eolaíocht agus an gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís Eorpach, agus i gcláir chistiúcháin idirnáisiúnta eile		seirbhísí comhairleacha le haghaidh iarratasóirí féideartha ar an gclár Fís Eorpach ó institiúidí ardoideachais agus taighde agus FBManna arna gcistiú							seirbhís chomhairleach ar a laghad le haghaidh institiúidí ardoideachais agus taighde agus FBManna: 90 ar a laghad – tacú le hullmhú staidéar indéantachta do thairbhithe ionchasacha chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Fís Eorpach, b) 32 ar a laghad – chun tacú leis an acmhainneacht tionscadail de chuid an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Fís Eorpach a chur chun feidhme , 24 cinn, ar a laghad, de thionscnaimh chomhordúcháin trasteorann de chuid an Aontais, d) 24 thionscadal ar a laghad ó institiúidí ardoideachais agus taighde agus FBManna ar tugadh breithiúnas dearfach ina leith sna cláir Fís Eorpach, ach nach bhfuair cistiú (lena n-áirítear tionscadail ar bronnadh an Séala Barr Feabhais orthu), e) 27 seisiún comhairliúcháin grúpa ar a laghad chun tacú le hinniúlachtaí chun páirt a ghlacadh i gcláir idirnáisiúnta T&F&F;I, f) 240 seirbhís chomhairleach/saineolais ar a laghad chun tacú le hinniúlachtaí chun páirt a ghlacadh i gcláir idirnáisiúnta T&F&F;I, 40 ball ar a laghad sna líonraí idirnáisiúnta. Beidh na tionscadail bunaithe ar phlean luasaire Fís Eorpach arna fhorbairt ag an

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt, an Aireacht Geilleagair agus Nuálaíochta, Comhairle Taighde na Liotuáine, MITA, STRATA a fhormheasfaidh an tAire Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt. Roghnófar tionscadail tríd an nós imeachta maidir le glao ar thograí.
137	E.1.3. Misin chomhpháirteacha don eolaíocht agus don nuálaíocht sa speisialtóireacht chliste - E.1.3.3. An eolaíocht agus an gnó a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gclár taighde agus nuálaíochta an Aontais, Fís Eorpach, agus i gcláir chistiúcháin idirnáisiúnta eile	Sprioc	Poist cruthaithe d'Oifigigh Eolaíochta agus Pointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna)		Líon	0	30	R2	2026	30 post sealadach coinnithe go dtí an 30 Meitheamh 2026, as a mbeidh: 15 phost de phointí teagmhála náisiúnta Fís Eorpach, a ghníomhóidh mar phríomhtheagmhálaithe d'iarratasóirí na Liotuáine chun iad a chur ar an eolas faoin gclár Eorpach Fís: amhail glaonna leanúnacha, tograí a chur isteach agus comhpháirtithe a aimsiú. 15 phost d'oifigigh eolaíochta agus nuálaíochta i Rialtas na Liotuáine (aireachtaí earnála agus oifig an Rialtais). Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna a bheidh acu: comhairle a chur ar fáil agus cultúr cinnteoireachta eolaíochtbhunaithe a chruthú san earnáil phoiblí agus comhar idir an eolaíocht agus an earnáil phoiblí a neartú. Déanfar an tsamhail maidir le poist oifigeach eolaíoch a bhunú a ullmhú i gcomhar le STRATA.

E.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

E.3.1. Infheistíocht 1 ‘Iasachtaí le fiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreisluacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch’

Is é is aidhm don bheart seo feabhas a chur ar an rochtain atá ag cuideachtaí ar mhaoiniú chun teicneolaíochtaí glasa ard-bhreisluacha a fhorbairt agus chun feabhas a chur ar iomaíochas thionscal cosanta agus slándála na Liotuáine.

Glacfaidh Aireacht Geilleagair agus Nuálaíochta Phoblacht na Liotuáine na Treoirlínte maidir le Forbairt an Tionscail Cosanta agus Slándála 2023-2027 trí Ordú Aireachta chun iomaíochas thionscal cosanta agus slándála na Liotuáine a fheabhsú.

Ina theannta sin, is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú i dteicneolaíochtaí glasa ard-bhreisluacha chomh maith le hiomaíochas thionscal cosanta agus slándála na Liotuáine. Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí fo-ordaithe, sindeacáite agus díreacha a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 850 000 000 ar a laghad a sholáthar ar dtús.

Is é INVEGA, ina cháil mar Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Soláthróidh INVEGA maoiniú fiachais (cómhaoineoidh sé tionscadail ghnó le hinstitiúidí airgeadais príobháideacha (i bhfoirm fo-iasachtaí den chuid is mó) nó, i gcás inar léiríodh i suirbhé margaidh go bhfuil gá leis, maoineoidh sé tionscadail ghnó go díreach) chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tionscadail a rannchuidíonn le ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí seo a leanas: ciorclaíocht, dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh, dramhaíl íseal atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ardteicneolaíochtaí nuálacha digiteacha, acmhainneacht táirgeachta le haghaidh táirgí ard-bhreisluacha a fhorbairt, nó
- tionscadail sa tionscal cosanta agus slándála.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Liotuáin agus INVEGA Comhaontú Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú maidir le Ciste Cistí atá ann cheana) ina n-áireofar an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Is é Coiste Creidmheasa, Bord Bainistíochta INVEGA nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile a dhéanfaidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2. Príomhcheanglais na straitéise infheistíochta gaolmhaire, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe. Le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha (i.e. infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus i dtáirgí cosanta a shainaithnítear sa chlár oibre bliantúil don Chiste Eorpach Cosanta; infheistíochtaí spáis i gcloig adamhacha, lainseálaithe straitéiseacha; táirgí spáis; agus infheistíochtaí lena ndírítear go hiomlán ar uirlisí agus réitigh chibearshlándála a fhorbairt agus a imscaradh, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad sin mar chuid de líonraí digiteacha agus bonneagar sonraí a imscaradh nó a uasghrádú), ní bheidh tairbhithe deiridh á rialú ag tríú tír ná ag eintitis tríú tír agus beidh a mbainistíocht feidhmiúcháin acu san Aontas cé is moite d’infheistíochtaí faoi bhun EUR 10 000 000. Má tá baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na nascachta 5G, beidh feidhm ag na bearta agus na pleananna maolaithe riosca, de bhun Bhosca Uirlisí

Cibearshlándála 5G, maidir lena sholáthraithe freisin. Áirítear ar na soláthróirí sin go háirithe díoltóirí trealaimh teileachumarsáide agus monaróirí teileachumarsáide agus soláthraithe eile tríú páirtí, amhail soláthraithe néalbhonneagair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, suimeálaithe córas, conraitheoirí slándála agus cothabhála agus monaróirí trealaimh tarchurtha. I gcás ina bhfuil baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na cosanta, beidh feidhm ag an teorainn sin maidir lena sholáthróirí agus lena fhochonraitheoirí freisin. Na teorainneacha a bhaineann leis an easpa rialaithe ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír a leagtar amach thuas, ní bheidh feidhm acu maidir le hoibríocht mhaoiniúcháin agus infheistíochta ar leith i gcás inar féidir leis an tairbhí deiridh a léiriú gur eintiteas dlítheanach é a bhfuil ráthaíocht formheasta ag an mBallstát ina bhfuil sé bunaithe ina leith i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán an Chiste Eorpaigh Cosanta (‘CEF’) nó i gcomhréir le tarscaoileadh an Choimisiúin arna dheonú i gcomhréir le prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an Rialacháin Spáis. Ní mór don chomhpháirtí cur chun feidhme fógra a thabhairt don rialtas faoi aon mhaolú a dheonaítear ar na teorainneacha.

b. Tá an ceanglas go bhfuil na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh airgeadais de.

c. An ceanglas chun an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, déanfar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht sa straitéis infheistíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach15, (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha16, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[17] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[18]. Thairis sin, ceanglófar leis an straitéis infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht

[15] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh an aistrithe thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

[16] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[17] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[18] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol de chuid thairbhithe deiridh na Saoráide.

   d. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana), an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir straitéis infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.
4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   a. An tuairisc ar phríomhphrionsabail chóras faireacháin an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme chun tuairisciú ar an infheistíocht a shlógtar.
   b. An tuairisc ar phríomhphrionsabail nósanna imeachta an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme arb é is aidhm dóibh cosc, brath agus ceartú calaoise, éillithe agus coinbhleachtaí leasa i ngníomhaíochtaí an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme a áirithiú.
   c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú de réir na gceanglas a leagtar amach sa chomhaontú Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana) sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.
   d. An oibleagáid seiceálacha ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean seiceálacha inmheánacha INVEGA. Fíorófar leis na seiceálacha sin i) go bhfuil córais rialaithe INVEGA éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cistiúcháin is infheidhme (nó leasú ar Chomhaontú maidir le Ciste Cistí atá ann cheana) á n-urramú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

E.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán a dhéanamh ar thacaíocht iasachta agus í a chur chun feidhme

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
137a	E.3.1. Iasachtaí d'fhiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreisluacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch	Garsprioc	Treoirlínte maidir le Forbairt Thionsclaíoch i réimse na Cosanta agus na Slándála 2023-2027	Teacht i bhfeidhm na dTreoirlínte maidir le Forbairt Thionsclaíoch Cosanta agus Slándála 2023-2027				R2	2023	Glacadh agus teacht i bhfeidhm Treoirlínte maidir le Forbairt an Tionscail Cosanta agus Slándála 2023-2027, le hOrdú ó Aireacht Geilleagair agus Nuálaíochta Phoblacht na Liotuáine, chun iomaíochas thionscal cosanta agus slándála na Liotuáine a fheabhsú.
137b	E.3.1. Iasachtaí d'fhiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreisluacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch	Garsprioc	Comhaontú Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana)	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana)				R4	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana)
137c	E.3.1. Iasachtaí d'fhiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreisluacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch	Garsprioc	Foilsiú an ghlao ar iarratais ag INVEGA	Glao a fhoilsiú				R1	2025	Seolfaidh INVEGA glao ar fhiontair chun iarratais ar iasachtaí a chur isteach i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
137d	E.3.1. Iasachtaí d'fhiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreisluacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch	Sprioc	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh		%	0%	20%	R3	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag INVEGA le tairbhithe deiridh don mhéid is gá chun 20 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
137e	E.3.1. Iasachtaí d'fhiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreisluacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch	Sprioc	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh		%	20%	100%	R2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag INVEGA le tairbhithe deiridh don mhéid is gá chun 100 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
137f	E.3.1. Iasachtaí d'fhiontair chun teicneolaíochtaí glasa agus ard-bhreisluacha a fhorbairt le haghaidh forbairt thionsclaíoch	Garsprioc	Infheistíocht RRF a thabhairt i gcrích	Deimhniú nó cruthúnas coibhéiseach eile ar aistriú				R2	2026	Aistreoidh an Liotuáin EUR 850 000 000 chuig INVEGA le haghaidh na Saoráide.

F. COMHÁBHAR 6: EARNÁIL PHOIBLÍ ÉIFEACHTÚIL AGUS RÉAMHCHOINNÍOLLACHA CHUN TÉARNAMH TAR ÉIS NA PAINDÉIME

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an gcóras cánach, comhlíonadh cánach, an creat buiséadach, bainistiú acmhainní daonna san earnáil phoiblí agus bainistiú dócmhainneachta gnó. Is iad cuspóirí na comhpháirte comhlíonadh cánach a fheabhsú agus an córas cánach a chothromú; bainistíocht acmhainní daonna san earnáil phoiblí a fheabhsú; pleanáil bhuiséadach mheántéarmach agus bainistiú caiteachais a fheabhsú; neamhspleáchas airgeadais na mbardas a mhéadú; agus éagsúlacht na n-ionstraimí airgeadais a mhéadú chun borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí.

Tá bearta sa chomhpháirt atá dírithe ar an mbonn cánach a leathnú chuig foinsí nach ndéanann an dochar céanna don fhás, chomh maith le bearta dlíthiúla agus teicniúla chun comhlíonadh cánach a fheabhsú, agus chun feabhas a chur ar dhearadh an chórais cánach agus sochair chun cabhrú le neamhionannas ioncaim agus bochtaineacht a laghdú. Ionchorpraítear ann freisin roinnt beart athchóirithe a bhaineann leis an gcreat buiséadach: athbhreithnithe meántéarmacha ar phleanáil bhuiséadach agus ar chaiteachas a bhunú, nósanna imeachta leasaithe buiséid a mhionchoigeartú, úsáid comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chur chun cinn i bpróiseas na hinfheistíochta poiblí, struchtúr ioncaim an bhardais a athbhreithniú, ceithre institiúid forbartha náisiúnta a chomhdhlúthú in aon chomhlacht poiblí amháin agus ceithre uirlis dhigiteacha a fhorbairt a bhfuiltear ag súil go gcuideoidh siad le gnólachtaí rioscaí dócmhainneachta a bhainistiú. Ina theannta sin, is éard atá sa chomhpháirt athchóiriú ar bhainistiú acmhainní daonna agus ar fhorbairt foirne san earnáil phoiblí.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach chun comhlíonadh cánach a fheabhsú agus chun an bonn cánach a leathnú chuig foinsí nach ndéanann an oiread céanna dochair don fhás (Moladh Tírshonrach 1 2019). Ina theannta sin, trí ioncaim chánach bhreise agus coigilteas féideartha a bhuí le hathbhreithnithe caiteachais, rannchuidíonn an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar mholtaí maidir leis an gcóras cánach agus sochar a neartú (Moladh Tírshonrach 1 2019 agus Moladh Tírshonrach 2 2020). Rannchuidíonn roinnt beart a bhaineann leis an gcreat buiséadach leis an infheistíocht phoiblí a dhéanamh níos éifeachtúla (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

F.1.1. Athchóiriú 1 ‘Earnáil Phoiblí Éifeachtúil’

Is é is aidhm don athchóiriú sin an státseirbhís a athchóiriú trí fheabhas a chur ar phróisis riaracháin, ar bhainistiú acmhainní daonna agus trí dhíriú níos fearr ar chustaiméirí san earnáil phoiblí. Chun an t-athchóiriú sin a chur chun feidhme, beidh gá leis an reachtaíocht ábhartha a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe ar an Dlí maidir leis an Státseirbhís.

Tá dhá fhobheart san athchóiriú sin: (1) córas bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí a nuachóiriú (fobheart 1); (2) córas oiliúna láraithe a bhunú chun inniúlachtaí san earnáil phoiblí a fhorbairt (fobheart 2).

F.1.1.1 Fobheart 1: Nuachóiriú ar an gcóras bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí

Is é is cuspóir don fhobheart seo an córas bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí a nuachóiriú. Táthar ag súil go ndéanfaidh sé próisis bhainistíochta acmhainní daonna níos éifeachtúla, rud a chumasóidh tallann láraithe agus bainistíocht gairme.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

F.1.1.2 Fobheart 2: Córas oiliúna láraithe a bhunú chun inniúlachtaí san earnáil phoiblí a fhorbairt

Is é cuspóir an fhobhirt seo modúil oiliúna a chruthú a bheidh dírithe ar scileanna digiteacha, anailíseacha airgeadais agus ceannaireachta laistigh de chóras oiliúna láraithe chun inniúlachtaí fhostaithe na hearnála poiblí a fhorbairt.

Cuirfear 16 000 oiliúint ar a laghad i gcrích maidir le scileanna digiteacha, anailíseacha airgeadais nó ceannaireachta.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2026.

F.1.2. Athchóiriú 2 “Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás”

Is é is cuspóir don athchóiriú na dálaí a chruthú chun an córas cánach a athchothromú trí struchtúr cánach atá níos cothroime go sóisialta agus lena gcothaítear fás a áirithiú, trí thomhaltóirí a spreagadh chun iompraíocht a athrú trí chánachas chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha na sochaí. Tá trí fhobheart san athchóiriú sin: (1) deireadh a chur le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta atá neamhéifeachtúil, nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh nó nach gcomhlíonann an Comhaontú Glas (fobheart 1); (2) an bonn cánach a leathnú tuilleadh chuig foinsí nach gcuireann isteach ar fhás eacnamaíoch (fobheart 2); (3) measúnú ar éifeachtacht na ranníocaíochtaí cánach agus árachais shóisialta chun an bhochtaineacht a chosc agus an neamhionannas ioncaim a laghdú (fobheart 3).

F.1.2.1. Fobheart 1: Deireadh a chur le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta atá neamhéifeachtúil, nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh nó nach gcomhlíonann an Comhaontú Glas.

Is é is cuspóir don bheart seo díolúintí cánach agus córais chánach speisialta a shainaithint atá neamhéifeachtúil, nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh nó nach gcomhlíonann an Comhaontú Glas agus na dlíthe cánach faoi seach a leasú. Déanfaidh an Aireacht Airgeadais anailís costais is tairbhe agus dréachtóidh sí na leasuithe is gá ar an reachtaíocht a bheidh le glacadh ag an bParlaimint. Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm faoin 31 Márta 2023.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2023.

F.1.2.2. Fobheart 2: An bonn cánach a leathnú tuilleadh chuig foinsí nach gcuireann isteach ar an bhfás eacnamaíoch

Is é is aidhm don bheart seo an bonn cánach a leathnú chuig foinsí nach gcuireann isteach ar an bhfás eacnamaíoch. Ullmhóidh an Aireacht Airgeadais staidéar ar na féidearthachtaí chun an bonn cánach a leathnú agus dréachtóidh sí na leasuithe is gá ar an reachtaíocht atá le glacadh ag an bParlaimint. Díreofar san anailís ar an gcáin eastáit réadaigh, ar dhleachtanna máil ar tháirgí fuinnimh agus ar chánacha glasa eile. Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm faoin 31 Márta 2023.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2023.

F.1.2.3. Fobheart 3: Measúnú ar éifeachtacht na ranníocaíochtaí cánach agus árachais shóisialta chun an bhochtaineacht a chosc agus an neamhionannas ioncaim a laghdú

Is é is aidhm don bheart seo coigeartú a dhéanamh ar an gcáin ioncaim phearsanta agus ar ranníocaíochtaí árachais shóisialta chun an bhochtaineacht a chosc ar bhealach níos fearr agus an neamhionannas ioncaim a laghdú. Ullmhóidh an Aireacht Airgeadais staidéar ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar cháin ioncaim phearsanta agus ar ranníocaíochtaí árachais shóisialta agus dréachtóidh sí na leasuithe is gá ar an reachtaíocht atá le glacadh ag an bParlaimint.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2023.

F.1.3. Athchóiriú 3 'Inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus trédhearcacht an bhuiséid náisiúnta'

Is é is aidhm don athchóiriú inbhuanaitheacht fhadtéarmach na mbuiséad stáit agus bardasach, trédhearcacht an bhuiséadaithe mheántéarmaigh agus cistiú seirbhísí stáit a mhéadú. Díríonn sé freisin ar athbhreithnithe caiteachais agus ar bhealaí chun neamhspleáchas airgeadais na mbardas a mhéadú. Tá cúig fhobheart san athchóiriú sin: (1) feabhsuithe ar an gcreat buiséadach (fobheart 1); (2) athbhreithnithe caiteachais (fobheart 2); (3) struchtúr an ioncaim bhardasaigh a fheabhsú (fobheart 3); (4) Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn (fobheart 4); (5) comhdhlúthú na n-institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagtha (fobheart 5).

F.1.3.1. Fobheart 1: Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach

Is é is aidhm don fhobheart seo modheolaíochtaí a ullmhú agus a ghlacadh maidir le buiséadú meántéarmach agus ríomh na mbunchostas. Tá sé d'aidhm aige freisin na leasuithe ar an Dlí maidir le Struchtúr an Bhuiséid a ghlacadh chun na rialacha maidir le leasuithe ar an mbuiséad a shoiléiriú. Ina theannta sin, tiocfaidh an uirlis bhuiséadaithe laistigh den Chóras Faisnéise um Bainistíocht Straitéiseach i bhfeidhm chun buiséadú meántéarmach a uathoibriú. Déanfaidh an Rialtas buiséad meántéarmach don tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2027 a ullmhú agus a fhormhuiniú.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

F.1.3.2. Fobheart 2: Athbhreithnithe caiteachais

Is é is aidhm don fhobheart seo coincheap d'athbhreithnithe caiteachais a fhorbairt agus an chéad athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas a dhéanamh. Poibleofar torthaí an athbhreithnithe chuimsithigh ar chaiteachas agus cuirfear san áireamh iad in ullmhú na gcéad bhuiséad meántéarmach don tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2024.

F.1.3.3. Fobheart 3: Struchtúr an ioncaim bhardasaigh a fheabhsú

Is é is aidhm don fhobheart seo bealaí a shainaithint maidir le conas struchtúr ioncam bardasach a fheabhsú, go háirithe trí sciar na n-ioncam a chinneann na bardais go díreach a mhéadú. Chun an t-athchóiriú sin a chur chun feidhme, beidh gá le leasú a dhéanamh ar an Dlí maidir le Modheolaíocht chun Ioncam an Bhuiséid Bhardasaigh a Chinneadh agus uirlisí anailíseacha a chruthú lenar féidir táscairí fioscacha bardasacha a chur i gcomparáid le chéile agus measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht bhardasach ioncaim a ardú.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

F.1.3.4. Fobheart 4: Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn

Is é is aidhm don fhobheart seo pacáiste reachtach a tharraingt suas agus a ghlacadh lena ndéanfaí an méid seo a leanas:

- cur chun feidhme na gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chumasú sna réimsí is tábhachtaí ó thaobh straitéise de, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, foinsí fuinnimh in-athnuaite, iompar inbhuanaithe, agus na réimsí ina bhfuil na riachtanais infheistíochta is mó, amhail ceartas agus ord poiblí agus sábháilteacht phoiblí;
- cuidiú le hinfheisteoirí príobháideacha a mhealladh chuig tionscadail phoiblí trí na pleananna infheistíochta inbhuanaithe fadtéarmacha a chur ar fáil agus trí shásraí cothroma leithdháilte riosca a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh;
- grúpáil tionscadal infheistíochta bardasaí a cheadú, rud a d'fhágfadh go mbeidís níos tarraingtí d'infheisteoirí;
- a chur ar chumas bardas páirt a ghlacadh i gcláir chomhpháirtíochta poiblí-príobháideacha arna n-eagrú ag an stát, a bhfuiltear ag súil go laghdóidh sé costais riaracháin.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

F.1.3.5. Fobheart 5: Comhdhlúthú na n-institiúidí náisiúnta forbartha

Is é is aidhm don fhobheart seo ceithre institiúid forbartha náisiúnta a chomhdhlúthú in aon chomhlacht poiblí amháin. Beidh sé mar chuspóir ag an institiúid eolas agus inniúlachtaí a chomhchruinniú in institiúid forbartha náisiúnta láidir amháin, INVEGA, chun cleachtais oibríochtúla agus bainistiú cistí institiúidí forbartha náisiúnta a aontú agus a bharrfheabhsú, réamhchoinníollacha a chruthú chun infheisteoirí institiúideacha a mhealladh, comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a neartú, agus soláthar ionstraimí airgeadais a mhéadú go hinbhuanaithe chun tionscadail atá inmharthana ó thaobh airgeadais de a mhaoiniú.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

F.1.4. Athchóiriú 4 'Comhlíonadh cánach a fheabhsú'

Is é is aidhm don athchóiriú sin feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach in earnálacha ardriosca agus trédhearcacht idirbheart a mhéadú. Tá cúig fhobheart san athchóiriú sin: (1) tuilleadh trédhearcachta i dtrádáil feithiclí caite (fobheart 1); (2) cánachas cothrom ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar líne

(fobheart 2); (3) úsáid airgid thirim a theorannú (fobheart 3); (4) cáiníocóirí amach anseo a léamh ó thaobh airgeadais de (fobheart 4); (5) níos mó trédhearcachta in earnáil na tógála (fobheart 5).

F.1.4.1. Fobheart 1: Níos mó trédhearcachta i dtrádáil feithiclí caite

Is é is aidhm don fhobheart seo feabhas a chur ar rialú díolachán feithiclí caite trí shonraí a bhailiú maidir lena n-úinéirí agus lena ndíoltóirí iarbhír. Le teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Dlí maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, tugadh isteach córas cuntas úinéirí feithiclí chun díoltóirí agus úinéirí iarbhír feithiclí a shainaithint agus chun a áirithiú go gcomhlíontar a n-oibleagáidí cánach. Rinneadh rochtain ar shonraí chóras cuntasaíochta na n-úinéirí feithicle a áirithiú don Chigireacht Cánach Stáit.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

F.1.4.2. Fobheart 2: Cánachas cothrom ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar líne

Is é is aidhm don fhobheart seo an reachtaíocht náisiúnta a leasú chun oibleagáid a chur ar oibríochtaí ardáin ar líne sonraí ar idirbhearta a dhéantar ar ardáin ar líne a bhailiú agus a thuairisciú do na húdaráis chánach faoin 31 Eanáir den bhliain tar éis na bliana féilire lena mbaineann an fhaisnéis. Gheobhaidh an Chigireacht Cánach Stáit an chéad tacar sonraí faoin 31 Márta 2024.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2024.

F.1.4.3. Fobheart 3: Teorainn a chur le húsáid airgid thirim

Is é is aidhm don fhobheart seo an reachtaíocht náisiúnta a leasú chun teorainn a chur le húsáid airgid thirim in earnálacha eacnamaíocha áirithe agus/nó le haghaidh cineálacha áirithe idirbheart, d'fhonn méid an scáthgheilleagair a laghdú. Molfar leasuithe ar reachtaíocht bunaithe ar an anailís a dhéanfaidh an Aireacht Airgeadais.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

F.1.4.4. Fobheart 4: Cáiníocóirí na todhchaí a léamh ó thaobh airgeadais de

Is é is aidhm don fhobheart seo ábhar oideachais a fhorbairt do dhaltaí agus do mhic léinn chun feabhas a chur ar a dtuiscint ar chánacha agus ar chomhlíonadh cánach. Ina theannta sin, forbrófar bonneagar le haghaidh íocaíochtaí gan airgead tirim i scoileanna, agus cuirfear cártaí leictreonacha daltaí a bhfuil feidhm íocaíochta acu ar fáil do dhaltaí. Ina theannta sin, eagrófar feachtas faisnéise maidir le cánachas agus gníomhaíochtaí an riaracháin chánach.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

F.1.4.5. Fobheart 5: Níos mó trédhearcachta in earnáil na tógála

Is é is aidhm don fhobheart seo uirlis dhigiteach (córas aitheantais an fhoirgníochta) a fhorbairt lena gcumasófar clárú éigeantach daoine atá ag obair in earnáil na tógála agus sainaithint daoine den sórt sin a bhfuil cód aitheantais tógálaí speisialta acu. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta 1400 cigireacht phleanáilte agus 30 % breise de chigireachtaí neamhghnáthaimh faoin 31 Nollaig 2025 chun a sheiceáil an bhfuil oibrithe cláraithe i gcóras aitheantais an Tógálaí agus an bhfuil cóid aitheantais

an tógálaí speisialta acu. Cuideoidh an beart seo le cásanna d'obair neamhdhleathach a shainaithint ar bhealach níos fearr.

Tabharfar an fobheart seo chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

F.1.5. Athchóiriú 5 'Uirlisí atá ar fáil do ghnólachtaí chun riosca dócmhainneachta a bhainistiú'

Is é is aidhm don athchóiriú sin cabhrú le gnólachtaí sásraí féinrialaithe a neartú agus iad i ngleic le rioscaí dócmhainneachta agus páirt a thabhairt d'údaráis phoiblí comhairle a chur ar ghnólachtaí den sórt sin. Chun an t-athchóiriú sin a chur chun feidhme, beidh gá le ceithre uirlis dhigiteacha a chruthú lena dtacófar le gnólachtaí a bhfuil rioscaí dócmhainneachta ag bagairt orthu:

1) an tairseach dhócmhainneachta;

2) uirlis dhigiteach (draoi) a chuidíonn le plean athstruchtúraithe cuideachta a tharraingt suas;

3) uirlis dhigiteach (draoi) a chuidíonn leis an bpróiseas luachála sócmhainní chun caighdeáin luachála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm trí dhea-chleachtais, samplaí agus mínithe a sholáthar in aon áit amháin;

4) uirlis chun comparáidí a dhéanamh ar luacháil sócmhainní agus idirbheart.

Tabharfar an t-athchóiriú sin chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

F.1.6. Athchóiriú 6. 'Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla'

Is é is aidhm don athchóiriú nuachóiriú a dhéanamh ar an anailís sonraí agus ar na próisis chinnteoireachta a dhéanann Cigireacht Cánach an Stáit agus Custaim na Liotuáine trí úsáid a bhaint as ardmhodhanna agus ardmhodhanna anailíseacha atá bunaithe ar úsáid na hintleachta saorga, agus inniúlachtaí a bhfoirne a fheabhsú. Tá sé fhobheart san athchóiriú sin: (1) uirlisí nua anailísíochta sonraí a thabhairt isteach i gCigireacht Chánach an Stáit (fobheart 1); (2) cáilíocht sonraí na Cigireachta Cánach Stáit agus institiúidí eile a fheabhsú (fobheart 2); (3) róbatú próiseas gnó ag Cigireacht Cánach an Stáit (fobheart 3); (4) digitiú na stampaí cánach (fobheart 4); (5) uirlisí nua anailíse sonraí agus córais TF Custaim a uasghrádú (fobheart 5); (6) inniúlachtaí foirne Chigireacht Chánach an Stáit agus fhobheart Custaim na Liotuáine a fheabhsú (fobheart 6).

F.1.6.1. Fobheart 1: Uirlisí nua anailísíochta sonraí a thabhairt isteach i gCigireacht Chánach an Stáit

Is é is aidhm don fhobheart seo uirlisí nua a thabhairt isteach lena ngabhfar sonraí neamhstruchtúrtha breise agus lena ríomhfar próifílí riosca do cháiníocóirí. Cuirfear torthaí na hanailíse sin ar fáil do cháiníocóirí ionas go bhféadfaidís a n-iompraíocht maidir le comhlíonadh cánach a choigeartú.

Tabharfar an fobheart seo i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

F.1.6.2. Fobheart 2: Feabhas a chur ar cháilíocht sonraí na Cigireachta Cánach Stáit agus institiúidí eile

Is é is aidhm don fhobheart seo bonn meiteashonraí comhtháite na Cigireachta Cánach Stáit a thógáil agus an mhodheolaíocht ábhartha (moltaí) a sholáthar d'institiúidí airgeadais poiblí

(Cigireacht Cánach an Stáit, Bord Árachais Shóisialta an Stáit, an Aireacht Airgeadais agus an roinn Custaim). Déanfar an malartú sonraí leis an mbunachar meiteashonraí a rialú le teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil arna ghlacadh ag an gCigireacht Cánach Stáit. Áiritheofar cáilíocht na sonraí sa bhunachar meiteashonraí le halgartaim agus nósanna imeachta leabaithe um rialú cáilíochta sonraí.

Tabharfar an fobheart seo i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

F.1.6.3. Fobheart 3: Róbatú próiseas gnó ag Cigireacht Cánach an Stáit

Is é is aidhm don fhobheart seo ceadúnais a fháil le haghaidh na mbogearraí uathoibrithe próisis róbataice agus iad a úsáid chun dhá phróiseas gnó de chuid na Cigireachta Cánach Stáit a uathoibriú:

1) cinntí agus prótacail a eisiúint maidir le sáruithe ar an dlí riaracháin;

2) sean-riaráistí agus seanfhíneálacha cánach a athbhreithniú.

Críochnófar an fobheart seo faoin 31 Mach 2022.

F.1.6.4. Fobheart 4: Digitiú na stampaí cánach

Is é is aidhm don fhobheart seo féachaint an bhféadfaí réitigh dhigiteacha a chur in ionad stampaí cánach páipéir a úsáidtear faoi láthair chun an margadh a chosaint ar dheochanna alcólacha neamhdhleathacha chun táirgí den sórt sin a lipéadú trí threoirthionscadal a reáchtáil. Bunaithe ar thorthaí an treoirthionscadail, cinnfidh an Chigireacht Cánach Stáit cé acu a fhorbrófar nó nach bhforbrófar modúl tiomnaithe lena gceadófar lipéadú leictreonach ar dheochanna alcólacha.

Tabharfar an fobheart seo i gcrích faoin 31 Mach 2024.

F.1.6.5. Fobheart 5: Uirlisí nua anailíse sonraí agus córais TF Custaim a uasghrádú

Is é is aidhm don fhobheart seo uirlisí nua anailíse sonraí a thabhairt isteach lena ngabhtar sonraí nua ó fhoinsí sonraí breise freisin. Cuirfidh sé sin feabhas ar bhainistiú riosca fhioscaigh custaim sna réimsí seo a leanas:

- measúnú ar dhearbhú custaim;
- bainistíocht ráthaíochta;
- bearta taraife a chur i bhfeidhm agus a bhailíochtú;
- foinsí faisnéise a shainaithint a úsáidfear don phróiseas luachála custaim.

Ina theannta sin, déanfar córais TF Chustaim na Liotuáine a uasghrádú trí chomhéadan a bhunú:

- idir an Córas um thíolacadh earraí le haghaidh rialú custaim, feithiclí agus earraí agus córais bainistíochta tráchta;

- le córais TF de chúig chomhpháirtí ar a laghad a bhainistíonn rochtain modhanna iompair ar áiteanna ina dtíolactar earraí do lucht custaim, arna bhformheas ag na húdaráis chustaim, agus/nó a rialaíonn gluaiseacht feithiclí nó coinsíneachtaí (amhail an Chigireacht Cánach Stáit, Stiúrthóireacht an Bhonneagair Trasnaithe Teorann faoin Aireacht Iompair agus Cumarsáide agus AB Lietuvos geležinkeliai, Klaipėda State Seaport Authority).

Tabharfar an fobheart seo chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

F.1.6.6. Fobheart 6: Feabhas a chur ar inniúlachtaí foirne na Cigireachta Cánach Stáit agus Chustaim na Liotuáine

Is é is aidhm don fhobheart seo uirlis oiliúna digití a fhorbairt ina mbeidh córas bainistíochta agus riaracháin oiliúna agus ocht modúl oiliúna d'oifigigh Chustaim agus do chliaint. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige uirlis oiliúna a chruthú d'fhoireann na Cigireachta Cánach Stáit sna réimsí seo a leanas: anailísíocht sonraí, rialú cáiníocóirí, dearbhú comhlíontachta cánach agus inniúlacht foghlama teangacha eachtracha a fheabhsú. Cuirfidh 800 fostaí de chuid Chigireacht Chánach an Stáit agus 250 fostaí agus cliant de chuid Chustaim na Liotuáine an oiliúint sin i gcrích.

Tabharfar an fobheart seo chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

F.1.7. Athchóiriú 7. 'Éiceachóras doiciméad leictreonach a fhorbairt'

Is é is aidhm don athchóiriú é a chur ar a gcumas do ghnólachtaí faisnéis agus sonraí leictreonacha a mhalartú le húdaráis phoiblí ar bhealach uathoibrithe. Díreoidh an t-athchóiriú ar shonraí na gclár airgid, na n-admhálacha ceannaigh agus na nótaí coinsíneachta. Le leasuithe ar an Dlí maidir le Riarachán Cánach agus le reachtaíocht eile, leagfar síos ceanglais éigeantacha maidir le doiciméid a luadh roimhe seo a dhigitiú agus a aistriú chuig na húdaráis. Tiocfaidh an reachtaíocht leasaithe i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2025. Tá dhá fhobheart ag an athchóiriú sin freisin: (1) réiteach a chruthú chun ríomhadmhálacha a chumasú (fobheart 1); (2) réiteach a chruthú chun ríomhchoinsíneachtaí idirnáisiúnta a chumasú (fobheart 2).

F.1.7.1. Fobheart 1: Réiteach a chruthú chun ríomhadmhálacha a chumasú

Is é is aidhm don fhobheart seo fréamhshamhail ríomhadmhála a chruthú agus é a úsáid i gcórais TF na Cigireachta Cánach Stáit. Cuirfidh an Chigireacht Cánach Stáit é ar fáil do ghnólachtaí freisin.

Tabharfar an fobheart seo chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

F.1.7.2. Fobheart 2: Réiteach a chruthú chun r-choinsíneachtaí idirnáisiúnta a chumasú

Is é is aidhm don fhobheart seo an Córas Riaracháin Cánach Cliste, atá á bhainistiú ag Cigireacht Cánach an Stáit, a oiriúnú chun tacú le doiciméid leictreonacha choinsíneachta agus lena malartú le tíortha eile.

Tabharfar an fobheart seo chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2025.

F.1.8. Athchóiriú 8. 'Ionad ilfhreastail chun fíneálacha a íoc'

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar riar fíneálacha. Chun an t-athchóiriú sin a chur chun feidhme, ní mór pacáiste doiciméad dlíthiúil, lena n-áirítear leasuithe ar an Dlí maidir le Riarachán Cánach, a ghlacadh chun a chur ar chumas na Cigireachta Cánach Stáit formhór na bhfíneálacha agus na smachtbhannaí eacnamaíocha arna n-eisiúint ag an stát a riar. Beidh gá le coigeartuithe ar chórais faisnéise na Cigireachta Cánach Stáit chun an t-athchóiriú a chur chun feidhme.

Tabharfar an t-athchóiriú sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

F.1.9. Athchóiriú 9. ‘Córas stórais le haghaidh iniúchóireachta agus rialuithe’

Is é is cuspóir don infheistíocht i gcóras stórais le haghaidh iniúchóireachta agus rialuithe a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir le bailiú sonraí agus faireachán sonraí faoin tráth a dhéanfar an chéad iarraidh ar íocaíocht. Go háirithe, baineann sé sin le bailiú sonraí agus faireachán ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna chomh maith le bailiú, stóráil agus rochtain ar na sonraí a áirithiú de réir Airteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán RRF. Dearbhófar feidhmiúlachtaí an stóirchórais faoi seach le tuarascáil iniúchóireachta. Cumhdóidh raon feidhme na tuarascála iniúchóireachta na socruithe sealadacha agus, a mhéid atá sé i bhfeidhm cheana, an córas faisnéise aonair nua chun cistí an Aontais agus RRP do thréimhse chistiúcháin 2021-2027 (IS2021) a bhainistiú.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
138	F.1.1. An earnáil phoiblí éifeachtúil - F.1.1.1 Nuachóiriú ar an gcóras bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí	Garsprioc	Nuachóiriú ar an gcóras bainistíochta acmhainní daonna san earnáil phoiblí	Teacht i bhfeidhm an chórais bainistíochta acmhainní daonna nuachóirithe				R2	2026	Teacht i bhfeidhm córais bainistíochta acmhainní daonna nuachóirithe, lena n-áireofar Clárlann Fostaithe na hEarnála Poiblí nuachruthaithe agus réitigh TF nuachóirithe arb é is aidhm dóibh próisis bhainistíochta acmhainní daonna a dhéanamh níos éifeachtúla, lena gcumasófar tallann láraithe agus bainistiú gairme.
139	F.1.1. Earnáil phoiblí éifeachtúil - F.1.1.2 Córas oiliúna láraithe a bhunú chun inniúlachtaí san earnáil phoiblí a fhorbairt	Garsprioc	Treoirlínte straitéiseacha agus modúil oiliúna	Glacadh treoirlínte agus forbraíodh modúil oiliúna				R3	2024	Glacfaidh Rialtas na Liotuáine treoirlínte straitéiseacha maidir le hoiliúint fhadtéarmach agus forbairt inniúlachta fostaithe san earnáil phoiblí agus plean cur chun feidhme na dtreoirlínte straitéiseacha. Forbróidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Poiblí modúil oiliúna chun inniúlachtaí fhostaithe na hearnála poiblí a neartú. Forbrófar na modúil oiliúna seo a leanas: 1) inniúlachtaí digiteacha; 2) inniúlachtaí anailíseacha airgeadais; 3) Inniúlachtaí ceannaireachta.
141	F.1.1. Earnáil phoiblí éifeachtúil - F.1.1.2 Córas oiliúna láraithe a bhunú le haghaidh inniúlachtaí forbartha san earnáil phoiblí	Sprioc	Líon na gcúrsaí oiliúna a cuireadh i gcrích maidir le scileanna digiteacha, airgeadais, anailíseacha nó ceannaireachta		Líon	0	16 000	R1	2026	Cuirfidh 4 000 fostaí san earnáil phoiblí ar a laghad oiliúint i scileanna digiteacha i gcrích. Beidh oiliúint i scileanna anailíseacha airgeadais curtha i gcrích ag 4 000 fostaí ar a laghad de chuid na hearnála poiblí. Cuirfidh 8 000 fostaí san earnáil phoiblí oiliúint i scileanna ceannaireachta i gcrích.
142	F.1.2. Córas cánach	Garsprioc	Cur i gcrích na	Dréachtleasuithe				R2	2022	Bunaithe ar fhoilsiú na hanailíse costais is tairbhe ar

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	atá níos cothroime agus níos fabhraí don fhás. - F.1.2.1. Deireadh a chur le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta atá neamhéifeachtúil, nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh nó nach gcomhlíonann an Comhaontú Glas		dtograí a rinneadh ar bhonn mionanailíse chun díolúintí cánach agus córais chánach speisialta a tharraingt siar chuig an bParlaimint	ar reachtaíocht chánach a chlárú i gcóras na ngníomhartha dlí						dhíolúintí cánach atá ann cheana agus ar chórais chánach speisialta nach bhfuil éifeachtach agus (nó) nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh, dréachtófar dréachtleasuithe ar na dlíthe cánach ábhartha agus cuirfear faoi bhráid na parlaiminte iad.
143	F.1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.1. Deireadh a chur le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta atá neamhéifeachtúil, nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh nó nach gcomhlíonann an Comhaontú Glas	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar reachtaíocht chánach lena gcuirtear deireadh le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar reachtaíocht chánach				R1	2023	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar dhlíthe lena gcuirtear deireadh le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta nach bhfuil éifeachtach a thuilleadh agus (nó) nach léiríonn tosaíochtaí an stáit a thuilleadh.
144	F. 1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.2. Fobheart 2:	Garsprioc	Cur i gcrích na dtograí chun cánacha comhshaoil agus	Dréachtleasuithe ar reachtaíocht chánach a chlárú i gcóras na				R2	2022	Bunaithe ar staidéar ina ndéantar anailís ar roghanna chun cánacha comhshaoil a leathnú agus cánachas ar fhoinsí eile nach ndéanann an oiread céanna dochair don fhás eacnamaíoch, déanfar dréachtleasuithe ar

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	An bonn cánach a leathnú tuilleadh chuig foinsí nach gcuireann isteach ar an bhfás eacnamaíoch		cánachas ar fhoinsí eile a leathnú ar lú an dochar a dhéanann siad don fhás eacnamaíoch ar bhonn mionanailíse a cuireadh faoi bhráid na parlaiminte	ngníomhartha dlí						na dlíthe cánach ábhartha a ullmhú agus a chur faoi bhráid na parlaiminte.
145	F. 1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.2. Fobheart 2: An bonn cánach a leathnú tuilleadh chuig foinsí nach gcuireann isteach ar an bhfás eacnamaíoch	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an reachtaíocht maidir le dleachtanna máil, cánacha comhshaoil agus cánacha maoine	Forálacha sna dlíthe leasaitheacha lena léirítear teacht i bhfeidhm na n-athruithe				R1	2023	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar dhlíthe maidir le dleachtanna máil, cánacha comhshaoil agus cáin mhaoine chun ról na gcánacha nach gcuireann isteach ar fhás eacnamaíoch sa struchtúr cánach a mhéadú.
146	F.1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.3. Measúnú ar éifeachtacht na ranníocaíochtaí cánach agus árachais shóisialta chun an bhochtaineacht a	Garsprioc	Cur i gcrích an staidéir ar éifeachtacht chánachas ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta chun	Foilsíodh an staidéar ar shuíomh gréasáin na hAireachta Airgeadais				R2	2022	Staidéar a fhoilsiú ina ndéantar anailís ar éifeachtacht chánachas ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta chun bochtaineacht agus neamhionannas ioncaim a laghdú.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	chosc agus an neamhionannas ioncaim a laghdú		bochtaineacht agus neamhionannas ioncaim a laghdú							
147	F.1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.3. Measúnú ar éifeachtacht na ranníocaíochtaí cánach agus árachais shóisialta chun an bhochtaineacht a chosc agus an neamhionannas ioncaim a laghdú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar reachtaíocht maidir le cánachas ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta	Forálacha sna dlíthe lena léirítear teacht i bhfeidhm athruithe ar an reachtaíocht maidir le cánachas ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta				R1	2023	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar dhlíthe maidir le cánachas ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta, bunaithe ar chonclúidí an staidéir lena ndéantar anailís ar éifeachtacht an chánachais ar ioncam pearsanta agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta chun an bhochtaineacht agus an neamhionannas ioncaim a laghdú.
148	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.1. Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na modheolaíochta buiséadaithe meántéarmaí, modheolaíocht ríofa na mbunchostas agus leasuithe ar an Dlí maidir le Struchtúr an Bhuiséid a bhaineann le hathbhreithniú	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm dhá mhodheolaíocht agus an Dlí maidir le Struchtúr an Bhuiséid				R2	2024	Teacht i bhfeidhm: -na leasuithe ar an Dlí maidir le Struchtúr an Bhuiséid lena soiléireofar na rialacha maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséid bhliantúla; an mhodheolaíocht lena socrófar na nósanna imeachta maidir le buiséadú meántéarmach, a bhfuil a bpríomhphrionsabail leagtha síos sa Dlí maidir le Struchtúr an Bhuiséid, agus a fhormheastar le rún ón Rialtas; -an mhodheolaíocht lena socrófar na nósanna imeachta le haghaidh ríomhanna caiteachais bunlíne arna bhformheas le hordú ón Aire Airgeadais.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			ar bhuiséad an stáit.							
148a	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.1. Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm uirlis an Chórais Faisnéise um Bainistíocht Straitéiseach lena n-uathoibrítear buiséadú meántéarmach	Teacht i bhfeidhm uirlis an Chórais Faisnéise um Bainistíocht Straitéiseach lena n-uathoibrítear buiséadú meántéarmach.				R4	2024	Beidh an uirlis bhuiséadaithe mheántéarmach laistigh den Chóras Faisnéise um Bainistíocht Straitéiseach oibríochtúil agus beidh sí ar fáil do bhainisteoirí um leithreasú buiséid in institiúidí an rialtais láir. Cumasóidh sé uathoibriú an bhuiséadaithe mheántéarmaigh (lena n-áirítear ríomh an chaiteachais oibríochtúil).
149	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.1. Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rúin rialtais lena bhformhuinítear an chéad tionscadal buiséid meántéarmach mionsonraithe don tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2027	Rún ón rialtas lena bhformhuinítear an chéad tionscadal buiséid meántéarmach mionsonraithe don tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2027				R3	2024	Formhuineoidh an rialtas an chéad tionscadal buiséid mionsonraithe trí bliana don tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2027. Beidh an buiséad meántéarmach i gcomhréir leis an modheolaíocht bhuiséadach mheántéarmach fhormheasta.
150	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.2.	Garsprioc	An t-athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas an bhuiséid a chur i gcrích	Torthaí an athbhreithnithe chuimsithigh ar chaiteachas a chur i gcrích				R1	2024	Formheasfaidh an rialtas coincheap le haghaidh athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas agus cuirfear chun feidhme é san athbhreithniú cuimsitheach iarbhír lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar shonraí forghníomhaithe bhuiséad 2023.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Athbhreithnithe caiteachais									Poibleofar torthaí an athbhreithnithe chuimsithigh ar chaiteachas agus cuirfear san áireamh iad in ullmhú na gcéad bhuiséad meántéarmach don tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027.
151	F.1.3. Inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus trédhearcacht an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.3. Struchtúr an ioncaim bhardasaigh a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí maidir le Modheolaíocht an Chinnidh Ioncam Buiséid Bhardasaigh agus foilsiú thorthaí na comparáide córasaí idir táscairí fioscacha bardasacha agus an measúnú ar acmhainneacht bhardasach chun ioncaim a thiomsú	Foráil sa dlí leasaitheach lena léirítear teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí maidir le Modheolaíocht an Chinnidh Ioncam Buiséid Bhardasaigh agus foilsiú torthaí				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí maidir le Modheolaíocht chun Ioncam Buiséid Bhardasaigh a Chinneadh lena bhfeabhsófar struchtúr an ioncaim bhardasaigh. Úsáidfidh an Aireacht Airgeadais uirlisí lena gceadófar an méid seo a leanas: comparáid idir táscairí maidir le hioncam, caiteachas agus feidhmíocht na mbardas; - measúnú ar an gcumas ioncam bardasach a mhéadú. Foilseofar torthaí na n-anailísí sin.
152	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.4.	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Rialacha maidir le Comhpháirtíocht	Foráil sna Rialacha leasaithe maidir le Comhpháirtíochtaí				R2	2022	Leis na Rialacha leasaithe maidir le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a Ullmhú agus a Chur Chun Feidhme: - grúpáil tionscadal infheistíochta bardasaí a cheadú, rud a d'fhágfadh go mbeidís níos tarraingtí d'infheisteoirí;

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn		aí Príobháideacha Poiblí a Ullmhú agus a Chur Chun Feidhme	Príobháideacha Poiblí a Ullmhú agus a Chur Chun Feidhme lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe						- a chur ar chumas bardas páirt a ghlacadh i gcláir chomhpháirtíochta poiblí-príobháideacha arna n-eagrú ag an stát, a bhfuiltear ag súil go laghdóidh sé costais riaracháin.
153	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.4. Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an phacáiste reachtaigh lena mbunaítear creat feabhsaithe chun comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí straitéiseacha agus fadtéarmacha a úsáid	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar na nithe seo a leanas: 1) an Dlí maidir le hInfheistíocht, 2) an Dlí maidir le Lamháltais, 3) an Dlí maidir le Sócmhainní Stáit agus Bardasacha agus a mBainistiú, 4) na Rialacha maidir le Comhpháirtíochtaí				R4	2023	Beidh an pacáiste reachtach ina mbeidh leasuithe ar an Dlí maidir le hInfheistíocht, ar an Dlí maidir le Lamháltais, ar an Dlí maidir le Sócmhainní Stáit agus Bardasacha agus maidir lena mBainistiú, agus ar na Rialacha maidir le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a Ullmhú agus a Chur Chun Feidhme bunaithe ar thorthaí staidéir féidearthachta maidir le féidearthachtaí chun comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme san fhearann poiblí agus teorainneacha fioscacha á gcur san áireamh. Le teacht i bhfeidhm an phacáiste reachtaigh, déanfar an méid seo a leanas: cur chun feidhme na gcomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chumasú sna réimsí is tábhachtaí ó thaobh straitéise de, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, foinsí fuinnimh in-athnuaite, iompar inbhuanaithe, agus na réimsí ina bhfuil na riachtanais infheistíochta is mó, amhail ceartas agus ord poiblí agus sábháilteacht phoiblí; -cuidiú chun infheisteoirí príobháideacha a mhealladh chuig tionscadail phoiblí trí na pleananna infheistíochta inbhuanaithe fadtéarmacha a chur ar

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				Príobháideacha Poiblí a Ullmhú agus a Chur Chun Feidhme						fáil agus trí shásraí cothroma leithdháilte riosca a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh.
154	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.5. Comhdhlúthú na n-institiúidí náisiúnta forbartha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rúin rialtais lena gcuirtear deireadh le stádas institiúide forbartha náisiúnta i gcás trí institiúid agus lena bhfágtar d'institiúid amháin é	Rún ón rialtas lena gcuirtear deireadh le stádas na n-institiúidí forbartha náisiúnta i gcás trí institiúid agus lena bhfágtar d'institiúid amháin é				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an rúin rialtais lenar cuireadh deireadh le stádas na n-institiúidí náisiúnta forbartha i gcás trí institiúid (an Ghníomhaireacht um Bainistíocht Infheistíochta Stáit, an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Infheistíochta Poiblí agus an Ciste um Ráthaíocht Creidmheasa Talmhaíochta) agus lenar fágadh institiúid amháin (INVEGA) ina diaidh. Is é an cuspóir a bheidh ag an aon institiúid amháin atá fágtha a bhfuil stádas institiúide náisiúnta forbartha aici eolas agus inniúlachtaí a chomhchruinniú in aon institiúid náisiúnta cur chun cinn láidir amháin, cleachtais oibríochtúla agus bainistíocht cistí na hinstitiúide náisiúnta cur chun cinn a aontú agus a bharrfheabhsú, réamhchoinníollacha a chruthú chun infheisteoirí institiúideacha a mhealladh, comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a neartú, agus soláthar ionstraimí airgeadais a mhéadú go hinbhuanaithe chun tionscadail atá inmharthana ó thaobh airgeadais de a mhaoiniú.
155	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.1. Níos mó trédhearcachta i dtrádáil feithiclí caite	Garsprioc	Faigheann Cigireacht Cánach agus Custaim an Stáit sonraí maidir le húinéirí feithiclí	Tá rochtain ag Cigireacht Cánach agus Custaim an Stáit ar shonraí maidir le húinéirí				R2	2021	Le teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Sháibháilteacht ar Bhóithre agus ar a reachtaíocht cur chun feidhme, tugadh isteach córas cuntas úinéirí feithiclí chun úinéirí (athdhíoltóirí) agus úinéirí feithiclí iarbhír a shainaithint agus chun a áirithiú go gcomhlíontar a n-oibleagáidí cánach. Áirithíodh

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			ó chóras cuntasaíochta úinéirí na feithicle	feithiclí ó chóras cuntasaíochta úinéirí na feithicle						rochtain ar shonraí ó chóras cuntasaíochta úinéirí na feithicle.
156	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.2. Cánachas cothrom ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar líne	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an cheanglais dhlíthiúil ar oibreoirí ardán ar líne sonraí maidir le hidirbhearta a dhéantar ar ardáin ar líne a bhailiú agus a thuairisciú do na húdaráis chánach	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na hoibleagáide dlíthiúla ar oibreoirí ardán faisnéis a sholáthar don Chigireacht Chánach Stáit				R1	2023	Glacfar na forálacha dlíthiúla nua sa Dlí maidir le Riarachán Cánach agus tiocfaidh siad i bhfeidhm. Beidh sé d'oibleagáid ar oibríochtaí an ardáin ar líne sonraí maidir le hidirbhearta a dhéantar ar ardáin ar líne a bhailiú agus a thuairisciú do na húdaráis chánach faoin 31 Eanáir den bhliain tar éis na bliana féilire lena mbaineann an fhaisnéis.
157	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.2. Cánachas cothrom ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar líne	Garsprioc	Faigheann an Chigireacht Cánach Stáit sonraí mionsonraithe maidir le hidirbhearta a fhorghníomhaíte ar ar ardáin ar líne	Faigheann Cigireacht Cánach an Stáit sonraí mionsonraithe maidir le hidirbhearta a fhorghníomhaíte ar ar ardáin ar líne				R1	2024	Gheobhaidh an Chigireacht Cánach Stáit sonraí mionsonraithe maidir leis na hidirbhearta a rinne cáiníocóirí ar ardáin ar líne in 2023.
158	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.3. Teorainn a	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm				R4	2022	Bunaithe ar anailís na hAireachta Airgeadais, tiocfaidh an reachtaíocht i bhfeidhm lena dtugtar isteach srianta ar íocaíochtaí in airgead tirim in

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	chur le húsáid airgid thirim		lena gcuirtear teorainn le híocaíochtaí in airgead tirim in earnálacha eacnamaíocha rioscúla agus/nó i gcineálacha aonair idirbheart	forálacha reachtacha lena dtugtar isteach srianta ar íocaíochtaí in airgead tirim in earnálacha eacnamaíocha a bhfuil riosca ag baint leo agus/nó le haghaidh cineálacha aonair íocaíochtaí						earnálacha eacnamaíocha rioscúla agus/nó ar chineálacha aonair idirbheart. Laghdóidh na leasuithe sin na deiseanna atá ann do ghnólachtaí agus do dhaoine nádúrtha a n-ioncam a cheilt.
159	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.4. Cáiníocóirí na todhchaí a léamh ó thaobh airgeadais de	Sprioc	Líon na ndaltaí ón gcéad ghrád go dtí an dóú grád déag a fuair cárta leictreonach dalta ag a raibh feidhm íocaíochta.		Líon	12 900	90 000	R3	2024	Fuair 90 000 dalta cárta leictreonach dalta a raibh feidhm íocaíochta aige.
160	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.4. Cáiníocóirí na todhchaí a léamh ó thaobh airgeadais de	Sprioc	Líon na scoileanna (bunscoileanna, meánscoileanna, próignisiamaí, giomnáisiamaí) a bhfuil bonneagar íocaíochta		Líon	40	240	R3	2024	Bonneagar a bunaíodh nó a nuashonraíodh le haghaidh íocaíochtaí neamhairgid i gceaintíní 240 scoil.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			neamhairgid nuabhunaithe nó uasghrádaithe acu							
161	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.4. Cáiníocóirí na todhchaí a léamh ó thaobh airgeadais de	Garsprioc	Uirlisí oideachais agus ábhair mhodheolaíocht a a sholáthar don oideachas foirmiúil agus/nó neamhfhoirmiúil chun litearthacht chánach a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga chuig an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt agus feachtas faisnéise a chur ar fáil chun feasacht a mhúscailt faoin gcóras cánach agus faoi na seirbhísí cánach	Uirlisí oideachais agus ábhair mhodheolaíocha arna n-aistriú chuig an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt lena gcomhtháthú san oideachas foirmiúil agus/nó seachfhoirmiúil. Feachtas feasachta a rinneadh.				R2	2026	1. Déanfar ábhar modheolaíochta maidir leis an gcóras cánach a tháirgeadh agus a aistriú chuig an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt lena chomhtháthú san oideachas ginearálta foirmiúil agus seachfhoirmiúil. 2. Déanfar feachtas chun feasacht a mhúscailt maidir leis an gcóras cánach agus an tábhacht a bhaineann le litearthacht airgeadais, agus tionscadail chun feasacht a mhúscailt maidir leis na cánacha, na seirbhísí a sholáthraíonn an Chigireacht Cánach Stáit, athruithe reachtacha agus rialuithe cánach a fhorbairt agus a chur i gcrích trí thairseacha nuachta náisiúnta agus trí eagraíochtaí meán réigiúnacha.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			a sholáthraíonn Cigireacht Cánach an Stáit							
162	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.5. Níos mó trédhearcachta in earnáil na tógála	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm uirlisí digiteacha chun gur féidir daoine atá ag obair in earnáil na tógála a chlárú i bhfíor-am agus chun iad siúd a oibríonn go neamhdhleathach ar láithreáin tógála a shainaithint	Tá uirlisí digiteacha i bhfeidhm agus oibríochtúil				R4	2024	Uirlis dhigiteach lánfheidhmiúil (Fochóras faisnéise aitheantais foirgnimh) lena gcumasaítear clárú éigeantach daoine atá ag obair in earnáil na tógála agus sainaithint daoine sonraithe de réir cód aitheantais tógálaí speisialta.
163	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.5. Níos mó trédhearcachta in earnáil na tógála	Sprioc	Cion na n-oibrithe atá inaitheanta go leictreonach ar láithreáin tógála mar chion de líon iomlán na n-oibrithe		% (Céatadán)	0	80	R4	2025	Is féidir 80% ar a laghad de dhaoine atá ag obair ar láithreáin tógála a shainaithint go leictreonach i bhfíor-am. In earnáil na tógála, déanfar 1 400 cigireacht atá beartaithe agus 30 % breise de chigireachtaí neamhghnáthaimh faoin 31 Nollaig 2025.
164	F.1.5. Uirlisí atá ar fáil do ghnólachtaí chun riosca dócmhainneachta a bhainistiú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm ceithre uirlis dhigiteacha a forbraíodh le	Teacht i bhfeidhm ceithre uirlis dhigiteacha atá ar fáil d'úsáideoirí				R4	2025	Déanfar ceithre uirlis dhigiteacha a chruthú agus a chur ar fáil d'úsáideoirí: (1) an tairseach dócmhainneachta; (2) draoi chun an plean athstruchtúrúcháin a tharraingt suas;

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			haghaidh bainistiú riosca dócmhainneacht a corparáidí agus a rannchuidíonn leis an mbainistiú sin							(3) draoi a chuidíonn leis an bpróiseas luachála caighdeáin luachála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm trí dhea-chleachtais, samplaí agus mínithe a sholáthar in aon áit amháin; (4) uirlis chun comparáidí a dhéanamh ar luacháil sócmhainní agus idirbheart. Áireofar sna céimeanna ullmhúcháin chun uirlis a chruthú chun comparáidí a dhéanamh idir luacháil sócmhainní agus idirbheart glacadh leasuithe ar an Dlí maidir le Maoin Éigeantach agus Luacháil Ghnó (MPBV) lena bhforáiltear do chreat rialála coigeartaithe maidir le gairm an luachálaí agus digitiú tuarascálacha luachála leis an oibleagáid tuarascálacha a chlárú i gclár an stáit. Beidh rochtain ag gach úsáideoir ar na huirlisí a fhorbrófar, cé is moite de roinnt feidhmiúlachtaí/cuid den fhaisnéis a bhaineann le sonraí pearsanta i gcás sonrach.
165	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.1. Uirlisí nua anailísíochta sonraí a thabhairt isteach i gCigireacht Chánach an Stáit	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm réiteach ar dhúshláin anailíseacha sa riarachán cánach chun an bhearna CBL a laghdú trí úsáid a bhaint as ardteicnící anailísíochta	Sonraí na próifíle riosca agus smachtbhannaí comhfhreagracha a sholáthar do cháiníocóirí				R2	2026	Teacht i bhfeidhm an chórais rátála riosca: - na sonraí próifíle riosca a fhoilsiú do cháiníocóirí agus bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm; - neamhréireachtaí a bhrath agus smachtbhannaí a eisiúint do cháiníocóirí.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			agus feasacht a mhúscailt i measc cáiníocóirí							
166	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.1. Uirlisí nua anailísíochta sonraí a thabhairt isteach i gCigireacht Chánach an Stáit	Sprioc	Critéir riosca atá leabaithe i bpróifíl riosca na gcáiníocóirí		Líon	0	25	R2	2026	Cruthaíodh próifíl riosca cáiníocóirí, ina bhfuil cúig ghné riosca (Clárú, Dearbhú, Íocaíocht, Gníomhaíocht agus Iompar) agus cuireadh cúig chritéar riosca ar a laghad i gcrích i ngach ceann acu. San iomlán, cuirfear 25 chritéar riosca agus iompraíochta chun feidhme go hiomlán i bpróifíl riosca na gcáiníocóirí.
167	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.2. Feabhas a chur ar cháilíocht sonraí na Cigireachta Cánach Stáit agus institiúidí eile	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm bhunachar sonraí meiteashonraí comhtháite na Cigireachta Cánach Stáit agus modheolaíocht/ moltaí a chur faoi bhráid institiúidí airgeadais stáit eile	Bunachar sonraí meiteashonraí comhtháite aonair de chuid na Cigireachta Cánach Stáit a chur i bhfeidhm				R2	2026	Teacht i bhfeidhm bonn meiteashonraí comhtháite de chuid Chigireacht Chánach an Stáit agus soláthar na modheolaíochta/na moltaí le haghaidh institiúidí airgeadais poiblí (Cigireacht Chánach an Stáit, Bord Árachais Shóisialta an Stáit, an Aireacht Airgeadais agus an roinn Chustaim). Déanfar an malartú sonraí leis an mbunachar meiteashonraí a rialú le teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil arna ghlacadh ag an gCigireacht Cánach Stáit. Áiritheofar cáilíocht na sonraí sa bhunachar meiteashonraí le halgartaim agus nósanna imeachta leabaithe um rialú cáilíochta sonraí.
168	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a	Garsprioc	Uathoibriú dhá phróiseas gnó arna ndéanamh	Teacht i bhfeidhm na mbogearraí				R1	2022	Úsáidfear ceadúnais faighte na mbogearraí uathoibrithe próisis róbataice chun dhá phróiseas gnó de chuid na Cigireachta Cánach Stáit a

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	laghdú níos tapúla - F.1.6.3. Róbatú próiseas gnó ag Cigireacht Cánach an Stáit		ag an gCigireacht Cánach Stáit a chur i gcrích	róbataice uathoibrithe próisis						uathoibriú: Cinntí agus prótacail a eisiúint le haghaidh sáruithe ar an dlí riaracháin; Athbhreithniú ar sheanriaráistí agus seanfhíneálacha cánach.
169	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.4. Digitiú na stampaí cánach	Garsprioc	An treoirthionscadal maidir le réitigh dhigiteacha a chur in ionad stampaí cánach fisiciúla le haghaidh deochanna alcólacha a thabhairt i gcrích	An tuarascáil ar thorthaí an treoirthionscadail a chur i gcrích				R1	2024	Le cur i gcrích an treoirthionscadail, beifear in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun réitigh dhigiteacha maidir le lipéadú táirgí den sórt sin a chur in ionad stampaí cánach páipéir a úsáidtear faoi láthair chun an margadh a chosaint ar dheochanna alcólacha neamhdhleathacha; measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí an t-ualach riaracháin agus na costais a bhaineann le lipéadú deochanna alcólacha d'oibreoirí eacnamaíocha a laghdú. Bunaithe ar thorthaí an treoirthionscadail, cinnfidh an Chigireacht Cánach Stáit cé acu a fhorbrófar nó nach bhforbrófar modúl tiomnaithe lena gceadófar lipéadú leictreonach ar dheochanna alcólacha.
170	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.5. Uirlisí nua anailíse sonraí agus córais TF Custaim a uasghrádú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm cúig mhodh nua anailíse sonraí chun sonraí ó chúig fhoinse sonraí atá ann cheana agus ó chúig fhoinse nua sonraí a	Teacht i bhfeidhm teicnící anailísíochta sonraí nua lena ngabhtar sonraí ó fhoinsí nua freisin				R4	2025	Teacht i bhfeidhm cúig mhodh anailísíochta sonraí nua lena ngabhtar faisnéis freisin ó chúig fhoinse nua sonraí lena bhfeabhsófar bainistiú riosca fhioscaigh custaim sna réimsí seo a leanas: - Measúnú ar dhearbhú custaim; - Bainistíocht ráthaíochta; - Bearta taraife a chur i bhfeidhm agus a bhailíochtú; - Foinsí faisnéise atá le húsáid don phróiseas luachála custaim a shainaithint.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			phróiseáil							
171	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.5. Uirlisí nua anailíse sonraí agus córais TF Custaim a uasghrádú	Sprioc	Comhéadain arna mbunú le córais faisnéise na n-údarás seachtrach a bhainistíonn sonraí, córais bhainistíochta feithiclí agus earraí agus tráchta		Líon	0	6	R4	2025	Teacht i bhfeidhm comhéadain amháin idir an Córas um thíolacadh earraí le haghaidh rialú custaim, feithiclí agus earraí agus córais bainistíochta tráchta. Teacht i bhfeidhm comhéadan idir an córas Comhtháite um Rialú Feithiclí agus Earraí, an córas um Thíolacadh Earraí le haghaidh Rialú Custaim agus córais cúig chomhpháirtí ar a laghad a bhainistíonn rochtain modhanna iompair ar áiteanna ina gcuirtear earraí i láthair do lucht custaim, arna bhformheas ag na húdaráis chustaim, agus/nó a rialaíonn gluaiseacht feithiclí nó coinsíneachtaí (amhail an Chigireacht Cánach Stáit, an Stiúrthóireacht um Bonneagar Trasnaithe Teorann faoin Aireacht Iompair agus Cumarsáide agus AB Lietuvos geležinkeliai, Údarás Seaport Stáit Klaipėda) nó poist (áiteanna rialaithe custaim).
172	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.6. Feabhas a chur ar inniúlachtaí foirne na Cigireachta Cánach Stáit agus Chustaim na Liotuáine	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm uirlisí chun inniúlachtaí na Cigireachta Cánach Stáit agus na foirne Custaim chomh maith le cliaint Chustaim a bhainistiú go héifeachtach, ar uirlisí iad a	Teacht i bhfeidhm uirlisí chun críoch oiliúna ag an Roinn Cigireachta Cánach agus Custaim Stáit				R4	2024	Teacht i bhfeidhm: uirlis oiliúna custaim dhigitigh ina mbeidh córas bainistíochta oiliúna agus riaracháin agus ocht modúl oiliúna d'oifigigh Chustaim agus do chliaint, lena n-áirítear modúil atá bunaithe ar oiliúint sa réaltacht fhíorúil; uirlis oiliúna d'fhoireann Chigireacht Chánach an Stáit sna réimsí seo a leanas: anailísíocht sonraí, rialú cáiníocóirí, dearbhú comhlíontachta cánach agus inniúlacht foghlama teangacha iasachta a fheabhsú.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			bhfuil gá leo le haghaidh riarachán éifeachtúil cánach agus custaim							
173	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.6. Feabhas a chur ar inniúlachtaí foirne na Cigireachta Cánach Stáit agus Chustaim na Liotuáine	Sprioc	Daoine a fuair oiliúint i gCigireacht Chustaim agus Chánach an Stáit sa Liotuáin		Líon	0	1050	R4	2025	Cuirfidh 800 fostaí de chuid Chigireacht Chánach an Stáit agus 250 fostaí agus cliant de chuid Chustaim na Liotuáine an oiliúint sin i gcrích.
174	F.1.7. Éiceachóras doiciméad leictreonach a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm tacar gníomhartha reachtacha maidir le próiseáil doiciméad socraíochta leictreonach agus a sonraí fioscacha (logaí cláir airgid, ríomhadmhálacha, nótaí coinsíneachta	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm: 1. An Dlí maidir le Riarachán Cánach; 2. Orduithe Cheann na Cigireachta Cánach Stáit maidir le (i) Glacadh na Rialacha maidir le Cláir Airgid agus Teirminéil				R4	2025	Leis an Dlí leasaithe maidir le Riarachán Cánach forchuirfear oibleagáid ar ghnólachtaí sonraí digiteacha ó mhodhanna íocaíochta a sholáthar don riarthóir cánach. Leis na rialacha leasaithe (i) maidir le Cláir Airgid agus Teirminéil Líonra Ríomhaireachta ó Phointe go Pointe a Úsáid agus (ii) na rialacha maidir le Ceanglais Theicniúla le haghaidh Cláir Airgid, Meaisíní díola agus Clódóirí Tacsaiméadair, leagfar síos ceanglais theicniúla éigeantacha maidir le ríomhadmhálacha. Leis na Rialacha leasaithe maidir le Sonraí ar Bhillí Luchta agus ar Dhoiciméid Eile Iompair Lasta a chur

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
			leictreonacha idirnáisiúnta)	Líonra Ríomhaireachta ó Phointe go Pointe a Úsáid agus (ii) Ceanglais Theicniúla maidir le Cláir Airgid, Meaisíní díola agus Clódóirí Tacsaiméadair. 3. Ordú Cheann na Cigireachta Cánach Stáit maidir le Glacadh na Rialacha maidir le Sonraí faoi Bhillí Luchta agus Doiciméid Eile Iompair Lasta a Chur faoi bhráid na Cigireachta Cánach Stáit.						faoi bhráid na Cigireachta Cánach Stáit, forchuirfear oibleagáid faisnéis leictreonach maidir le hiompar lastais (eFTI) a sholáthar don Chigireacht Cánach Stáit nó d'údaráis mhaoirseachta gnó eile.
175	F.1.7. Éiceachóras doiciméad leictreonach a fhorbairt - F.1.7.1. Fobheart 1. Réiteach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm réiteach teicneolaíoch chun úsáid	Teacht i bhfeidhm na ríomhsheirbhíse nua				R4	2024	Teacht i bhfeidhm an fheidhmchláir (ríomhsheirbhís nua) a forbraíodh chun ríomhadmháil a ghiniúint agus a sheachadadh ó ghnó go tomhaltóirí. Cuirfidh an Chigireacht Cánach Stáit an t-iarratas seo ar fáil do ghnólachtaí.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	a chruthú chun ríomhadmhálacha a chumasú		phraiticiúil ríomhadmhálacha i bpróisis ghnó a chumasú							
176	F.1.7. Éiceachóras doiciméad leictreonach a fhorbairt - F.1.7.2. Fobheart 2. Réiteach a chruthú chun r-choinsíneachtaí idirnáisiúnta a chumasú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm réiteach teicneolaíoch chun úsáid phraiticiúil ríomhchoinsíneachtaí idirnáisiúnta i bpróisis ghnó a chumasú	Teacht i bhfeidhm na ríomhsheirbhíse nua				R3	2025	Teacht i bhfeidhm fheidhmiúlachtaí (ríomhsheirbhís nua) fhochóras i.VAZ (fochóras coinsíneachtaí leictreonacha) an Chórais Riaracháin Cánach Cliste (i.MAS) arna bhainistiú ag Cigireacht Cánach an Stáit chun faisnéis leictreonach maidir le hiompar lastais (eFTI) a mhalartú idir gnólachtaí agus údaráis mhaoirseachta. Tá gá le feidhmiúlachtaí i.VAZ chun go mbeidh i.VAZ ina phointe rochtana faisnéise eFTI, a ghníomhóidh mar idirghabhálaí idir ardáin eFTI agus maoirseoirí gnó.
177	F.1.8. Ionad ilfhreastail chun fíneálacha a íoc	Garsprioc	Glacadh leasuithe ar ghníomhartha dlí lena gceadaítear don Chigireacht Cánach Stáit formhór na bhfíneálacha agus na smachtbhannaí eacnamaíocha a riar	Forálacha sna dlíthe leasaitheacha lena léirítear glacadh reachtaíochta lena n-aistrítear chuig an gCigireacht Cánach Stáit riar fhormhór na bhfíneálacha agus na smachtbhannaí eacnamaíocha arna bhforchur				R2	2023	Glacfar an reachtaíocht is gá (an Dlí maidir le Riarachán Cánach agus dlíthe eile maidir le fíneálacha agus smachtbhannaí eacnamaíocha eile arna bhforchur ag an Stát) lena gceadaítear don Chigireacht Cánach Stáit formhór na bhfíneálacha agus na smachtbhannaí eacnamaíocha a riar.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				ag an Stát						
178	F.1.8. Ionad ilfhreastail chun fíneálacha a íoc	Sprioc	Údarás cánach aonair a riarann fíneálacha agus smachtbhannaí eacnamaíocha arna bhforchur ag 37 n-údarás – an Chigireacht Cánach Stáit		Líon	0	37	R2	2026	Bunófar idir-inoibritheacht an chórais faisnéise idir an Chigireacht Cánach Stáit agus institiúidí a eisíonn fíneálacha agus smachtbhannaí eacnamaíocha, lena gcumasófar an malartú sonraí is gá chun méideanna a luadh roimhe seo a thaifeadadh agus a aisghabháil. Mar thoradh air sin, seolfaidh 37 n-institiúid sonraí leictreonacha maidir le fíneálacha agus smachtbhannaí eacnamaíocha chuig an gCigireacht Cánach Stáit. Laghdóidh an fheidhmiúlacht sin an méid oibre láimhe agus doiciméad páipéir.
179	F.1.9. Córas Stórais um Iniúchóireacht agus Rialuithe	Garsprioc	Córas Stórais um Iniúchóireacht agus Rialuithe: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF	Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí chóras an stóir lárnaigh				R2	2022	Beidh stórchóras chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF i bhfeidhm agus oibríochtúil. Beidh na feidhmiúlachtaí seo a leanas, ar a laghad, sa chóras: (a) bailiú sonraí agus faireachán ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna; (b) na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú.

F.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

F.3.1. Athchóiriú 1. ‘Soláthar poiblí láraithe a fheabhsú’

Is é is aidhm don athchóiriú an córas soláthair phoiblí sa Liotuáin a dhéanamh níos éifeachtúla agus rannpháirtíocht i dtairiscintí soláthair phoiblí a mhéadú trí sholáthar poiblí a lárú tríd an Eagraíocht Lárnach Ceannaigh (CPO LT).

Is é an chéad ghníomhaíocht den athchóiriú catalóga na n-ítimí is féidir a cheannach tríd an Eagraíocht Lárnach Ceannaigh (CPO LT) a leathnú d’fhonn nósanna imeachta ceannaigh phoiblí a chuíchóiriú agus costais riaracháin a laghdú maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a sheoladh.

Is é an dara gníomhaíocht den athchóiriú plean a ghlacadh chun soláthar poiblí institiúidí agus gníomhaireachtaí sláinte a lárú agus é mar aidhm leis gairmiúlú an cheannaigh phoiblí a mhéadú, caighdeánú na gceanglas soláthair phoiblí a chur chun cinn, agus barainneachtaí scála a áirithiú.

Tabharfar an beart chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

F.3.2. Infheistíocht 1. ‘Caipitliú agus athléimneacht airgeadais na hInstitiúide Náisiúnta um Chur Chun Cinn’

Is éard a bheidh sa bheart seo infheistíocht phoiblí chun caipitliú INVEGA (Institiúid Náisiúnta um Chur Chun Cinn) a mhéadú trí instealladh cothromais chun rochtain ar mhaoiniú sa Liotuáin a fheabhsú. Soláthróidh an infheistíocht cothromas breise EUR 150 000 000 do INVEGA.

Glacfaidh INVEGA beartas infheistíochta nua, lena n-áirítear úsáid an chothromais bhreise a chumhdach i gcomhréir le cuspóirí RRF agus leis na critéir incháilitheachta. Áireofar an méid seo a leanas sa bheartas infheistíochta:

- An ceanglas, is infheidhme maidir leis an sciar d’infheistíochtaí nua INVEGA ar a laghad a léiríonn an caipiteal nua i gcaipiteal iomlán INVEGA, go bhfuil infheistíochtaí INVEGA i gcomhréir le cuspóirí Rialachán RRF.
- An ceanglas, is infheidhme maidir leis an sciar d’infheistíochtaí nua INVEGA ar a laghad a léirítear leis an gcaipiteal nua i gcaipiteal iomlán INVEGA, an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) i gcás, go háirithe, ina ndéanfar an méid seo a leanas leis an mbeartas infheistíochta:
    - an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach;[19] (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta

[19] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh an aistrithe thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha;[20] agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[21] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla;[22]

- i gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí, cuideachtaí a eisiamh a bhfuil fócas suntasach acu[23] sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara;[24] (ii) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2;[25] (iii) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a fháil ar cíos nó a dhíol;[26] (iv) bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola[27], (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh;

- a cheangal go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol i dtaca leis na hinfheistíochtaí dá dtugtar tacaíocht.

- An ceanglas go ndéanfaidh Coiste Creidmheasa, Bord Bainistíochta INVEGA nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinntí infheistíochta críochnaitheacha INVEGA agus go bhformheasfar iad le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.

---

[20] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[21] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[22] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

[23] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Deiridh ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil shrianta nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[24] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh an aistrithe thráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

[25] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[26] Sainmhínítear feithiclí truaillithe mar fheithiclí nach bhfuil saor ó astaíochtaí.

[27] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

F.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
180a	F.3.1. Feabhas a chur ar sholáthar poiblí láraithe	Garsprioc	Plean a ghlacadh chun ceannach poiblí institiúidí agus gníomhaireachtaí sláinte a lárú	Plean chun ceannach poiblí institiúidí agus gníomhaireachtaí sláinte a lárú arna ullmhú agus arna ghlacadh ag an Aire Sláinte				R2	2023	Déanfaidh an tAire Sláinte plean chun ceannach poiblí institiúidí agus gníomhaireachtaí sláinte a lárú a ullmhú agus a ghlacadh. Áireofar ar lárú ceannach poiblí institiúidí agus gníomhaireachtaí sláinte Eagraíochtaí Ceannaigh faoin Aireacht Sláinte agus Eagraíochtaí Ceannaigh ina bhfuil an Aireacht Sláinte i gcomhpháirt leis na Comhairlí Bardasachta, Ollscoil Vilnius, Ollscoil Klaipėda nó Ollscoil Eolaíochtaí Sláinte na Liotuáine ina scairshealbhóirí tromlaigh.
180b	F.3.1. Feabhas a chur ar sholáthar poiblí láraithe	Sprioc	Catalóg na hEagraíochta Lárnaí Ceannaigh (CPO LT) a leathnú		Líon	83	105	R4	2025	Déanfar catalóg leictreonach na hEagraíochta Lárnaí Ceannaigh (CPO LT) a leathnú le 22 mhodúl nua ar a laghad le haghaidh na nithe is féidir a cheannach trí CPO LT, i gcomparáid le deireadh 2022.
180c	F.3.2. Caipitliú agus athléimneacht airgeadais na hInstitiúide Náisiúnta um Chur Chun Cinn	Sprioc	Aistriú caipitil ó Rialtas na Liotuáine chuig INVEGA		EUR	0	150 000 000	R2	2024	Aistreoidh an Liotuáin EUR 150 000 000 chuig INVEGA chun a caipitliú a mhéadú.
180d	F.3.2. Caipitliú agus	Garsprioc	Beartas infheistíochta le	Beartas infheistíochta a				R1	2025	Beartas infheistíochta nua a ghlacadh le haghaidh INVEGA, lena n-áirítear

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
	athléimneacht airgeadais na hInstitiúide Náisiúnta um Chur Chun Cinn		haghaidh INVEGA	ghlacadh						úsáid an chothromais bhreise a chumhdach i gcomhréir le forálacha na tuairisce ar an mbeart.

G. COMHPHÁIRT 7: NÍOS MÓ DEISEANNA DO GACH DUINE FOLLÁINE NÁISIÚNTA A THÓGÁIL GO GNÍOMHACH

Is é cuspóir foriomlán na comhpháirte rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin sheanbhunaithe a bhaineann leis an eisiamh sóisialta, leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas ioncaim chomh maith le cumhdach íseal na mbeart gníomhach sa mhargadh saothair. Is é is aidhm do na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa chomhpháirt fostaíocht a mhéadú agus lánpháirtiú inbhuanaithe daoine i margadh an tsaothair a áirithiú chomh maith le leordhóthanacht an líontáin sábháilteachta sóisialta a fheabhsú trí mhéaduithe spriocdhírithe ar shochair áirithe, an sásra innéacsaithe pinsean a fheabhsú, cumhdach árachais shóisialta dífhostaíochta a mhéadú chomh maith le hathruithe ar sholáthar cúraim shóisialta chreidiúnaithe.

Tá dhá phríomhbheart sa chomhpháirt – an chosaint ioncaim íosta ráthaithe agus an tacaíocht fostaíochta atá dírithe ar chustaiméirí.

Meastar go gcuideoidh an chomhpháirt le dul chun cinn suntasach a bhaint amach maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir le tionchar na géarchéime ar fhostaíocht a mhaolú, cistiú agus cumhdach beart gníomhach beartais maidir leis an margadh saothair a mhéadú agus scileanna a chur chun cinn (moladh tírshonrach 2, 2020). Tá feidhm aige sin freisin maidir leis an moladh tírshonrach chun cáilíocht agus éifeachtúlacht a fheabhsú ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear foghlaim aosach (moladh tírshonrach 2, 2019). Rannchuideoidh an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar an moladh tír-shonrach chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas ioncaim, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar dhearadh an chórais cánach agus sochar (moladh tír-shonrach 1, 2019) agus chun cumhdach agus leordhóthanacht an líontáin sábháilteachta sóisialta a áirithiú agus chun feabhas a chur ar éifeachtacht an chórais cánach agus sochar chun cosaint a thabhairt ar an mbochtaineacht (moladh tír-shonrach 2, 2020).

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

G.1.1. Athchóiriú 1 ‘Cosaint ioncaim íosta ráthaithe’

Is é is aidhm do na hathchóirithe feabhas a chur ar leas sóisialta na ngrúpaí is leochailí agus an bhochtaineacht a mhaolú. Tá 3 fhobheart ann: (1) staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht (Fobheart 1), (2) bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht sochar sóisialta a mhéadú (Fobheart 2); agus (3) creidiúnú cúraim shóisialta (Fobheart 3).

G.1.1.1. Fobheart 1: Staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht

Is é cuspóir an fhobhirt anailís chuimsitheach a dhéanamh ar an scéim ioncaim íosta lena n-áirítear measúnú tionchair ex ante ar na hathchóirithe atá beartaithe. Mar thoradh ar an bhfobheart, déanfar athruithe ábhartha ar an reachtaíocht de réir mholtaí an staidéir, lena gcumhdófar ar a laghad cúnamh sóisialta airgid, sochair bhreoiteachta agus saoire mháithreachais.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2024.

G.1.1.2. Fobheart 2: Bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú

Is é is cuspóir don fhobheart seo athruithe áirithe a chur chun feidhme chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú go neamhspleách ar staidéar. Baineann siad le hathruithe ar an reachtaíocht lena méadaítear cumhdach na scéime um árachas dífhostaíochta, lena dtugtar isteach sochar breise do dhaoine scothaosta aonair agus do dhaoine faoi mhíchumas chomh maith le feabhas a chur ar an sásra innéacsaithe pinsin chun bochtaineacht seanaoise a mhaolú.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2023.

G.1.1.3. Fobheart 3: Creidiúnú cúraim shóisialta

Is é is cuspóir don fhobheart seo cáilíocht na seirbhísí cúraim shóisialta a mhéadú. Chun na críche sin, bunófar scéim creidiúnaithe agus amhail ón 1 Eanáir 2022 ní sholáthrófar ach cúram sóisialta creidiúnaithe.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Márta 2022.

G.1.2. Infheistíocht 2: ‘Tacaíocht fostaíochta dírithe ar chustaiméirí’

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar na próisis oibríochtúla agus ar an tacaíocht a sholáthraíonn an tseirbhís phoiblí fostaíochta chomh maith le fiontraíocht agus athsciliú a dhreasú i dtreo réimsí ard-bhreisluacha trí fhóirdheontais spriocdhírithe. Cuimsíonn an infheistíocht dhá fhobheart: (1) próisis oibríochtúla na seirbhíse fostaíochta a bharrfheabhsú agus a fheabhsú, lena n-áirithítear treoshuíomh córasach custaiméirí (Fobheart 1); agus (2) raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, rannchuidiú le spriocanna an chlaochlaithe dhigitigh agus ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn (Fobheart 2).

G.1.2.1. Fobheart 1: Próisis oibriúcháin na seirbhíse fostaíochta a bharrfheabhsú agus a fheabhsú, ag cinntiú go ndírítear go córasach ar chustaiméirí

Is é is aidhm don chéad fhobheart próisis oibríochtúla na seirbhíse fostaíochta a fheabhsú tríd an digitiú agus díriú níos mó ar chustaiméirí. Is éard atá ann athbhreithniú ar mhodhanna oibre agus uathoibriú phríomhphróisis na seirbhíse fostaíochta lena gcumasaítear athruithe struchtúracha/fadtéarmacha ar a riarachán agus ar a beartais. Bainfear é sin amach trí uirlis TF ilfheidhmeach nua (ardán fostaíochta) a chruthú a bheidh idir-inoibritheach le córas foghlama ar feadh an tsaoil, córas gairmthreorach agus córais faisnéise tíre eile lena gcumasófar 90 % ar a laghad de na seirbhísí a sholáthar go digiteach. Táthar ag súil go ndéanfaidh an uirlis nua na hacmhainní is gá a shaoradh le haghaidh seirbhísí níos indibhidiúlaithe do chuardaitheoirí poist agus d’fhostóirí, chun cur le rochtain mhéadaithe ar na seirbhísí sin chomh maith le meaitseáil níos fearr a dhéanamh idir na fostóirí agus na fostaithe a d’fhéadfadh an tréimhse fillte ar an margadh saothair a ghiorrú do dhaoine dífhostaithe.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

G.1.2.2. Fobheart 2: Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, rannchuidiú le spriocanna an chlaochlaithe dhigitigh agus ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn

Is é is cuspóir don fhobheart seo raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú agus béim á leagan ar phoist ard-bhreisluacha chomh maith leis an gclaochlú digiteach agus glas. Áirítear ann dhá scéim phíolótacha le haghaidh tacaíocht oiliúna agus fostaíochta. Tá an chéad cheann tiomnaithe don fhiontraíocht agus tacóidh sé le cruthú post i réimsí an dá aistriú agus an gheilleagair chiorclaigh, mar aon le huas-sciliú fostaithe na seirbhíse fostaíochta poiblí i réimsí an dá aistriú, an gheilleagair chiorclaigh agus na bainistíochta gnó ginearálta. Is é is aidhm don dara scéim tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe agus do dhaoine dífhostaithe atá ag iarraidh cáilíochtaí agus/nó inniúlachtaí a fháil le haghaidh poist ard-bhreisluacha. Beidh cuid de na cláir oideachais agus oiliúna sin dírithe go sonrach ar scileanna digiteacha. Cuirfear an beart chun feidhme i sineirgíocht le bearta atá beartaithe faoin gcomhpháirt oideachais a bhaineann le cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus cuntais foghlama aonair a chruthú. Cuirfidh sé níos mó deiseanna ar fáil do dhaoine fostaithe agus beidh modúil ardoideachais san áireamh ann freisin.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
180	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.1. Staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht	Garsprioc	Staidéar ar leordhóthanacht na scéime ioncaim íosta a thabhairt chun críche	Eisíodh tuarascáil chríochnaitheach				R4	2022	Áireofar sa staidéar moltaí chun an scéim ioncaim íosta a athchóiriú chomh maith le measúnú tionchair ex-ante ar na hathchóirithe atá beartaithe.
181	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.1. Staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar na dlíthe ábhartha lena rialaítear cosaint ioncaim íosta	Foráil sa reachtaíocht lena sonraítear an teacht i bhfeidhm (an Dlí maidir le cúnamh sóisialta airgid, an Dlí maidir le Táscairí Tagartha Sochar Slándála Sóisialta agus Bunmhéid na bPionós a Chinneadh, agus an Dlí maidir le				R1	2024	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an reachtaíocht ábhartha de réir mholtaí an staidéir ar leordhóthanacht na scéime ioncaim íosta (ar a laghad an Dlí maidir le cúnamh sóisialta airgid, an Dlí maidir le Táscairí Tagartha Sochar Slándála Sóisialta a Chinneadh agus Bunmhéid na bPionós, agus an Dlí maidir le hÁrachas Sóisialta do Bhreoiteacht agus do Mháithreachas).

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
				hÁrachas Sóisialta do Bhreoiteacht agus do Mháithreachas)						
182	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.2. Bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena dtugtar isteach sochar breise do dhaoine aonair faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R3	2021	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena n-áirithítear go ndeonófar agus go n-íocfar sochar míosúil breise (sochar duine aonair) le daoine aonair faoi mhíchumas agus le daoine scothaosta (neamhchéile).
183	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.2. Bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí maidir le hÁrachas Sóisialta Dífhostaíochta lena méadaítear cumhdach an chórais slándála sóisialta dífhostaíochta	Foráil sa Dlí leasaitheach maidir le hÁrachas Sóisialta Dífhostaíochta lena léirítear teacht i bhfeidhm				R1	2023	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí maidir le hÁrachas Sóisialach Dífhostaíochta: - íosfhad na ranníocaíochtaí riachtanacha leis an árachas slándála sóisialta a laghdú ón 12 mhí atá ann faoi láthair le 30 mí anuas go naoi mí le 30 mí anuas; - na grúpaí eile de dhaoine féinfhostaithe a áireamh sa scéim slándála sóisialta dífhostaíochta; agus - rátaí ranníocaíochta árachais dífhostaíochta leordhóthanacha a shocrú (tar éis na riachtanais maidir le sochair dhífhostaíochta agus bailiúcháin ioncaim a athríomh).

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
184	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.2. Bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le hathruithe ar an sásra innéacsaithe pinsean	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena ndéanfar an méid seo a leanas: athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra innéacsaithe pinsean chun foráil a dhéanamh maidir le méadú níos tapúla ar phinsin chun an ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta a laghdú do dhaoine scothaosta.
185	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe – G.1.1.3. Creidiúnú cúraim shóisialta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le ceanglais chun cúram sóisialta creidiúnaithe a sholáthar	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R1	2022	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena ndéanfar an méid seo a leanas: ceanglais aonfhoirmeacha a bhunú (i gcás áitribh (má tá áitreabh ag teastáil chun an tseirbhís a sholáthar) agus cáilíocht na foirne) chun cúram sóisialta creidiúnaithe a sholáthar (10 seirbhís); - rialáil a dhéanamh nach bhféadfar ach cúram sóisialta creidiúnaithe amháin a sholáthar ón 1 Eanáir 2022.
186	G.1.2. Tacaíocht fostaíochta dírithe ar chustaiméirí – G.1.2.1. Próisis oibriúcháin na seirbhíse fostaíochta a bharrfheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena rialaítear próisis oibríochtúla na Seirbhíse Fostaíochta	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena n-áireofar athruithe ar phróisis oibríochtúla na Seirbhíse Fostaíochta chun a claochlú digiteach a chumasú.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	agus a fheabhsú, ag cinntiú go ndírítear go córasach ar chustaiméirí									
187	G.1.2. Tacaíocht fostaíochta dírithe ar chustaiméirí – G.1.2.1. Próisis oibriúcháin na seirbhíse fostaíochta a bharrfheabhsú agus a fheabhsú, ag cinntiú go ndírítear go córasach ar chustaiméirí	Sprioc	Claochlú digiteach na Seirbhíse Fostaíochta a thabhairt i gcrích		%	30	90	R4	2025	Tá 90 % de na seirbhísí fostaíochta ar fáil tríd an Ardán Seirbhíse Fostaíochta, arb é príomhchóras seirbhíse custaiméara na Seirbhíse Fostaíochta é a mbeidh naisc aige leis an gcóras foghlama ar feadh an tsaoil, leis an gcóras gairmthreorach agus le córais faisnéise tíre eile.
188	G.1.2. Tacaíocht fostaíochta dírithe ar chustaiméirí – G.1.2.2. Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú,	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena rialaítear an scéim tacaíochta fostaíochta chun treoirbhearta a chur chun feidhme (Fiontraíocht agus tacaíocht don fhoghlaim a chur chun cinn lena	Reachtaíocht tagtha i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta ina sonrófar an méid seo a leanas: an teorainn ama chun na bearta nua a chur i bhfeidhm; - na spriocghrúpaí; na critéir agus ceanglais roghnúcháin chun cuspóirí an aistrithe dhigitigh agus ghlais agus an gheilleagair chiorclaigh a chomhlíonadh; na ceanglais maidir le hinbhuanaitheacht post nuachruthaithe.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	rannchuidiú le spriocanna an chlaochlaithe dhigitigh agus ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn		soláthraítear cáilíochtaí agus inniúlachtaí breisluacha arda, agus béim á leagan ar an aistriú digiteach agus glas)							
189	G.1.2. Tacaíocht fostaíochta dírithe ar chustaiméirí – G.1.2.2. Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, rannchuidiú le spriocanna an chlaochlaithe dhigitigh agus ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn	Sprioc	An treoirthionscadal a chur i gcrích chun an fhiontraíocht a chur chun cinn		Líon na rannpháirtithe a fhaigheann tacaíocht	0	1325	R2	2026	An treoirthionscadal a chur i gcrích chun fiontraíocht a chur chun cinn lena bhféadfar tacú le 1325 rannpháirtí (lena n-áirítear 673 phost chun tacú leis an aistriú digiteach agus 652 phost chun tacú leis an aistriú glas agus leis an ngeilleagar ciorclach). Is é spriocghrúpa an bhirt um chur chun cinn na fiontraíochta daoine, atá ag athrú a ngníomhaíochta eacnamaíche, a ndéanann na hathruithe ar ghníomhaíochtaí na gcuideachtaí nó an scor de ghníomhaíochtaí i ngeall ar an ngéarchéim a d'eascair as an bpaindéim difear dóibh.
190	G.1.2. Tacaíocht fostaíochta dírithe ar	Sprioc	An treoirthionscadal a chur i gcrích chun		Líon na rannpháirtithe a	0	14 985	R2	2025	An treoirthionscadal a chur i gcrích chun tacú le cáilíochtaí agus/nó inniúlachtaí a fháil lenar féidir oiliúint a chur ar 14 985

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	chustaiméirí – G.1.2.2. Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, rannchuidiú le spriocanna an chlaochlaithe dhigitigh agus ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn		tacú le hoiliúint chun cáilíochtaí agus/nó inniúlachtaí a ghnóthú		fhaigheann tacaíocht					rannpháirtí (ar cláir iad 7 643 díobh chun scileanna digiteacha a fháil agus 7 342 díobh le haghaidh cláir chun cáilíochtaí agus inniúlachtaí ard-bhreisluacha eile a fháil). Cuimseofar leis an treoirthionscadal foghlaim aosach arna soláthar trí mhodhanna éagsúla lena n-áirítear cláir nó modúil ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, cláir oideachais aosaigh sheachfhoirmiúla, agus modúil ardoideachais. Is é spriocghrúpa an bhirt cuardaitheoirí poist a fhéachann le hardcháilíochtaí agus ardinniúlachtaí breisluacha a bhaint amach.
191	G.1.2. Tacaíocht fostaíochta dírithe ar chustaiméirí – G.1.2.2. Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, rannchuidiú le spriocanna an chlaochlaithe	Sprioc	An treoirthionscadal a chur i gcrích chun tacú le hoiliúint chun cáilíochtaí agus/nó inniúlachtaí a ghnóthú		Líon na rannpháirtithe a fhaigheann tacaíocht	14 985	19 350	R2	2026	An treoirthionscadal a chur i gcrích chun tacú le cáilíochtaí agus/nó inniúlachtaí a ghnóthú lenar féidir oiliúint a chur ar 19 350 rannpháirtí (lena n-áirítear 10 000 le haghaidh cláir chun scileanna digiteacha a shealbhú agus 9 350 le haghaidh cláir chun cáilíochtaí agus inniúlachtaí ard-bhreisluacha eile a fháil). Cuimseofar leis an treoirthionscadal foghlaim aosach arna soláthar trí mhodhanna éagsúla lena n-áirítear cláir nó modúil ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, cláir oideachais aosaigh sheachfhoirmiúla, agus

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	dhigitigh agus ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn									modúil ardoideachais. Is é spriocghrúpa an bhirt cuardaitheoirí poist a fhéachann le hardcháilíochtaí agus ardinniúlachtaí breisluacha a bhaint amach.

G.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

G.3.1. Athchóiriú: Feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí sóisialta agus fostaíochta

Is é cuspóir an athchóirithe ilroinnt phleanáil agus sholáthar seirbhísí sóisialta, fostaíochta agus seirbhísí gaolmhara eile a laghdú chomh maith le hinniúlachtaí oibrithe sóisialta a fheabhsú. Tá dhá fhobheart san athchóiriú: comhtháthú seirbhísí fostaíochta, sóisialta agus eile a fheabhsú; (2) inniúlachtaí na n-oibrithe sóisialta a neartú.

G.3.1.1. Fobheart 1: Lánpháirtiú na fostaíochta, na seirbhísí sóisialta agus seirbhísí eile a fheabhsú

Is é is cuspóir don fhobheart seo seirbhísí comhtháite fostaíochta, sóisialta agus eile a sholáthar do dhaoine atá cláraithe mar dhaoine dífhostaithe agus do dhaoine atá cláraithe mar dhaoine atá ag ullmhú don mhargadh saothair agus a bhfuil dúshláin rompu dul i mbun oibre. Leasófar reachtaíocht lena bhforálfar go soláthróidh an tSeirbhís Fostaíochta seirbhísí pearsantaithe agus comhairliúcháin do dhaoine dífhostaithe agus do dhaoine atá cláraithe mar dhaoine atá ag ullmhú don mhargadh saothair agus a bhfuil dúshláin rompu dul i mbun oibre. Forálfar leis an reachtaíocht go ndéanfaidh bardais, i gcomhar leis an tSeirbhís Fostaíochta, cláir lena gcuirtear fostaíocht chun cinn a chur chun feidhme agus cur chuige bainistithe cásanna á chur i bhfeidhm acu don spriocghrúpa thuasluaite. Déanfaidh 80% ar a laghad de na bardais cláir den sórt sin a fhormheas.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

G.3.1.2. Fobheart 2: Inniúlachtaí oibrithe sóisialta a neartú

Is é is cuspóir don fhobheart seo inniúlachtaí na n-oibrithe sóisialta a neartú. Roghnófar an Lárionad chun Inniúlachtaí Gairmiúla Fostaithe Seirbhísí Sóisialta a Fheabhsú trí nós imeachta na nglaonna poiblí ar thionscadail agus eagróidh agus seolfaidh sé oiliúint rialta, saor in aisce, soláthróidh sé cúnamh modheolaíochta, agus áiritheoidh sé tacaíocht d'fhostaithe seirbhísí sóisialta ina ngníomhaíochtaí gairmiúla.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

G.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
192	G.3.1. Feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí sóisialta agus fostaíochta - G.3.1.1. Comhtháthú seirbhísí fostaíochta, sóisialta agus eile a mhéadú	Garsprioc	Leasuithe ar an reachtaíocht maidir le seirbhísí pearsantaithe arna soláthar ag an tSeirbhís Fostaíochta agus ag bardais do dhaoine dífhostaithe agus do dhaoine atá cláraithe mar dhaoine atá ag ullmhú don mhargadh saothair agus a bhfuil dúshláin rompu dul i mbun oibre	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar an reachtaíocht				R3	2022	Tiocfaidh reachtaíocht leasaithe i bhfeidhm lena leagfar síos go soláthróidh an tSeirbhís Fostaíochta seirbhísí pearsantaithe agus comhairliúcháin phearsantaithe lena gcuirfear cur chuige bainistithe cásanna i bhfeidhm maidir le daoine dífhostaithe agus daoine atá cláraithe mar dhaoine atá ag ullmhú don mhargadh saothair agus a bhfuil dúshláin rompu dul i mbun oibre. Forálfar leis an reachtaíocht go ndéanfaidh bardais, i gcomhar leis an tSeirbhís Fostaíochta, cláir lena gcuirtear fostaíocht chun cinn a chur chun feidhme agus cur chuige bainistithe cásanna á chur i bhfeidhm acu don spriocghrúpa thuasluaite.
193	G.3.1. Cáilíocht na seirbhísí sóisialta agus fostaíochta a fheabhsú – G.3.1.1. Comhtháthú seirbhísí fostaíochta, sóisialta agus eile a mhéadú	Sprioc	Formheas clár lena gcuirtear fostaíocht chun cinn ag bardais		Céatadán	0	80	R4	2025	Déanfaidh 80% ar a laghad de na bardais cláir chun fostaíocht a chur chun cinn a fhormheas.
194	G.3.1. Feabhas a chur ar	Garsprioc	Lárionad a bhunú chun inniúlachtaí	Lárionad a bhunú chun				R4	2022	Roghnófar an Lárionad um Inniúlachtaí Gairmiúla Fostaithe Seirbhísí Sóisialta a

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	cháilíocht na seirbhísí sóisialta agus fostaíochta - G.3.1.2. Inniúlachtaí oibrithe sóisialta a neartú		gairmiúla fostaithe i réimse na seirbhísí sóisialta a fheabhsú	feabhas a chur ar inniúlachtaí gairmiúla fostaithe i réimse na seirbhísí sóisialta						Fheabhsú trí nós imeachta na nglaonna poiblí ar thionscadail. Eagróidh agus seolfaidh an Lárionad oiliúint rialta, saor in aisce, soláthróidh sé cúnamh modheolaíochta, agus áiritheoidh sé tacaíocht d'fhostaithe nua seirbhísí sóisialta ina ngníomhaíochtaí gairmiúla.

H. COMHÁBHAR 8: REPOWEREU

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Liotuáine le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus go háirithe an gá atá le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, lena n-áirítear ón earnáil iompair, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus in iompar a mhéadú, agus forbairt acmhainneachta breise giniúna leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.

Beartaítear leis an gcomhpháirt tacaíocht theicniúil agus airgeadais chun dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh il-árasán chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Maidir le soghluaisteacht, is éard atá i gceist leis an mbeart tacaíocht do cheannach agus seachadadh comhpháirteanna bunriachtanacha d'iompar astaíochtaí nialasacha earraí troma feadh uiscebhealaí intíre na Liotuáine, rud a laghdóidh iompar earraí de bhóthar ar mhórbhealaí mótarfheithiclí na Liotuáine. Maidir le giniúint fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, tá athruithe reachtacha a théann níos faide ná trasuí RED II beartaithe chun ceanglais riaracháin a shimpliú chun acmhainneacht nua fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid, agus is é is aidhm do staidéar samhaltaithe ar chóras fuinnimh na Liotuáine bealaí a shainaithint chun 100 % den tomhaltas leictreachais náisiúnta iomlán a ghintear ó RES a bhaint amach. Ina theannta sin, tá réitigh airgeadais beartaithe chun acmhainneacht ghiniúna ó RES a fhorbairt. Beidh gné ilnáisiúnta ag na bearta sin trí ghiniúint mhéadaithe RES áitiúil agus tríd an laghdú ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

Tacaíonn na bearta a áirítear sa tacaíocht chomhpháirte lena dtugtar aghaidh ar an moladh tírshonrach (2022 moladh tírshonrach 4) chun an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, trí éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú na tionsclaíochta, an iompair agus na bhfoirgneamh a mhéadú, agus trí acmhainneacht leordhóthanach idirnasc fuinnimh a áirithiú. Ina theannta sin, tacaíonn na bearta a áirítear sa tacaíocht chomhpháirte lena dtugtar aghaidh ar an moladh tírshonrach (2023 CSR 4) chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar fhuinneamh allmhairithe a laghdú tuilleadh trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe trí acmhainneacht agus rochtain leordhóthanach eangaí a áirithiú, trí chlaochlú agus dícharbónú an táirgthe thionsclaíoch a áirithiú, trí ghlacadh an iompair phoiblí agus inbhuanaithe a mhéadú agus trí fhoirgnimh a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, agus chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú freisin; acmhainneacht leordhóthanach idirnaisc leictreachais a áirithiú chun slándáil an tsoláthair a mhéadú, leanúint de shioncrónú tráthúil le heangach leictreachais an Aontais agus dlús a chur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a fháil.

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

H.1.1. Infheistíocht 1: 'Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh'

Is é is cuspóir don infheistíocht luas an phróisis athchóirithe foirgneamh a mhéadú trí dhá fhobheart: (1) pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus a thástáil i gcleachtas (Fobheart 1); (2) tacaíocht d'athchóiriú foirgneamh (Fobheart 2).

H.1.1.1. Fobheart 1: Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus a thástáil sa chleachtas

Is éard atá san fhobheart seo leanúint d'fhobheart B.1.3.1. (Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a nuashonrú agus a thástáil i gcleachtas agus modheolaíocht a chruthú chun cathracha inbhuanaithe a fhorbairt). Mar thoradh ar an bhfobheart sin, beidh roinnt treoirthionscadail athchóirithe glasa ann, chun 16 500 m2 ar a laghad d'fhoirgnimh thurgnamhacha a athchóiriú arb é is aidhm dóibh laghdú 30 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh phríomhúil a bhaint amach ar an meán, mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgneamh.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

H.1.1.2. Fobheart 2: Tacaíocht d'athchóiriú foirgneamh (méadaithe)

Is méadú ar fhobheart B.1.3.4 é an beart seo. (Tacaíocht chun athchóiriú níos tapúla a dhéanamh ar fhoirgnimh i gcomhréir le caighdeáin athchóirithe foirgneamh atá cothrom le dáta). Is é is cuspóir don bheart seo tacaíocht a sholáthar i bhfoirm (i) cúiteamh de 30 % ar a laghad den chaiteachas ar oibreacha athchóirithe ar an meán, (ii) cúiteamh as an sciar den ús a íocadh ar an iasacht atá os cionn ráta 3 %, agus (iii) cúiteamh 100 % ar chaiteachas cúnaimh theicniúil d'úinéirí foirgneamh agus do riarthóirí tionscadal athchóirithe a rinne athchóiriú ar fhoirgnimh a bhain aicme éifeachtúlachta fuinnimh A nó B amach. Mar thoradh ar an tacaíocht sin, déanfar athchóiriú ar 306 000 m^2 ar a laghad de 180 foirgneamh ilárasán arb é is aidhm dó laghdú 30 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh phríomhúil a bhaint amach ar an meán, mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgneamh, trí úsáid a bhaint as prionsabail athchóirithe ghlais nó bearta seachas struchtúir mhodúlacha a úsáid chun aicme éifeachtúlachta fuinnimh A nó B a bhaint amach.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

H.1.2. Infheistíocht 2 'Tacaíocht chun feithicil uisce intíre ghlan a cheannach'

Is é cuspóir an bhirt seo úsáid iompair earraí de bhóthar a laghdú trí iompar malartach agus níos glaine earraí agus cineálacha eile lasta ar uisce a spreagadh. Soláthrófar tacaíocht leis an mbeart chun soitheach leictreach, báirse neamh-fhéinghluaiste agus craein leictreach a cheannach. Beidh gléasra cumhachta leictreach feistithe ar an soitheach, a bhrúfaidh báirse neamh-fhéinghluaiste. Úsáidfear an craein leictreach chun lastas a luchtú i gcalafort Kaunas Marvele.

Tabharfar an beart chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

H.1.3. Athchóiriú 1 'An acmhainneacht ghiniúna ó RES a mhéadú'

Is é is cuspóir don athchóiriú sin táirgeadh, tarchur agus tomhaltas leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, sásraí institiúideacha agus dlíthiúla a fheabhsú, agus dreasachtaí infheistíochta a chur ar fáil d'fhorbróirí foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Tá dhá fhobheart ag gabháil leis an athchóiriú sin: (1) Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí RES (Fobheart 1); (2) Tacaíocht do thógáil gléasraí RES ar tír (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe) (Fobheart 2).

H.1.3.1. Fobheart 1: Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí RES

Is é is cuspóir don fhobheart seo na ceanglais riaracháin a shimpliú maidir le hacmhainneacht nua fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid. Is éard atá san athchóiriú sin pacáiste athruithe reachtacha ina bhfuil gnéithe a théann níos faide ná trasuí na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED II). Go háirithe, déanfar an méid seo a leanas leis an bpacáiste athchóirithe:

- Gléasraí cumhachta hibrideacha a shainiú agus a rialáil: Leis an athchóiriú, beifear in ann gléasraí hibrideacha RES (amhail grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe) nó saoráidí stórála fuinnimh a nascadh ag pointe amháin den eangach leictreachais gan nós imeachta ceadaithe a leanúint atá bunaithe ar an toilleadh suiteáilte a chur leis. Déanfar nascadh an ghléasra cumhachta hibridí leis an eangach leictreachais a mheasúnú ar bhonn acmhainneacht ghiniúna cheadaithe seachas ar bhonn na hacmhainneachta suiteáilte.
- Cead forbartha aonair agus cead monaraíochta aonair a cheangal le haghaidh gléasraí cumhachta hibridí.
- Lamháltais forbartha agus giniúna a tharscaoileadh do tháirgeoirí is tomhaltóirí le haghaidh gléasraí cumhachta RES nua suas le 100kW.
- Fad na nósanna imeachta deonaithe ceadaithe a theorannú do bhliain amháin le haghaidh gléasraí cumhachta RES nua: Maidir le deonú na dtrí phríomhcheadúnas chun gléasraí RES a fhorbairt (cead chun acmhainneacht giniúna leictreachais, cead tógála agus cead chun leictreachas a tháirgeadh a fhorbairt), ní thógfaidh sé níos mó ná bliain amháin le haghaidh gléasraí cumhachta RES nua.

Áireofar san fhobheart freisin staidéar samhaltaithe ar chóras fuinnimh na Liotuáine. Forbróidh an staidéar tograí maidir le gníomhaíochtaí riachtanacha chun acmhainneacht giniúna leictreachais in-athnuaite na Liotuáine a fhorbairt tuilleadh agus áireofar ann tograí chun coibhéis 100 % den tomhaltas leictreachais náisiúnta iomlán arna ghiniúint ó RES a bhaint amach, agus béim á leagan ar na constaicí teicniúla agus airgeadais a bhaineann le 100 % a bhaint amach. Déanfar measúnú sa staidéar freisin ar thionchar RES ar laghdú astaíochtaí GCT, ar cháilíocht an aeir (lena n-áirítear truailliú ó tháirgeadh fuinnimh) agus ar an tsláinte.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

H.1.3.2. Fobheart 2: Tacaíocht chun gléasraí RES ar talamh a thógáil (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe)

Is éard atá san fhobheart seo leanúint d'fhobheart B.1.1.2. (Tacaíocht chun saoráidí stórála aonair a thógáil). Is é cuspóir an bhirt seo tacaíocht a chur ar fáil do tháirgeadh RES agus pobail fuinnimh in-athnuaite a nascadh. Áireofar sa bheart tacaíocht a sholáthraítear d'eintitis dhlítheanacha, d'fheirmeoirí, do phobail fuinnimh in-athnuaite nó do phobail fuinnimh saoránach chun gléasraí cumhachta gréine agus gaoithe ar tír a fháil agus a shuiteáil, agus tús áite á thabhairt do riachtanais féintomhaltais, feirme nó eacnamaíocha. Beidh an deis ag faighteoirí na tacaíochta leictreachas a dhíol ar ais leis an eangach leictreachais. Mar thoradh ar an infheistíocht, cruthófar ar a laghad 225 MW d'acmhainneacht giniúna leictreachais ó RES.

Tabharfar an fobheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
195	H.1.1 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh - H.1.1.1. Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus a thástáil sa chleachtas	Sprioc	Limistéar foirgneamh taispeána a ndearnadh athchóiriú orthu arb é is aidhm dóibh laghdú 30 % ar a laghad a dhéanamh ar an tomhaltas fuinnimh phríomhúil, mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgneamh		m^2	0	16 500	R2	2026	Tionscadail taispeána athchóirithe ghlais a thabhairt i gcrích (6 fhoirgneamh a bhfuil achar iomlán 16 500 m^2acu) mar a leanas: - 3 fhoirgneamh phoiblí léirithe i roinnt láithreán (amhail scoil, naíscoil, foirgneamh riaracháin) agus - 3 fhoirgneamh ilárasán. Laghdóidh an t-athchóiriú 30 % ar a laghad den ídiú fuinnimh phríomhúil ar an meán, mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgneamh, trí úsáid a bhaint as córais inslithe nua tionsclaithe teaschóimeáilte (painéil) ó amhábhair orgánacha, chomh maith le teicneolaíochtaí samhaltaithe faisnéise foirgneamh (BIM) lena gcomhcheanglaítear na próisis tógála uile (dearadh, tógáil, táirgeadh, lóistíocht, suiteáil struchtúr réamhdhéanta ar an láthair, cothabháil agus rialú cáilíochta), samhaltú fíorúil saolré foirgnimh i ndáil leis an timpeallacht máguaird is gaire (e.g. an ceathrú cuid) ina bhfuil an foirgneamh suite.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garsprioca nna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
196	H.1.1 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh H.1.1.2. Tacaíocht d'athchóiriú níos tapúla ar fhoirgnimh (méadaithe)	Sprioc	Limistéar foirgneamh ilárasán athchóirithe		m2	0	306 000	R2	2026	Athchóiriú curtha i gcrích de 306 000 m^2 ar a laghad ar fud 180 foirgneamh ilárasán lena laghdaítear ídiú fuinnimh phríomhúil 30 % ar a laghad ar an meán, mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú foirgneamh.
197	H.1.2. Ceannach feithiclí iompair astaíochtaí nialasacha ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn	Garsprioc	Báirse neamh-fhéinghluaiste a cheannach agus a sheachadadh	Báirse neamh-fhéinghluaiste ceannaithe agus seachadta				R4	2024	Báirse neamh-fhéinghluaiste a cheannach agus a sheachadadh
198	H.1.2. Ceannach feithiclí iompair astaíochtaí nialasacha ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn	Garsprioc	Craein 100% leictreach a cheannach agus a sheachadadh	Craein leictreach a ceannaíodh agus a seachadadh chuig calafort Kaunas Marvele				R4	2024	Craein leictreach a cheannach agus a sheachadadh chuig calafort Kaunas Marvele.
199	H.1.2. Ceannach feithiclí iompair astaíochtaí nialasacha ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn	Garsprioc	Soitheach leictreach a cheannach agus a sheachadadh	Soitheach leictreach a cheannaítear agus a sheachadtar				R4	2025	Soitheach astaíochtaí nialasacha a cheannach agus a sheachadadh atá feistithe le gléasra cumhachta leictreach chun an báirse neamh-fhéinghluaiste dá dtagraítear i gcloch mhíle 197 a bhrú.
200	H.1.3. An	Garsprioc	Staidéar	Cur i gcrích				R2	2026	An staidéar a chur i gcrích, lena n-áirítear

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garsprioca nna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	acmhainneacht ghiniúna ó RES a mhéadú H.1.3.1. Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí RES agus staidéar samhaltaithe chóras fuinnimh na Liotuáine a ullmhú		samhaltaithe do chóras fuinnimh na Liotuáine	an staidéir ag na húdaráis ábhartha						anailís ar earnáil fuinnimh na Liotuáine. Forbróidh an staidéar tograí maidir le gníomhaíochtaí riachtanacha chun acmhainneacht giniúna leictreachais in-athnuaite na Liotuáine a fhorbairt tuilleadh agus áireofar ann tograí chun coibhéis 100 % den tomhaltas leictreachais náisiúnta iomlán arna ghiniúint ó RES a bhaint amach, agus béim á leagan ar na constaicí teicniúla agus airgeadais a bhaineann le 100 % a bhaint amach. Déanfar measúnú sa staidéar freisin ar thionchar RES ar laghdú astaíochtaí GCT, ar cháilíocht an aeir (lena n-áirítear truailliú ó tháirgeadh fuinnimh) agus ar an tsláinte.
201	H.1.3. An acmhainneacht ghiniúna ó RES a mhéadú H.1.3.1. Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí RES agus staidéar samhaltaithe chóras fuinnimh na Liotuáine a ullmhú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí RES	Reachtaíocht agtha i bhfeidhm				R3	2022	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun na ceanglais riaracháin a shimpliú maidir le gléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt. Déanfar an méid seo a leanas sa reachtaíocht leasaithe: - Gléasraí cumhachta hibrideacha a shainiú agus a rialáil: Leis an athchóiriú, beifear in ann gléasraí hibrideacha RES (amhail grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe) nó saoráidí stórála fuinnimh a nascadh ag pointe amháin den eangach leictreachais gan nós imeachta ceadaithe a leanúint atá bunaithe ar an toilleadh suiteáilte a chur

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garsprioca nna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
										leis. Déanfar nascadh an ghléasra cumhachta hibridí leis an eangach leictreachais a mheasúnú ar bhonn acmhainneacht ghiniúna cheadaithe seachas ar bhonn na hacmhainneachta suiteáilte. - Cead forbartha aonair agus cead monaraíochta aonair a éileamh le haghaidh gléasraí cumhachta hibridí. - Lamháltais forbartha agus giniúna a tharscaoileadh do tháirgeoirí is tomhaltóirí agus do ghléasraí cumhachta nua RES suas le 100kW. - Fad na nósanna imeachta deonaithe ceadaithe a theorannú do bhliain amháin le haghaidh gléasraí cumhachta RES nua: Maidir le deonú na dtrí phríomhcheadúnas chun gléasraí RES a fhorbairt (cead chun acmhainneacht giniúna leictreachais, cead tógála agus cead chun leictreachas a tháirgeadh a fhorbairt), ní thógfaidh sé níos mó ná bliain amháin le haghaidh gléasraí cumhachta RES nua.
202	H.1.3. An acmhainneacht ghiniúna ó RES a mhéadú H.1.3.2. Tacaíocht chun gléasraí RES	Sprioc	Acmhainneacht nua giniúna leictreachais a chruthú ó fhoinsí in-athnuaite (MW)		MW	0	120	R1	2025	Cuireadh 120 MW d'acmhainneacht giniúna gréine nó gaoithe i bhfeidhm.

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garsprioca nna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
	ar talamh a thógáil (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe)									
203	H.1.3. An acmhainneacht ghiniúna ó RES a mhéadú H.1.3.2. Tacaíocht chun gléasraí RES ar talamh a thógáil (grianchumhacht agus cumhacht ghaoithe)	Sprioc	Acmhainneacht nua giniúna leictreachais a chruthú ó fhoinsí in-athnuaite (MW)		MW	120	225	R2	2026	Cuireadh ar a laghad 225 MW d'acmhainneacht giniúna gréine nó gaoithe i bhfeidhm.

H.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta

H.3.1. Infheistíocht 1: Tacaíocht do ghléasraí RES (grian agus gaoth ar tír)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí sa Chiste Éifeachtúlachta Fuinnimh (an tSaoráid), chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar mhaoiniú in earnáil fuinnimh in-athnuaite na Liotuáine a fheabhsú. Cuirfidh an tSaoráid iasachtaí ar fáil go díreach don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis na hearnála poiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 549 130 737 ar a laghad a sholáthar ar dtús.

Is é INVEGA, ina cháil mar Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Áireofar leis an tSaoráid an líne táirge seo a leanas:

- Iasachtaí díreacha d'eintitis phríobháideacha (lena n-áirítear eintitis phoiblí atá in iomaíocht sa ghlao céanna) chun a n-infheistíochtaí i ngléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite (gaoth agus grianfhuinneamh) a mhaoiniú.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Liotuáin agus INVEGA Comhaontú Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú maidir le Ciste Cistí atá ann cheana) ina n-áireofar an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Is é Coiste Creidmheasa, Bord Bainistíochta INVEGA nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile a dhéanfaidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus formheasfar é le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2. Príomhcheanglais na straitéise infheistíochta gaolmhaire, lena n-áireofar:
    a. An tuairisc ar an táirge airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe.
    b. Tá an ceanglas go bhfuil na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh airgeadais**de.**
    c. An ceanglas chun an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).
    d. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana), an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir straitéis infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.
4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
    a. An tuairisc ar phríomhphrionsabail chóras faireacháin an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme chun tuairisc a thabhairt ar an infheistíocht a slógadh.
    b. An tuairisc ar phríomhphrionsabail nósanna imeachta an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme arb é is aidhm dóibh cosc, brath agus ceartú calaoise, éillithe agus coinbhleachtaí leasa i ngníomhaíochtaí an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme a áirithiú.

c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú de réir na gceanglas a leagtar amach sa Chomhaontú Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana) sula ngealltar oibríocht a mhaoiniú.

d. An oibleagáid seiceálacha ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean seiceálacha inmheánacha INVEGA. Fíorófar leis na seiceálacha sin i) go bhfuil na córais rialaithe in INVEGA éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cistiúcháin is infheidhme (nó leasú ar Chomhaontú maidir le Ciste Cistí atá ann cheana) á n-urramú.

5. Ceanglais tuairiscithe maidir le hinfheistíochtaí aeráide le haghaidh na Saoráide.[28]

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

[28] Na tairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha, ceanglófar orthu bonn cirt a sholáthar maidir leis an réimse idirghabhála a roghnaíodh le haghaidh gach tionscadail dá dtugtar tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh. Beidh sé de cheangal ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

H.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht

Níl.	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Teideal	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh Garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thráscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bliain	
204	H.3.1. Tacaíocht infheistíochta do ghléasraí RES (grianfhuinneamh agus gaoth ar tír)	Garsprioc	Comhaontú Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana)	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana)				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cistiúcháin (nó leasú ar Chomhaontú Ciste Cistí atá ann cheana).
205	H.3.1. Tacaíocht infheistíochta do ghléasraí RES (grianfhuinneamh agus gaoth ar tír)	Garsprioc	Foilsiú an ghlao ar iarratais ag an Institiúid Náisiúnta um Chur Chun Cinn	Glao a fhoilsiú				R3	2024	Seolfaidh INVEGA glao ar eintitis phríobháideacha (lena n-áirítear eintitis phoiblí atá in iomaíocht sa ghlao céanna) chun iarratais ar iasachtaí a chur isteach i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
206	H.3.1. Tacaíocht infheistíochta do ghléasraí RES (grianfhuinneamh agus gaoth ar tír)	Sprioc	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh		%	0%	20%	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag INVEGA le tairbhithe deiridh don mhéid is gá chun 20 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
207	H.3.1. Tacaíocht infheistíochta do ghléasraí RES (grianfhuinneamh agus gaoth ar tír)	Sprioc	Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh		%	20%	100%	R2	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag INVEGA le tairbhithe deiridh don mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
208	H.3.1. Tacaíocht infheistíochta do ghléasraí RES (grianfhuinneamh agus gaoth ar tír)	Garsprioc	Aistrithe infheistíochta RRF le haghaidh na Saoráide a thabhairt i gcrích	Deimhniú nó cruthúnas coibhéiseach eile ar aistriú				R2	2026	Aistreoidh an Liotuáin EUR 549 130 737 chuig INVEGA le haghaidh na Saoráide.

2. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é EUR 3 849 237 823 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine.

ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

1. Ranníocaíocht airgeadais

Eagrófar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) ar an mbealach seo a leanas:

1.1. An chéad tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
21	B.1.1 Leictreachas níos inbhuanaithe a tháirgtear sa tír	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun sásraí institiúideacha agus dlíthiúla a fheabhsú chun táirgeadh, tarchur agus tomhaltas leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn
28	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm creata reachtaigh lena mbunaítear nós imeachta chun ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh agus cosanta comhshaoil a chinneadh maidir le feithiclí iompair de bhóthar a cheannach agus le haghaidh cásanna ina bhfuil siad éigeantach
29	B.1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú	Garsprioc	Bunaítear an Ciste um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe lena maoineofar forbairt breoslaí malartacha agus bonneagar feithiclí agus tá sé oibríochtúil
37	B. 1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú - B.1.2.3. Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm córais faisnéise le haghaidh pointí athluchtaithe poiblí agus leathphoiblí d'fheithiclí leictreacha
43	B. 1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú - B.1.2.3. Suiteáil bonneagair luchtaithe feithicle/líonra breosla mhalartaigh	Garsprioc	Glacadh an phlean gníomhaíochta chun an líonra bonneagair luchtaithe leictrigh a chomhtháthú

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
44	B. 1.2 Ag gluaiseacht gan an comhshaol a thruailliú - B.1.2.4. Tacaíocht chun táirgeadh áitiúil breoslaí RES a mhéadú (gás bithmheatáin, bithbhreoslaí leachtacha den dara glúin le haghaidh iompair, agus hidrigin ghlas)	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm córais TF d'aonaid chuntasaíochta breosla iompair in-athnuaite
70	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm lárionaid inniúlachta le haghaidh sonraí oscailte agus claochlú digiteach
83	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.1. Treochlár 5G	Garsprioc	Radaimhinicíochtaí sannta chun líonraí 5G a imscaradh
84	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.1. Treochlár 5G	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar na dlíthe ábhartha lena gcumasaítear an bonneagar cumarsáide leictreonaí a shuiteáil níos tapúla
89	C.1.5 Céim i dtreo 5G - C.1.5.3. Nuálaíocht sa tsoghluaisteacht	Garsprioc	Údarás inniúil a ainmniú chun bearta nuálaíochta iompair a riar
91	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.1: Cáilíocht an oideachais a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le modheolaíocht an nós imeachta le haghaidh meastóireacht sheachtrach ar cháilíocht gníomhaíochtaí institiúidí oideachais a chuireann cláir oideachais scoile chun feidhme
93	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.2. An líonra scoile a atheagrú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Rialacha maidir le líonra scoileanna a bhunú a sheolann cláir oideachais fhoirmiúla
94	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.2. An líonra scoile a atheagrú	Garsprioc	Pleananna chun líonra na scoileanna oideachais ghinearálta a chlaochlú arna n-ullmhú agus arna gceadú ag bardais i gcomhréir leis na rialacha nuacheadaithe chun líonra na scoileanna a chuireann cláir oideachais fhoirmiúil i bhfeidhm a fhorbairt
95	D.1.1.Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.3: Clár Scoil na Mílaoise	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an gClár um Dhul Chun Cinn Scoile na Mílaoise
105	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.7: Oideachas agus cúram na luath-óige a fheabhsú	Garsprioc	Staidéar ar a indéanta atá sé bonneagar oideachais luath-óige a fhorbairt i mbardais

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
110	D.1.3. Córas gairmthreorach chun cothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar agus an t-éileamh ar an margadh saothair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Rúin ón Rialtas maidir leis na nósanna imeachta lena rialaítear an córas Gairmthreorach (gairmthreoir)
112	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.1 An tArdán Náisiúnta um Dhul Chun Cinn an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le bunú an Ardáin Náisiúnta um Dhul Chun Cinn sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint
116	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.3: Printíseacht agus foghlaim obairbhunaithe	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena mbunaítear scéim tacaíochta printíseachta agus foghlama obairbhunaithe
126	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.4. T&F córasach a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais agus anailís taighde	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí lena mbunaítear an ghníomhaireacht cur chun feidhme um beartas eolaíochta
127	E.1.2. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, éileamh méadaithe ar nuálaíocht, éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise - E.1.2.1. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach trí ghníomhaireacht aonair um chur chun cinn na nuálaíochta a chruthú agus trí líonra na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rúin ón Rialtas lena gcruthaítear an Ghníomhaireacht Nuálaíochta agus lena n-aistrítear feidhmeanna cur chun cinn nuálaíochta ó ghníomhaireachtaí eile

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
128	E.1.2 Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, éileamh méadaithe ar nuálaíocht, éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise - E.1.2.1. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach trí ghníomhaireacht aonair um chur chun cinn na nuálaíochta a chruthú agus trí líonra na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta athbhreithnithe maidir le gníomhaíochtaí nuálacha
132	E.1.3. Misin chomhpháirteacha don eolaíocht agus don nuálaíocht sa speisialtóireacht chliste - E.1.3.1. Tosaíochtaí speisialtóireachta cliste a shainiú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm choincheap athbhreithnithe na speisialtóireachta cliste
142	F.1.2. Córas cánach atá níos cothroime agus níos fabhraí don fhás. - F.1.2.1. Deireadh a chur le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta atá neamhéifeachtúil, nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh nó nach gcomhlíonann an Comhaontú Glas	Garsprioc	Cur i gcrích na dtograí a rinneadh ar bhonn mionanailíse chun díolúintí cánach agus córais chánach speisialta a tharraingt siar chuig an bParlaimint
144	F. 1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.2. Fobheart 2: An bonn cánach a leathnú tuilleadh chuig foinsí nach gcuireann isteach ar an bhfás eacnamaíoch	Garsprioc	Cur i gcrích na dtograí chun cánacha comhshaoil agus cánachas ar fhoinsí eile a leathnú ar lú an dochar a dhéanann siad don fhás eacnamaíoch ar bhonn mionanailíse a cuireadh faoi bhráid na parlaiminte
146	F.1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.3. Measúnú ar éifeachtacht na ranníocaíochtaí cánach agus árachais shóisialta chun an bhochtaineacht a chosc agus an neamhionannas ioncaim a laghdú	Garsprioc	Cur i gcrích an staidéir ar éifeachtacht chánachas ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta chun bochtaineacht agus neamhionannas ioncaim a laghdú
152	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.4. Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Rialacha maidir le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a Ullmhú agus a Chur Chun Feidhme

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
155	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.1. Níos mó trédhearcachta i dtrádáil feithiclí caite	Garsprioc	Faigheann Cigireacht Cánach agus Custaim an Stáit sonraí maidir le húinéirí feithiclí ó chóras cuntasaíochta úinéirí na feithicle
168	F.1.6. Riarachán cánachcliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.3. Róbatú próiseas gnó ag Cigireacht Cánach an Stáit	Garsprioc	Uathoibriú dhá phróiseas gnó arna ndéanamh ag an gCigireacht Cánach Stáit a chur i gcrích
179	F.1.9. Córas Stórais um Iniúchóireacht agus Rialuithe	Garsprioc	Córas Stórais um Iniúchóireacht agus Rialuithe: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF
182	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.2. Bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena dtugtar isteach sochar breise do dhaoine aonair faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta
185	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe – G.1.1.3. Creidiúnú cúraim shóisialta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le ceanglais chun cúram sóisialta creidiúnaithe a sholáthar
186	G.1.2. Tacaíocht fostaíochta dírithe ar chustaiméirí – G.1.2.1. Próisis oibriúcháin na seirbhíse fostaíochta a bharrfheabhsú agus a fheabhsú, ag cinntiú go ndírítear go córasach ar chustaiméirí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena rialaítear próisis oibríochtúla na Seirbhíse Fostaíochta
188	G.1.2. Tacaíocht fostaíochta dírithe ar chustaiméirí – G.1.2.2. Raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta a mhéadú, rannchuidiú le spriocanna an chlaochlaithe dhigitigh agus ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena rialaítear an scéim tacaíochta fostaíochta chun treoirbhearta a chur chun feidhme (Fiontraíocht agus tacaíocht don fhoghlaim a chur chun cinn lena soláthraítear cáilíochtaí agus inniúlachtaí breisluacha arda, agus béim á leagan ar an aistriú digiteach agus glas)
		Méid Tráthchoda	EUR 649 543 707

1.2. An dara tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
1	A.1.1. Feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí agus nuálaíocht a chur chun cinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí leasaithe maidir le hInstitiúidí Cúraim Sláinte agus an Dlí maidir le Córas Sláinte Phoblacht na Liotuáine agus an

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	A.1.1.1. Creat reachtach lena rialaítear eagrú, bainistiú agus soláthar seirbhísí otharchairr		reachtaíocht ghaolmhar
2	A.1.1. Feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí agus nuálaíocht a chur chun cinn A.1.1.2. Córas sláinte digiteach a fhorbairt lena n-éascaítear úsáid thánaisteach sonraí sláinte	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena rialaítear úsáid thánaisteach sonraí sláinte
3	A.1.1. Feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí agus nuálaíocht a chur chun cinn A.1.1.3. Plean Gníomhaíochta maidir le Forbairt Leigheas Teaghlaigh 2016-2025	Garsprioc	Glacadh an Phlean Gníomhaíochta nuashonraithe maidir le Forbairt an Leighis Teaghlaigh do 2016-2025
27	B.1.1 Leictreachas níos inbhuanaithe arna tháirgeadh sa tír - B.1.1.3 Bonneagar stórála leictreachais eile a shuiteáil	Sprioc	Toilleadh suiteáilte na saoráidí nua stórála leictreachais (MW)
50	B.1.3 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe – B.1.3.2. Uirlisí chun comhordú athchóirithe foirgneamh agus cúnamh teicniúil a éascú	Garsprioc	Bunaítear an Lárionad Inniúlachta um Athchóiriú Foirgneamh agus tá sé oibríochtúil
57	B.1.4 Acmhainneacht ionsúcháin GCT a mhéadú	Garsprioc	Tháinig reachtaíocht, lena rialaítear athchóiriú bogach (tailte portaigh) agus cosaint bhreise agus úsáid inbhuanaithe na mbogach sin, i bhfeidhm
60a	C.1.1a Athrú ar rialachas teicneolaíochta faisnéise poiblí – Cibearshlándáil stáit a fhorbairt	Garsprioc	Glacadh an Chláir Forbartha Cibearshlándála.
64	C.1.2 Éifeachtacht na bainistíochta sonraí agus na sonraí oscailte a áirithiú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le próiseáil éifeachtúil sonraí.
68	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rialacháin leasaithe maidir le faisnéis a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas
69	C.1.3 Seirbhísí dírithe ar chustaiméirí	Garsprioc	Foilsiú an ghlao ar thairiscintí le haghaidh réitigh agus uirlisí nuálacha

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
			chun deiseanna cumarsáide níos fearr a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas
76	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.2. Digitiú agus inrochtaineacht acmhainní cultúrtha	Sprioc	Conarthaí sínithe le húinéirí na n-acmhainní cultúrtha digiteacha agus digitithe chun na hacmhainní a oscailt agus curtha ar fáil d'úsáideoirí
80	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.4. Ionstraimí airgeadais le haghaidh cruthú gnó agus nuálaíocht dhigiteach	Garsprioc	Foilsiú an ghlao ar thairiscintí agus formheas na dtéarmaí maoinithe chun réitigh theicneolaíocha nuálacha a fhorbairt agus a úsáid i ngnó
92	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.1: Cáilíocht an oideachais a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na gclár athbhreithnithe réamh-bhunscoile, bunscoile, meánscoile íochtaraí agus meánscoile (curaclam)
99	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.4: Inniúlachtaí na foirne oideolaíochta a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena leagtar síos ceanglais chun cláir forbartha cáilíochtaí náisiúnta a ullmhú agus a chur chun feidhme le haghaidh baill foirne oideolaíochta.
106	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.7: Oideachas agus cúram na luath-óige a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis na critéir (treoirlínte) don churaclam oideachais réamhscoile
107	D.1.2. Rochtain ar fhorbairt inniúlachtaí agus aitheantas cáilíochtaí do dhaoine fásta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le hOideachas Aosach lena mbunaítear samhail chomhordaithe le haghaidh córas foghlama ar feadh an tsaoil agus lena leagtar amach na prionsabail maidir le feidhmiú
115	D.1.4. Inniúlachtaí don chlaochlú glas agus digiteach a fuarthas sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint D.1.4.2: Inniúlachtaí a mheasúnú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an dlí maidir leis an nGairmoiliúint in Ionaid Barr Feabhais sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint
129	E.1.2. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, éileamh méadaithe ar nuálaíocht,	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata athnuaite dreasachtaí do ghnólachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i T&F;

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
	éiceachóras nuathionscanta forbartha agus forbairt nuálaíochta glaise - E.1.2.1. Beartas nuálaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach trí ghníomhaireacht aonair um chur chun cinn na nuálaíochta a chruthú agus trí líonra na ngníomhaireachtaí atá ann cheana a bharrfheabhsú		
151	F.1.3. Inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus trédhearcacht an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.3. Struchtúr an ioncaim bhardasaigh a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí maidir le Modheolaíocht an Chinnidh Ioncam Buiséid Bhardasaigh agus foilsiú thorthaí na comparáide córasaí idir táscairí fioscacha bardasacha agus an measúnú ar acmhainneacht bhardasach chun ioncaim a thiomsú
156	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.2. Cánachas cothrom ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar líne	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an cheanglais dhlíthiúil ar oibreoirí ardán ar líne sonraí maidir le hidirbhearta a dhéantar ar ardáin ar líne a bhailiú agus a thuairisciú do na húdaráis chánach
158	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.3. Teorainn a chur le húsáid airgid thirim	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena gcuirtear teorainn le híocaíochtaí in airgead tirim in earnálacha eacnamaíocha rioscúla agus/nó i gcineálacha aonair idirbheart
180	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.1. Staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht	Garsprioc	Staidéar ar leordhóthanacht na scéime ioncaim íosta a thabhairt chun críche
184	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.2. Bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le hathruithe ar an sásra innéacsaithe pinsean
201	H.1.3. An acmhainneacht ghiniúna ó RES a mhéadú H.1.3.1. Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí RES agus staidéar samhaltaithe chóras fuinnimh na Liotuáine a ullmhú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta d'fhorbróirí RES
		Méid Tráthchoda	EUR 221 820 028

1.3. An tríú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
4	A.1.1. Feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí agus nuálaíocht a chur chun cinn A.1.1.4. Bunsamhail seachadta seirbhíse sláinte poiblí a bhunú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm bunsamhla de sholáthar seirbhíse sláinte poiblí lena mbunaítear coinníollacha comhionanna chun seirbhísí riachtanacha ardcháilíochta a fháil do spriocghrúpaí sa tsochaí, go háirithe grúpaí leochaileacha agus grúpaí atá eisiata go sóisialta
5	A.1.1. Feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí agus nuálaíocht a chur chun cinn A.1.1.5. Dálaí oibre agus cáilíochtaí gairmiúla gairmithe sláinte a fheabhsú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le dálaí oibre agus cáilíochtaí gairmiúla gairmithe sláinte a fheabhsú
6	A.1.1. Feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí agus nuálaíocht a chur chun cinn A.1.1.6. Líonra d'institiúidí cúraim sláinte phearsanta a bhunú bunaithe ar shamhail an chomhair réigiúnaigh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le líonra institiúidí cúraim sláinte phearsanta a bhunú agus a rialáil bunaithe ar shamhail na n-ionad barr feabhais agus an chomhair réigiúnaigh
18	A.1.3. Feabhas sistéamach a chur ar athléimneacht an chórais sláinte chun oibriú i gcásanna éigeandála A.1.3.1. Plean gníomhaíochta lena bhfeabhsaítear an comhar idir institiúidí cúraim sláinte agus nuachóiriú an bhonneagair le haghaidh cásanna éigeandála	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm plean gníomhaíochta maidir le feabhas a chur ar an gcomhar idir institiúidí cúraim sláinte agus nuachóiriú a dhéanamh ar bhonneagar le haghaidh cásanna éigeandála
48	B.1.3 Dlús a chur le hathchóiriú foirgneamh agus le timpeallacht uirbeach inbhuanaithe – B.1.3.1. Pacáistí agus caighdeáin athchóirithe foirgneamh a thabhairt cothrom le dáta agus a thástáil i gcleachtas agus modheolaíocht a chruthú chun cathracha inbhuanaithe a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha reachtacha seo a leanas: Plean Cur Chun Feidhme na Straitéise Fadtéarmaí um Athchóiriú Foirgníochta, b) Leasú ar an Rialachán Teicniúil Foirgníochta "Dearadh agus Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh Foirgneamh", arna fhormheas le 2016-11-11 Ordú Uimh. D1-754 ón Aire Comhshaoil Treoirlínte d'Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe faofa ag Ordú an Aire Comhshaoil

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
			d) Leasú ar an Rialachán Teicniúil Foirgníochta CTR 2.05.07:2005 "Dearadh Struchtúr Adhmaid", arna cheadú le 2005-02-10 Ordú Uimh. D1-79 ón Aire Comhshaoil
58	B.1.5 I dtreo geilleagar ciorclach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an aistriú chuig an nGeilleagar Ciorclach
108	D 1.2. Rochtain ar fhorbairt inniúlachtaí agus aitheantas cáilíochtaí do dhaoine fásta	Garsprioc	Teacht i seirbhís an chórais faisnéise ionaid ilfhreastail don fhoghlaim ar feadh an tsaoil
121	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.1. Feabhas a chur ar chistiú ardoideachais agus ar chórais iontrála mac léinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlíthiúla lena mbunaítear córas conarthaí le hinstitiúidí ardoideachais
122	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.1. Maoiniú ardoideachais agus córais iontrála mac léinn a fheabhsú - E.1.1.2. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an líonra ardoideachais trí mhisin ollscoileanna agus coláistí a bheachtú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí leasaithe maidir le Taighde agus Staidéar, lena n-athraítear an córas maidir le maoiniú agus clárú san ardoideachas
143	F.1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.1. Deireadh a chur le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta atá neamhéifeachtúil, nach léiríonn tosaíochtaí stáit a thuilleadh nó nach gcomhlíonann an Comhaontú Glas	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar reachtaíocht chánach lena gcuirtear deireadh le díolúintí cánach agus córais chánach speisialta
145	F. 1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.2. Fobheart 2: An bonn cánach a leathnú tuilleadh chuig foinsí nach gcuireann isteach ar an bhfás eacnamaíoch	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an reachtaíocht maidir le dleachtanna máil, cánacha comhshaoil agus cánacha maoine

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
147	F.1.2. Córas cánach níos cothroime agus níos fabhraí don fhás - F.1.2.3. Measúnú ar éifeachtacht na ranníocaíochtaí cánach agus árachais shóisialta chun an bhochtaineacht a chosc agus an neamhionannas ioncaim a laghdú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar reachtaíocht maidir le cánachas ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta
153	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.4. Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an phacáiste reachtaigh lena mbunaítear creat feabhsaithe chun comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí straitéiseacha agus fadtéarmacha a úsáid
154	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.5. Comhdhlúthú na n-institiúidí náisiúnta forbartha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rúin rialtais lena gcuirtear deireadh le stádas institiúide forbartha náisiúnta i gcás trí institiúid agus lena bhfágtar d'institiúid amháin é
177	F.1.8. Ionad ilfhreastail chun fíneálacha a íoc	Garsprioc	Glacadh leasuithe ar ghníomhartha dlí lena gceadaítear don Chigireacht Cánach Stáit formhór na bhfíneálacha agus na smachtbhannaí eacnamaíocha a riar
183	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.2. Bearta breise chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na sochar sóisialta a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí maidir le hÁrachas Sóisialta Dífhostaíochta lena méadaítear cumhdach an chórais slándála sóisialta dífhostaíochta
		Méid Tráthchoda	EUR 477 534 313

1.4. An ceathrú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
15	A.1.2. Athchóiriú ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh A.1.2.1. Glacadh na samhla cúraim fhadtéarmaigh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena rialaítear cur chun feidhme na samhla cúraim fhadtéarmaigh
67	C.1.2 Éifeachtacht na bainistíochta sonraí agus na sonraí oscailte a áirithiú	Sprioc	Teacht i bhfeidhm na huirlise malartaithe sonraí

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
79	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.3. Ábhar agus acmhainní oideachais dhigitigh a tháirgeadh	Sprioc	Teacht i bhfeidhm saoráidí foghlama digití
81	C.1.4 Réamhriachtanais le haghaidh réitigh theicneolaíocha nuálacha sa ghnó agus sa saol laethúil - C.1.4.4. Ionstraimí airgeadais le haghaidh cruthú gnó agus nuálaíocht dhigiteach	Sprioc	Teacht i bhfeidhm conarthaí le haghaidh dreasachtaí airgeadais do chruthú gnó agus don nuálaíocht dhigiteach
103	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.6: Claochlú an Oideachais Dhigitigh	Sprioc	Líon na múinteoirí ardoideachais a chríochnaigh an cúrsa chun feabhas a chur ar na hinniúlachtaí digiteacha
104	D.1.1. Oideachas ginearálta nua-aimseartha – Cúlra na n-inniúlachtaí bunúsacha D.1.1.6: Claochlú an Oideachais Dhigitigh	Sprioc	Líon na múinteoirí a cháiligh mar mhúinteoir TF agus a fuair céim mháistreachta in TF
124	E.1.1. Institiúidí ardoideachais ar ardchaighdeán agus institiúidí ardoideachais láidre - E.1.1.3. Iomaíochas idirnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais a neartú	Sprioc	Líon na dtionscadal idirnáisiúnaithe a chuir institiúidí ardoideachais i gcrích
139	F.1.1. Earnáil phoiblí éifeachtúil - F.1.1.2 Córas oiliúna láraithe a bhunú chun inniúlachtaí san earnáil phoiblí a fhorbairt	Garsprioc	Treoirlínte straitéiseacha agus modúil oiliúna
148	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.1. Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na modheolaíochta buiséadaithe meántéarmaí, modheolaíocht ríofa na mbunchostas agus leasuithe ar an Dlí maidir le Struchtúr an Bhuiséid a bhaineann le hathbhreithniú ar bhuiséad an stáit.
149	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.1. Feabhsuithe ar an gcreat buiséadach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an rúin rialtais lena bhformhuinítear an chéad tionscadal buiséid meántéarmach mionsonraithe don tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2027
150	F.1.3. Inbhuanaitheacht agus trédhearcacht fhadtéarmach an bhuiséid náisiúnta - F.1.3.2. Athbhreithnithe caiteachais	Garsprioc	An t-athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas an bhuiséid a chur i gcrích

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
157	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.2. Cánachas cothrom ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar líne	Garsprioc	Faigheann an Chigireacht Cánach Stáit sonraí mionsonraithe maidir le hidirbhearta a fhorghníomhaítear ar ardáin ar líne
159	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.4. Cáiníocóirí na todhchaí a léamh ó thaobh airgeadais de	Sprioc	Líon na ndaltaí ón gcéad ghrád go dtí an dóú grád déag a fuair cárta leictreonach dalta ag a raibh feidhm íocaíochta.
160	F.1.4. Comhlíonadh cánach a fheabhsú - F.1.4.4. Cáiníocóirí na todhchaí a léamh ó thaobh airgeadais de	Sprioc	Líon na scoileanna (bunscoileanna, meánscoileanna, próignisiamaí, giomnáisiamaí) a bhfuil bonneagar íocaíochta neamhairgid nuabhunaithe nó uasghrádaithe acu
169	F.1.6. Riarachán cánach cliste chun an bhearna CBL a laghdú níos tapúla - F.1.6.4. Digitiú na stampaí cánach	Garsprioc	An treoirthionscadal maidir le réitigh dhigiteacha a chur in ionad stampaí cánach fisiciúla le haghaidh deochanna alcólacha a thabhairt i gcrích
181	G.1.1. Cosaint ioncaim íosta ráthaithe - G.1.1.1. Staidéar ar an scéim ioncaim íosta agus athruithe gaolmhara ar an reachtaíocht	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar na dlíthe ábhartha lena rialaítear cosaint ioncaim íosta
		Méid Tráthchoda	EUR 174 638 025

1.5. An cúigiú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir Sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc / Sprioc	Ainm
